# Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
# Ollscoil na hÉireann, Corcaigh

**Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite agus Ollscoile**

**An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2023**

**CLÁR ÁBHAR**


| | Leathanach |
|---|---|
| TUARASCÁIL AN SPARÁNAÍ/AN PHRÍOMHOIFIGIGH AIRGEADAIS AGUS OIBRIÚCHÁIN | 2 – 6 |
| RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS CEANNAIS | 7 |
| TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA | 8 – 10 |
| RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH | 11 – 21 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM CUIMSITHEACH | 22 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE AGUS OLLSCOILE AR ATHRUITHE I gCÚLCHISTÍ | 23 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE AGUS OLLSCOILE AR STAID AIRGEADAIS | 24 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREABHADH AIRGID | 25 |
| NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS | 26 – 53 |
| TUILLEADH FAISNÉISE AIRGEADAIS | 54 - 58 |

## TUARASCÁIL AN SPARÁNAÍ/AN PHRÍOMHOIFIGIGH AIRGEADAIS AGUS OIBRIÚCHÁIN

**Leagan Amach na gCuntas - Nóta Míniúcháin**
Tá áthas orm Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, mar a cheadaigh an tÚdarás Ceannais iad an 12 Márta 2024, a chur i láthair. Ullmhaítear Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) agus an Ráitis ar Chleachtas Molta ("SORP") - Cuntasaíocht d'Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais (2019) arna eisiúint ag an Higher Education/Further Education (FE/HE) SORP Board sa Ríocht Aontaithe, rud ar ghlac earnáil Ollscoileanna na hÉireann go deonach é. Sa chomhthéacs sin, rinne an Ollscoil athbhreithniú ar a beartais chuntasaíochta agus rinne sí breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama chun a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir ar airgeadas na hOllscoile amhail an 30 Meán Fómhair 2023. Áirítear leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite gníomhaíochtaí na hOllscoile agus gníomhaíochtaí a foghnóthas uile, mar atá leagtha amach i Nóta 17 leis na ráitis airgeadais.

<u>**Athbhreithniú ar an mBliain Airgeadais**</u>

- Bliain dhúshlánach do UCC ó thaobh an airgeadais de ba ea an bhliain 2023. Thaifead grúpa UCC easnamh €8.571m sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2023. Ba iad na tionchair a bhí acu seo a leanas na príomhchúiseanna leis an easnamh:

  - Boilsciú a bhí taobh thiar de mhéadú i ngach costas oibriúcháin os cionn gach ceannteidil costais, beagnach (féach nóta 11).

  - Méadú níos moille i bhfás Táillí (ag 1%) i gcomórtas le méadú buiséadaithe 3% in ioncam táillí.

  - An tionchar atá ag an timpeallacht ráta úis mhéadaithigh a tháinig chun cinn mar chuid d'iarrachtaí an Bhainc Ceannais Eorpaigh an boilsciú réamhluaite sa Limistéar Euro a laghdú.

  - Na costais a bhaineann le haisiriú pá leanúnach san earnáil phoiblí, agus méadú beag sa líon foirne laistigh den ghrúpa.

  - An tionchar a bhí ag láithreacht fhisiciúil laghdaithe ball foirne agus mac léinn ar ghníomhaíochtaí tráchtála ar an gcampas, rud a d'eascair as tionchair fhadtéarmacha phaindéim COVID-19 a bheith ag teacht chun cinn ar an nglacadh le tairiscintí oideachais áirithe, toisc gur tháinig an chianobair agus an fhoghlaim ar líne ina gcuid den eispéireas foirne agus mac léinn.

  - An mhoill ar ioncam cúitimh réamh-mheasta a fháil. Réamh-mheasadh go bhfaighfí é sa bhliain 2023 ach meastar anois go bhfaighfear é sa bhliain 2024.

  - Rannchuidigh fochuideachtaí an ghrúpa go dearfach leis an toradh foriomlán grúpa, cé go raibh an rannchuidiú sin níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis.

- D'fhorbair an Ollscoil plean cuimsitheach freagartha chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh a tháinig chun cinn sa bhliain 2023, agus tá sí ag cur an phlean sin chun feidhme faoi láthair. Tá sé mar chuspóir leis an bplean freagartha filleadh ar staid bharrachais don bhliain airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 agus UCC a chumasú chun bheith inbhuanaithe ó thaobh an airgeadais de ar bhonn bunúsach ina dhiaidh sin. Tá ceithre cholún i gceist leis an bplean freagartha. Is iad sin: clár chun costais oibriúcháin neamh-phárolla a laghdú; an fás i gcostais a bhaineann le párolla a bhainistiú; táillí acadúla agus ioncam oibriúcháin eile a mhéadú; agus cur leis an méid a ranníocann a fhochuideachtaí leis na torthaí foriomlána grúpa.

- Chruthaigh tionchar leanúnach phaindéim COVID-19 agus teacht chun cinn an bhoilscithe sa chostas maireachtála dúshláin airgeadais i ngach réimse de ghníomhaíochtaí na hOllscoile. Cé gur tabhaíodh easnamh grúpa foriomlán ab ionann agus €8.571m, taifeadadh easnamh €11.907m i ráitis airgeadais eintiteas na hOllscoile sa bhliain 2023. Léirítear san easnamh oibriúcháin na dúshláin chistiúcháin shistéamacha leanúnacha atá ann ar fud na hearnála institiúidí ardoideachais.

- Taifeadadh i gCiste Iontaobhais na hOllscoile caillteanas infheistíochta €618k sa bhliain dar críoch 2023 (2022 - caillteanas infheistíochta €170k). Ní ionann na gnóthachain/na caillteanais sin gach bliain agus is léiriú iad ar an timpeallacht eacnamaíoch dhomhanda sheachtrach.

- Rinne UCC a bhonn mac léinn AE agus neamh-AE araon a chothabháil, agus 24,386 mhac léinn ann (2022: 24,248 mac léinn).

- Fuair an Ollscoil roinnt ioncaim bhreise ón Údarás um Ard-Oideachas i dtreo aisiriú an phá earnála poiblí a chistiú, ar aon dul leis an gcomhaontú pá dar teideal 'Ag Dul Ó Neart go Neart'.

- Lean an taighde ar aghaidh ag feidhmiú go maith sa bhliain dar críoch 2023. Bhí méadú 16.7% ann in ioncam taighde i gcomparáid leis an mbliain 2022, rud a d'fhág gurbh ionann an t-ioncam taighde iomlán agus €119.1m sa bhliain 2023. Tháinig laghdú beag ar ár spleáchas ar Chistiú Státchiste, agus é cothrom le 69% den ioncam taighde iomlán a tuilleadh sa tréimhse, i gcomparáid le 72% sa bhliain roimhe. Tháinig méadú ar an ngníomhaíocht taighde sna hIonaid/Institiúidí Taighde, agus tháinig méadú ar ioncam ó thionscadail AE, a bhuí leis an rath maidir le dámhachtainí nua a fháil ón gComhairle Eorpach um Thaighde.

## TUARASCÁIL AN SPARÁNAÍ/AN PHRÍOMHOIFIGIGH AIRGEADAIS AGUS OIBRIÚCHÁIN – ar lean

**Athbhreithniú ar an mBliain Airgeadais – ar lean**

- Cheiliúir UCC an 12ú bliain inar fheidhmigh sé mar champas glas trí chríochnú sa chéad deich n-áit ar Rangú Méadrach Glas Universitas Indonesia. Rangaíodh é sa 7ú háit ar domhan ó thaobh na hinbhuanaitheachta de agus dhaingnigh sé a áit sa chéad 1% sna ranguithe domhanda ollscoile. Tomhaistear le Ranguithe Méadracha Glasa Universitas Indonesia inbhuanaitheacht i measc 1,050 institiúid i níos mó ná 85 thír. Fuarthas an scéala sin i gcomhthráth leis an obair a bhí ar bun ag UCC cur chun feidhme a dhéanamh ar an uaillmhian atá againn a éirí inár gcampas atá saor ó phlaistigh aonúsáide ón 1 Eanáir 2023, ar uaillmhian í a bhí faoi stiúir na mac léinn. A bhuí leis an tionscnamh sin, coigleofar níos mó ná 140,000 ceann de bhuidéil phlaisteacha agus níos mó ná 370,000 ceann de chupáin indiúscartha chaife gach bliain.

- Tá na torthaí achoimre don bhliain 2022/2023 leagtha amach i dTábla 1 thíos, ina gcuirtear na torthaí i gcomparáid le blianta roimhe agus le treochtaí a bhí ann i gcaitheamh na dtrí bliana seo a chuaigh thart. Thuairiscigh an Ollscoil easnamh €8.571m sa bhliain 2022/23, i gcomparáid le barrachas €734k sa bhliain 2021/22 agus le barrachas €8.24m sa bhliain 2020/21. B'ionann tuilleamh roimh ús, cánacha, dímheas agus amúchadh agus €9.1m sa bhliain 2022/23. B'ionann an figiúr sin agus €16.3m sa bhliain 2021/22.

### Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach - Gné chomhdhlúite


| | 30/09/2023 €'000 | 30/09/2022 €'000 | 30/09/2021 €'000 |
|---|---|---|---|
| Deontais stáit | 89,013 | 80,238 | 67,954 |
| Táillí acadúla | 162,413 | 160,282 | 152,924 |
| Deontais agus conarthaí taighde | 119,112 | 102,141 | 95,043 |
| Amúchadh deontas caipitil stáit | 9,461 | 10,202 | 9,044 |
| Ioncam oibriúcháin eile | 51,313 | 50,861 | 43,920 |
| Ioncam úis | 560 | 34 | 5 |
| Ioncam infheistíochta | 535 | 535 | 124 |
| Cistiú iarchurtha le haghaidh pinsean | 43,023 | 44,122 | 59,653 |
| Síntiúis agus dearlaicí | 4,195 | 4,177 | 3,346 |
| Ioncam iomlán | 479,625 | 452,592 | 432,013 |
| Costais foirne agus costais seirbhíse pinsin | 289,377 | 293,850 | 298,563 |
| Speansais oibriúcháin eile | 115,206 | 103,181 | 82,060 |
| Speansas úis pinsin agus speansais úis eile | 60,857 | 33,103 | 26,053 |
| Dímheas | 22,388 | 21,553 | 20,475 |
| Caiteachas iomlán | 487,828 | 451,687 | 427,151 |
| Barrachas/(easnamh) roimh ghnóthachain/caillteanais eile | (8,203) | 905 | 4,862 |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta | - | (1) | 12 |
| Brabús ar dhiúscairt infheistíochtaí | 250 | - | - |
| Gnóthachan/(caillteanas) ar infheistíochtaí | (618) | (170) | 3,370 |
| Barrachas/(easnamh) roimh cháin | **(8,571)** | **734** | **8,244** |

Mhéadaigh ioncam comhdhlúite iomlán don bhliain faoi €27.03m go €479.6m. **Fíor 1.**

Tháinig méadú ar a mhéid atá sruthanna ioncaim ón Státchiste freagrach as ioncam foriomlán, agus méadú 11% ag teacht ar luach na ndeontas Stáit bliain ar bhliain. Léirigh sé sin an méadú sa líon mac léinn, an méadú i bhfáltais deontais agus an cistiú a fuarthas i leith dámhachtainí pá.

**TUARASCÁIL AN SPARÁNAÍ/AN PHRÍOMHOIFIGIGH AIRGEADAIS AGUS OIBRIÚCHÁIN – ar lean**

**Fíor 1 – Ioncam Comhdhlúite Iomlán:**




Agus é cothrom le €162.4m, tháinig méadú €2m ar ioncam ó tháillí acadúla sa bhliain 2022/23. Léirigh sé sin méadú 1% sa líon mac léinn, ó 24,248 nduine sa bhliain 21/22 go 24,386 dhuine sa bhliain 22/23, agus mic léinn neamh-AE freagrach as 11.7% den bhonn iomlán mac léinn. Agus é cothrom le €42.8m, tháinig méadú €3.8m ar ioncam ó mhic léinn idirnáisiúnta i mbliana. Léirigh sé sin an téarnamh leantach sa mhargadh mac léinn idirnáisiúnta. Leanann an Ollscoil le díriú ar an líon mac léinn idirnáisiúnta a mhéadú chun a chinntiú go mbainfidh sí an uaillmhian straitéiseach fhoriomlán idirnáisiúnaithe atá aici agus, ag an am céanna, go nginfidh sí sách acmhainní chun tacú le hinbhuanaitheacht airgeadais fhadtéarmach.

**An Meascán Mac Léinn agus an Líon Mac Léinn**

| | AE | Neamh-AE | Iomlán |
|---|---|---|---|
| 2022/2023 | 88.30% | 11.70% | 24,386 |
| 2021/2022 | 86.28% | 13.72% | 24,248 |
| 2020/2021 | 89.26% | 10.74% | 22,934 |

Den tsuim €162.4m a fuarthas ó ioncam ó tháillí acadúla, d'íoc an tÚdarás um Ard-Oideachas €46.9m thar ceann mic léinn Fochéime ón Aontas Eorpach. Ba laghdú 2% é sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Léiríonn na táillí féinghinte eile arbh fhiú €115.5m iad earcaíocht éagsúil na mac léinn ar fud na hOllscoile.

Is ionann ioncam oibriúcháin eile don bhliain 2023 agus €51.3m, ar aon dul le suim €50.9m i leith na bliana 2022.

Ba as gníomhaíocht taighde d'ioncam €119.1m sa bhliain. Ba mhéadú €17m, nó 17%, é sin ón mbliain 2021/22. Léirítear ann sin an téarnamh ó mheath sa bhliain 2021 de dheasca na paindéime, forchostais agus an meánráta a baineadh amach a bheith níos lú ná coláistí breisoideachais.


**Fíor 2 – Ioncam Taighde.**




**Caiteachas**
B'ionann caiteachas comhdhlúite don bhliain agus €487.8m (2021/22: €451.7m), rud a bhí cothrom le méadú €36m sa bhliain. Tháinig méadú €22.3m ar chostais foirne ar fud ghrúpa cuideachtaí UCC i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2022, agus iad ag ardú go €302.4m. Léirigh sé sin an tionchar a bhí ag dámhachtainí pá náisiúnta agus ag gníomhaíocht earcaíochta. De réir mar a lean an líon mac léinn ar aghaidh ag méadú, bhí méadú comhfhreagrach ann sa líon ball foirne buan agus sa líon ball foirne téarma shocraithe a bhí á bhfostú ag an Ollscoil chun a chinntiú go gcomhlíonfadh an cóimheas ball foirne is mac léinn na híoscheanglais soláthar foirne ar chomhlachtaí creidiúnúcháin ghairmiúil.

## TUARASCÁIL AN SPARÁNAÍ/AN PHRÍOMHOIFIGIGH AIRGEADAIS AGUS OIBRIÚCHÁIN – ar lean

**Fíor 3 – Costais foirne mar chéatadán d'Ioncam Iomlán.**




Agus iad cothrom le €115.2m, bhí speansais oibriúcháin eile €12m níos airde ná an bhliain roimhe. Sa bhliain 2023, chonacthas tionchar an bhoilscithe ar fud gach ceannteidil caiteachais laistigh den ghrúpa. Toisc eile a bhí taobh thiar den mhéadú costais sin ba ea an filleadh iomlán ar ghníomhaíocht ar an gcampas tar éis shrianta sláinte poiblí COVID-19, rud a d'fhág go raibh costais áirithe, amhail costais taistil, costais tomhaltán agus costais chothabhála, cosúil lena raibh siad roimh an bpaindéim. Féach nótaí 10 agus 11 de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite chun miondealú eile a fháil ar Chostais Foirne agus ar Speansais Oibriúcháin Eile.

**Sócmhainní seasta**
B'ionann na breiseanna sócmhainní seasta comhdhlúite sa bhliain 2023 agus €26m agus b'ionann an muirear dímheasa don bhliain agus €21.5m. Ag deireadh na bliana airgeadais 2023, coimisiúnaíodh cóiríocht Nead an Phréacháin do mhic léinn (ar chostas iomlán €34m) agus tá sí i mbun lánfheidhme anois. Tá laghdú comhfhreagrach ann i sócmhainní atá á dtógáil mar gheall ar chur i gcrích thionscadal cóiríochta Nead an Phréacháin do mhic léinn sa bhliain. Sa bhliain 2023, bhí aistriú (€9.1m) ann freisin ó 'Sócmhainní atá á dtógáil' chuig 'Sócmhainní Doláimhsithe' a bhain leis an gCóras Riaracháin Mac Léinn.

**Infheistíochtaí**
Baineann na hinfheistíochtaí leis na hinfheistíochtaí a bhí i seilbh Chiste Iontaobhais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, amhail an 30 Meán Fómhair 2023. Leis an gciste sin, gintear ioncam chun duaiseanna agus scoláireachtaí a chistiú ar fud raon leathan clár. Tháinig méadú €3.96m ar luach an chiste sna cúig bliana seo a chuaigh thart, rud atá cothrom le fás bliantúlaithe 4.1% (2022: 6.7%). Is le luaineacht margaidh agus le dúshláin gheopholaitiúla a bhaineann an meath san fhás bliantúlaithe sa bhliain 2023.

**Suimeanna Infhaighte**
Tháinig méadú €12.26m, nó 29%, ar fhéichiúnaithe ó bhliain go bliain i gcomparáid le figiúr na bliana roimhe. D'eascair an méadú sin as an éagsúlacht, bliain ar bhliain, maidir le cén uair a fuarthas airgead áirithe, lena n-áirítear cistiú a fháil le haghaidh dámhachtainí pá tar éis dheireadh na bliana.

**Infheistíochtaí sócmhainní reatha agus Airgead sa bhanc**
Leanann an Ollscoil le leachtacht láidir a chothabháil. Bhí iarmhéideanna airgid agus infheistíochtaí gearrthéarmacha cothrom le €150.43m ag an 30 Meán Fómhair 2023, rud ar mhéadú €15.79m é ar an bhfigiúr don bhliain 2022. Tá Beartas Cistíochta cuimsitheach i bhfeidhm ag an Ollscoil chun a chinntiú go n-íoslaghdaítear rioscaí Cistíochta.

**Suimeanna Iníoctha – Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin**
Tháinig méadú 27% ar shuimeanna iníoctha a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin, ó €271.1m go €343.4m. Ba é an phríomhchúis leis an méadú sin ná uainiú na n-íocaíochtaí a d'eascair as gníomhaíochtaí áirithe Taighde agus as cistiú le haghaidh dámhachtainí pá a fháil tar éis dheireadh na bliana. Laghdaigh creidiúnaithe trádála go €4.7m, rud ar laghdú ó €5m é ón mbliain 2022. Tháinig an laghdú sin as uainiú na n-íocaíochtaí ó chreidiúnaithe trádála ag deireadh na bliana agus as éifeachtúlachtaí oibriúcháin leanúnacha caipitil oibre i nósanna imeachta próiseála íocaíochtaí an ghrúpa. Tháinig méadú ar iasachtaí gearrthéarmacha bainc go €57.2m, ó €8.7m sa bhliain 2022. Tháinig an méadú sin as cur i láthair cuntasaíochta iasachtaí áirithe Ollscoile sa bhliain 2023. Mar a nochtar i nóta 24, b'amhlaidh, ag dáta an ráitis ar staid airgeadais, a bhí an Ollscoil ag sárú cúnant bainc a bhí ceangailte lena hiasachtaí, ar dá bharr a bhí gnéithe áirithe de phunann iasachtaí an ghrúpa á gcur i láthair mar dhliteanais reatha i 'Suimeanna Iníoctha – Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin'. Tar éis dháta an ráitis ar staid airgeadais, áfach, fuair an Ollscoil tarscaoileadh i leith an chúnaint sin an 4 Márta 2024 agus níl sí ag sárú an chúnaint a thuilleadh amhail dáta cheadú na ráiteas airgeadais seo.

## TUARASCÁIL AN SPARÁNAÍ/AN PHRÍOMHOIFIGIGH AIRGEADAIS AGUS OIBRIÚCHÁIN – ar lean

**Suimeanna Iníoctha – Suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin**
Tháinig laghdú ar an iarmhéid sin ó €379.7m go €347.4m. Ba í an chúis phríomha leis sin ná iasachtaí áirithe de chuid na hOllscoile a chur i láthair mar shuimeanna a bheidh iníoctha laistigh de bhliain amháin. Is leagtha amach i Nóta 24 atá sonraí iomlána faoi na hiasachtaí agus na hiarmhéideanna bainc uile ag an 30 Meán Fómhair 2023.

**Cúlchistí srianta agus neamhshrianta**
Is ionann na cúlchistí srianta agus neamhshrianta ag an 30 Meán Fómhair 2023 agus €235.1m, figiúr atá €8.6m níos ísle ná mar a bhí sé sa bhliain 2022.

**Achoimre agus Ionchas**
Sa bhliain airgeadais 2022/23, b'ann go fóill do na dúshláin sheachtracha a chruthaigh iarmhairtí phaindéim COVID-19 agus an méadú i mboilsciú a d'eascair as eachtraí comhshaoil agus geopholaitiúla. Beag beann ar na dúshláin sin, lean an Ollscoil le samhail ghnó sholúbtha a sholáthar, rud a chuimsigh meascán d'eispéireas acadúil hibrideach agus de theicneolaíochtaí digiteacha ar líne ar dtús. Lean an Ollscoil le haschur láidir taighde a ghiniúint le linn na tréimhse tuairiscithe freisin.

Cé gur tháinig méadú bliain ar bhliain ar an líon mac léinn ar leibhéil Fochéime agus Iarchéime, agus é ag ardú go 24,386 dhuine, agus gur lean ioncam tráchtála ó oibríochtaí coimhdeacha le téarnamh sa bhliain 2023, bhí timpeallacht oibriúcháin dhúshlánach i réim do roinnt comhpháirteanna de ghníomhaíochtaí coimhdeacha go fóill.

Tá an Ollscoil ag coinne leis go leanfaidh an ghéarchéim costas maireachtála agus na dúshláin bhoilscitheacha ghaolmhara le dul i bhfeidhm ar a staid airgeadais sa bhliain 2024 agus sa ghearrthéarma araon. Tá muinín aici, áfach, go dtiocfaidh sí go dearfach as na dúshláin sin, agus sinn ag treisiú lenár mbonneagar agus lenár mbonn acmhainní agus ag brú fás agus rath amach anseo chun cinn. D'fhorbair an Ollscoil plean cuimsitheach freagartha chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh a tháinig chun cinn sa bhliain 2023, agus tá sí ag cur an phlean sin chun feidhme faoi láthair.

Agus infheistíocht san ardoideachas agus i dtaighde á fógairt aige le blianta beaga anuas, bhí an Rialtas ag aithint go bhfuil UCC agus Ollscoileanna eile in Éirinn spleách ar ioncam neamhstáit chun teagasc a fhóirdheonú agus a sholáthar do mhic léinn Éireannacha. Mar sin féin, níor leor é sin chun cur ar a gcumas na seirbhísí sin a sholáthar ar bhealach inbhuanaithe. Sa tsamhail reatha cistiúcháin athfhilltigh, táthar ag déanamh talamh slán de thacaíocht leantach ón státchiste do riachtanais leanúnacha ó thaobh athchóirithe, cothabhála agus acmhainn bonneagair de. Cé gur beart deas é deontais chaipitil dhéabhlóidithe a atabhairt isteach sa bhliain 2020 agus a athnuachan sa bhliain 2021/2022 chun tacú le cothabháil an champais fhisiciúil, beidh atabhairt isteach deontas caipitil ar cheann amháin de na príomhchumasóirí go fóill maidir le freastal ar an éileamh déimeagrafach sa todhchaí. Is amhlaidh sin mar nach ndéanfaidh an leibhéal cistiúcháin athfhilltigh a soláthraíodh do mhic léinn go dtí seo na hiasachtaí a theastaíonn chun infheistíocht i mbonneagar bunriachtanach a chistiú a chothú.

Leanann earnáil Ardoideachais na hÉireann le hathléimneacht a léiriú in aghaidh a lán dúshlán; tá an t-éileamh ard fós, áit arb airde an líon mac léinn san am i láthair ná an líon ag am ar bith riamh. Tá an Ollscoil ag súil le comhoibriú tuilleadh leis an Roinn agus leis an Údarás um Ard-Oideachas trí Chumann Ollscoileanna Éireann chun a chinntiú go leithdháilfear an cistiú geallta a fógraíodh le blianta beaga anuas ar an Oideachas Tríú Leibhéal, á chinntiú ar an mbealach sin go n-imreoidh sí ról ríthábhachtach i dtodhchaí eacnamaíoch na hÉireann.

recent years is allocated to Third Level Education, thereby ensuring it plays a pivotal role in Ireland's economic future.

Rory Condon
Sparánaí/Príomhoifigeach Airgeadais agus Oibriúcháin

Dáta: 12 Márta 2024

## RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS CEANNAIS

Ceanglaítear ar an Údarás Ceannais Acht na nOllscoileanna, 1997, a chomhlíonadh agus gach cuntas cuí agus gnách a choimeád ar an airgead a gheobhaidh sí agus a chaithfidh sí i cibé foirm a cheadóidh an tÚdarás um Ard-Oideachas.

Tá freagracht ar an Údarás Ceannais as a chinntiú go dtugtar sna ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais léargas fírinneach cóir ar staid ghnóthaí na hOllscoile agus ghrúpa na hOllscoile agus barrachas nó easnamh ghrúpa na hOllscoile don tréimhse.

Maidir leis na ráitis airgeadais sin a ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás Ceannais:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Ollscoil ag feidhmiú.

Tá an tÚdarás Ceannais freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád, ina nochtar go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais na hOllscoile agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann a ráitis airgeadais Acht na nOllscoileanna, 1997, agus an Ráiteas ar Chleachtas Molta Cuntasaíochta d'Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais agus go n-ullmhaítear iad de réir FRS 102 - "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais.

Tá an tÚdarás Ceannais freagrach as a chinntiú go ndéantar gnó na hOllscoile ar bhealach cóir agus rialta agus as gach sócmhainn atá faoina rialú oibriúcháin a chosaint agus, ar an ábhar sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Sínithe thar ceann an Údaráis Ceannais

**An tOllamh John O' Halloran**
**Uachtarán**

**Rose McHugh**
**Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca**

Dáta: 12 Márta 2024

**The Irish version of the audit report represents a translation, for information purposes, of the original Auditor's report issued in the English language. In the event that the English version of this report and a translation of it into a language other than English differ, the English version shall prevail.**

**Sa chás go mbeadh difear idir an leagan Béarla den tuarascáil seo agus aistriúchán di chuig teanga eile seachas Béarla, is ag an leagan Béarla a bheidh an forlámhas.**

# *Tuarascáil na n-iniúchóirí neamhspleácha d'Údarás Ceannais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh*

## Tuarascáil ar an iniúchadh ar na ráiteas airgeadais

### Tuairim

Maidir le ráitis airgeadais chomhdhlúite Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus na ráiteas airgeadais Ollscoile (na "ráiteas airgeadais"), is é an tuairim atá againn:

- go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu ar staid ghnóthaí an ghrúpa agus na hOllscoile amhail an 30 Meán Fómhair 2023 agus ar easnaimh an ghrúpa agus na hOllscoile agus ar shreabhadh airgid an ghrúpa don bhliain dar críoch an dáta sin; agus
- gur ullmhaíodh iad go cuí de réir an Chleachtais Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Leis in Éirinn (na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Comhairle Tuairiscithe Airgeadais na Ríochta Aontaithe, lena n-áirítear Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann").

Rinne muid iniúchadh ar na ráitis airgeadais, atá ar áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite agus Ollscoile agus a chuimsíonn na nithe seo a leanas:

- an ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar staid airgeadais amhail an 30 Meán Fómhair 2023;
- an ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar ioncam cuimsitheach don bhliain dar críoch an dáta sin;
- an ráiteas Comhdhlúite ar shreabhadh airgid don bhliain dar críoch an dáta sin;
- an Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar athruithe i gcúlchistí don bhliain dar críoch an dáta sin; agus
- na nótaí leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear cur síos ar na beartais shuntasacha chuntasaíochta.

### Bonn na tuairime

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (Éire). Maidir leis na freagrachtaí atá orainn faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (Éire), tá tuilleadh cur síos déanta orthu sa rannán "Freagrachtaí na n-iniúchóirí as na ráitis airgeadais a iniúchadh" den tuarascáil uainn. Creidimid gur leor agus cuí an fhianaise iniúchóireachta a fuaireamar chun bonn a thabhairt dár dtuairim.

*Neamhspleáchas*

Bhí muid fós neamhspleách ar an ngrúpa de réir na gceanglas eiticiúil a bhaineann lenár n-iniúchadh ar na ráiteas airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil ó Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticiúla eile atá orainn de réir na gceanglas sin.

### Conclúidí maidir le gnóthas leantach

Bunaithe ar an obair a rinneamar, níor shainaithníomar aon éiginnteachtaí ábhartha a bhaineann le heachtraí nó dálaí a d'fhéadfadh, ar bhonn aonair nó ar bhonn comhchoiteann, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an ghrúpa nó na hOllscoile leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Tar éis iniúchadh a dhéanamh are na ráiteas airgeadais, rinne muid an tátal go bhfuil an tÚdarás Ceannais ag baint úsáid as bonn gnóthais leantaigh na cuntaisí go cuí le linn ullmhúcháin na ráiteas airgeadais. Mar sin féin, ós rud é nach féidir gach eachtra nó dáil amach anseo a thuar, ní thugtar sa chonclúid sin aon ráthaíocht maidir le cumas an ghrúpa nó na hOllscoile leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Tá cur síos déanta sna rannáin iomchuí den tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orainn agus ar na freagrachtaí atá ar an Údarás Ceannais maidir le nithe gnóthais leantaigh.

## Tuairisciú ar fhaisnéis eile

Cuimsíonn an fhaisnéis eile an fhaisnéis ar fad atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite agus Ollscoile, seachas na ráitis airgeadais agus ár dtuarascáil iniúchóirí orthu sin. Tá an tÚdarás Ceannais freagrach as an bhfaisnéis eile. Ní chumhdaítear inár dtuairim ar na ráiteas airgeadais an fhaisnéis eile agus, dá réir sin, ní chuirimid aon tuairim iniúchóireachta ná, seachas a mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite sa tuarascáil seo, aon chineál dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá freagracht orainn an fhaisnéis eile atá curtha i láthair a léamh agus, le linn dúinn é sin a dhéanamh, a mheas cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráiteas airgeadais nó leis an eolas a ghnóthaíomar le linn ár n-iniúchta nó cé acu is cosúil nó nach cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha uirthi. Má shainaithnímid aon neamh-chomhsheasmhacht ábhartha dhealraitheach nó aon mhíráiteas ábhartha dealraitheach, ceanglaítear orainn nósanna imeachta a chur i gcrích chun a chinneadh cé acu is ann nó nach ann do mhíráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais nó do mhíráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile. Má thagaimid ar an gconclúid, bunaithe ar an obair a rinne muid, go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orainn an fíoras sin a thuairisciú. Níl aon rud le tuairisciú againn bunaithe ar na freagrachtaí sin.

### *An Cód Rialachais d'Ollscoileanna na hÉireann ("an Cód")*

Faoin gCód Rialachais d'Ollscoileanna na hÉireann, ceanglaítear orainn tuairisciú duit i gcás nach bhfuil an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh, mar atá ar áireamh sa ráiteas ar rialachas agus rialú inmheánach ar leathanaigh 11 go 21, comhsheasmhach leis an bhfaisnéis ar a bhfuilimid eolach bunaithe ar ár n-obair iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú againn i leith na freagrachta sin.

## Freagrachtaí as na ráiteas airgeadais agus as an iniúchadh

### *Freagrachtaí an Údaráis Ceannais as na ráitis airgeadais*

Mar atá mínithe ar bhealach níos mine sa ráiteas ar fhreagrachtaí an údaráis ceannais atá leagtha amach ar leathanach 7, tá an tÚdarás Ceannais freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an chreata is infheidhme agus as a bheith deimhin de go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu.

Tá an tÚdarás Ceannais freagrach freisin as cibé rialú inmheánach a chinnfidh sé a bheith riachtanach a chur i bhfeidhm chun gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Mar gheall gcuir ulmhaí siad na ráiteas airgeadais, tá an tÚdarás Ceannais freagrach as cumas an ghrúpa agus na hOllscoile leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach a mheasúnú, agus é ag nochtadh nithe a bhaineann le gnóthas leantach, de réir mar is cuí, agus ag úsáid bhonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta, ach amháin i gcás go bhfuil sé beartaithe ag an Údarás Ceannais an grúpa nó an Ollscoil a leachtú nó scor d'oibríochtaí nó i gcás nach bhfuil aon rogha réalaíoch eile aige ach déanamh amhlaidh.

### *Freagrachtaí na n-iniúchóirí as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais*

Is iad na cuspóirí atá againn ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchóirí a eisiúint ina gcuirtear ár dtuairim ar áireamh. Cé gur ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ní ráthaíonn sé go mbraithfear míráiteas ábhartha, i ngach cás inarb ann dó, nuair a dhéantar iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (Éire). Is féidir le míráitis teacht chun cinn as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha i gcás gurb amhlaidh, ina n-aonar nó i dteannta míráiteas eile, a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar na cinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais lena mbaineann.

Is é a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an tástáil iniúchóireachta a dhéanaimid ná tacair iomlána idirbheart agus iarmhéideanna áirithe a thástáil, agus teicnící iniúchóireachta sonraí á n-úsáid againn, b'fhéidir. Is é a bhíonn i gceist léi de ghnáth, áfach, ná líon teoranta míreanna a roghnú lena dtástáil, seachas tacair iomlána a thástáil. Féachfaimid go minic le spriocdhíriú ar mhíreanna ar leith lena dtástáil, bunaithe ar a méid nó ar a saintréithe riosca. I gcásanna eile, úsáidfimid sampláil iniúchóireachta chun gur féidir linn teacht ar chonclúid ar an tacar ónar roghnaíodh an sampla.

Tá cur síos breise ar na freagrachtaí atá orainn i leith an iniúchta ar na ráitis airgeadais le fáil ar shuíomh Gréasáin Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann ag:

https://iaasa.ie/wp-content/uploads/2022/10/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf

Tá an cur síos sin mar chuid den tuarascáil iniúchóirí uainn.

*Úsáid na tuarascála seo*

Ba é don Údarás Ceannais, agus don Údarás Ceannais amháin, a ullmhaíodh an tuarascáil seo, lena n-áirítear an tuairim. Níor ullmhaíodh chun aon chríche eile í. Cé go bhfuil and tuairim seo a thabhairt againn, ní ghlacaimid aon fhreagracht, ná ní ghlacaimid le haon fhreagracht, as aon chríoch eile ná d'aon duine eile a léireofar an tuarascáil seo dó/di nó a dtiocfaidh an tuarascáil seo ina s(h)eilbh aige/aici, lena n-áirítear, gan teorainn, faoi aon oibleagáidí conarthacha atá ar an Ollscoil, ach amháin i gcás gur chomhaontaíomar an méid sin go sainráite trí réamhthoiliú a thabhairt i scríbhinn.

PricewaterhouseCoopers,
Cuntasóirí Cairte
Corcaigh
14 Márta 2024

## RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH

### 1. Ráiteas ón Údarás Ceannais i dtaca le Freagracht agus Comhlíonadh

Deimhníonn Údarás Ceannais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC), go bhfuil sé freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an Ollscoil, don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2023, formhór mór na n-oibleagáidí reachtúla is infheidhme maidir leis an Ollscoil agus a leagtar amach sa reachtaíocht lena rialaítear bunú na hOllscoile. Deimhníonn sé freisin gur deimhin leis go bhfuil an Ollscoil ag comhlíonadh na n-oibleagáidí sin agus, a mhéid is fearr is eol dó agus a chreideann sé, go bhfuil sí ag comhlíonadh na n-oibleagáidí sin a leagtar amach in aon reachtaíocht agus cóid iomchuí eile.

### 2. Saincheisteanna Ginearálta Rialachais agus Cuntasachta

Oibríonn an Ollscoil faoi réir creat cuimsitheach reachtach agus reachtúil, lena n-áirítear Acht na nOllscoileanna, 1997, Príomh-Reacht na hOllscoile, sraith Rialachán Údaráis Ceannais lena rialaítear go sonrach seoladh ghnó an Údaráis Ceannais, ceapadh, roghnú agus earcú chuig an Údarás Ceannais agus gach nós imeachta earcaíochta de chuid na hOllscoile. Tá an institiúid ag oibriú faoi láthair faoin g*Cód Rialachais d'Ollscoileanna na hÉireann*, 2019. Tá an cód sin bunaithe ar na prionsabail sa *Chód Cleachtais do Chomhlachtaí Stáit*. An *Cód Cleachtais do Chomhlachtaí Stáit*, arna mhodhnú leis an reachtaíocht iomchuí, le reachtanna iomchuí, le cairteacha iomchuí, le hairteagail iomchuí agus le hionstraimí rialachais iomchuí, tá sé le glacadh ag an institiúid sa bhliain 2024. Ón taobh acadúil de, bainistítear an Ollscoil trí cheithre Choláiste, a bhfuil sraith shonrach Rialacha Coláiste ag gach ceann díobh, a achtaítear i gcomhréir le Príomh-Reacht na hOllscoile. Leis an m*Beartas um Údarás Sínithe agus Ceadú*, tugtar treoir do bhaill foirne agus oifigigh na hOllscoile i dtaca le foinsí cuí ceadaithe agus leis an gcumas chun an Ollscoil a chur i gconarthaí. Athbhreithníodh an *Beartas um Údarás Sínithe agus Ceadú* sa bhliain 2016 agus cheadaigh an tÚdarás Ceannais é i mí Feabhra 2017. Tá an beartas sin le hathbhreithniú agus cuirfear faoi bhráid an Údaráis Ceannais é lena cheadú sa bhliain 2024. Tuairiscíodh an t-easnamh i ndáil leis an mbliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2023 don Údarás um Ard-Oideachas i mí na Nollag 2023 agus pléitear é i dTuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais agus Oibriúcháin (ar leathanaigh 2 go 6). Chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh airgeadais a tháinig chun cinn sa bhliain 2023, tá plean mionsonraithe á fhorbairt ag an Ollscoil chun oibríochtaí a athbhreithniú, chun costais a chuíchóiriú agus chun samhail airgeadais lán-inbhuanaithe a ghlacadh as seo amach. Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus leagtar tuilleadh faisnéise atá mar bhonn agus thaca ag an staid sin amach i nóta 1(c) de na ráitis airgeadais.

### 3. Cód Iompair do Chomhaltaí

Tá Cód Iompair do Chomhaltaí an Údaráis Ceannais i bhfeidhm. Áirítear leis Coistí an Údaráis Ceannais agus cuirtear ar áireamh é sa Rialachán maidir le Gnó an Údaráis Ceannais a Sheoladh. Tugtar aghaidh leis an rialachán sin ar choinbhleachtaí leasa agus ar oibleagáidí faoin reachtaíocht um Eitic in Oifigí Poiblí. Athbhreithníodh an Cód Iompair do Chomhaltaí den Údarás Ceannais i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus déanfar athbhreithniú air gach trí bliana as seo amach. Le linn na bliana atá i gceist, bhí próisis i bhfeidhm ag an institiúid chun dearbhú réasúnach a thabhairt go raibh an cód sin á chomhlíonadh.

### 4. Cód Iompair d'Fhostaithe

Bhí Cód Iompair d'Fhostaithe i bhfeidhm le linn na bliana atá i gceist, rud lenar áiríodh beartais um choinbhleacht leasa agus um eitic in oifigí poiblí. Is leis an gconradh fostaíochta a rialaítear iompar na foirne go príomha. Ceanglaítear ar fhostaithe cloí le raon beartas a chuirtear in iúl mar chuid den chlár ionduchtaithe do bhaill foirne nua. Tá beartais Acmhainní Daonna UCC ar fáil ar shuíomh Gréasáin UCC. Tá nasc Gréasáin leis na beartais sin ar áireamh sa chonradh fostaíochta. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar an gCód Iompair d'Fhostaithe agus cuirfear i gcrích é sa bhliain 2023/2024. Le linn na bliana atá i gceist, bhí próisis i bhfeidhm ag an Institiúid chun dearbhú réasúnach a thabhairt go raibh an Cód Iompair d'Fhostaithe á chomhlíonadh. Treoir maidir lena chinntiú nach ndéanann aon obair sheachtrach a dtugann fostaithe fúithi aon difear do chomhlíonadh na gcroídhualgas conraithe atá orthu, tá sí ar áireamh sa Bheartas um Chomhairleacht Ollscoile 2016.

### 5. Forbairtí Suntasacha ó thaobh Airgeadais de

Taifeadadh easnamh €8.6m i ráitis airgeadais chomhdhlúite UCC don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2023. Taifeadadh easnamh €11.9m i ráitis airgeadais eintiteas na hOllscoile sa tréimhse. Léirítear san easnamh oibriúcháin an tionchar a bhí ag rátaí boilscithe agus úis níos airde agus méadú i mbonn costas oibriúcháin na hOllscoile, rud a dtabharfar aghaidh air agus a leasófar sa bhliain airgeadais reatha. Taifeadadh i gCiste Iontaobhais na hOllscoile caillteanas infheistíochta €0.6m sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2023 (2022: caillteanas €0.2m). Tá an ghluaiseacht i luacháil sócmhainní infheistíochta ag teacht le dálaí eacnamaíocha domhanda. Sa bhliain 2020, dhíol an Ollscoil a scairsheilbh in PrecisionBiotics Group Limited (Alimentary Health Ltd roimhe sin), ar mac-chuideachta í, le Novozymes, ar cuideachta cógaisíochta Dhanmhargach í. Bunaithe ar leibhéal cothromais UCC ag dáta an díola, b'ionann agus €4.2m luach sciar láithreach na hOllscoile den chomaoin tosaigh. Tá féidearthacht ann go dtiocfadh tuilleadh fáltas chun cinn trí chlásal cúitimh, ag brath ar fheidhmíocht shásúil na cuideachta maidir le spriocanna áirithe a chomhlíonadh tar éis fála go dtí an 31 Nollaig 2023. De réir théarmaí an chomhaontaithe díola, beidh fáltais chúitimh dlite i Ráithe 3 den bhliain 2024.

## RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH - ar lean

### 5. Forbairtí Suntasacha ó thaobh Airgeadais de – ar lean

B'ionann an tsuim iomlán a caitheadh ar tháillí comhairleachta seachtraí/comhairleoirí seachtracha sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2023 agus €5.9m. Is ionann an figiúr sin agus 1.24% den ioncam iomlán. Is ionann é sin agus méadú €0.3m (5.3%) i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Le linn na tréimhse tuairiscithe, thabhaigh an Ollscoil costais arbh fhiú €48,000 iad ar ghnólachtaí comhairleachta seachtraí agus imscrúdaitheoirí a conraíodh chun imscrúduithe agus fiosrúcháin a dhéanamh ar nithe inmheánacha. San iomlán, thabhaigh an Ollscoil costais sheachtracha dlí ab ionann agus €1.2m sa bhliain 2023.Sa bhliain 2018, rinne UCC agus Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan áitreabh i bPlás Nano de Nógla i Lár Cathrach Chorcaí ar thailte láithreán Chlochar na Toirbhearta Theas a fháil ar léas i gcomhpháirt. Maidir leis an láithreán sin, a dtugtar Foirgneamh na Stuaice Thiar air, d'fhorbair UCC agus Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan é chun cóiríocht a chur ar fáil do roinnt cláir chomhpháirteacha ailtireachta. Mairfidh an léas tréimhse deich mbliana. Tar éis na tréimhse sin, beidh sé de rogha ag UCC an t-áitreabh a cheannach glan amach faoina úinéireacht aonair. Maoinítear na costais léasa go príomha as ioncam ó tháillí a bhaineann leis na cláir acadúla a sholáthraítear i bhFoirgneamh na Stuaice Thiar. Comhroinntear na costais oibriúcháin don fhoirgneamh le linn théarma an léasa go cothrom idir UCC agus Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan.

### 6. Forbairtí Suntasacha ó thaobh Tráchtála de

Deimhníonn an Ollscoil nár thit amach aon eachtraí a bhí suntasach nó íogair ó thaobh tráchtála de.

### 7. Pá agus Pinsin

Deimhníonn UCC gur comhlíonadh an beartas rialtais um pá le linn na bliana atá i gceist. Deimhníonn UCC gur comhlíonadh an beartas rialtais um pinsin freisin, lena n-áirítear aon chomhaontuithe pinsin atá i bhfeidhm leis an Údarás um Ard-Oideachas, leis an Roinn Oideachais, leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus le haon roinn rialtais eile. Tá díospóireachtaí fós ar siúl leis an Roinn Oideachais i ndáil le ciorclán ón mbliain 2012 do shainchomhairleoirí oideachais a chur in iúl.

Déantar sonraí faoi gach íocaíocht iomarcaíochta a thabhairt don Phríomh-Oifig Staidrimh ar bhonn ráithiúil. I gcás go dtagann cás iomarcaíochta chun cinn, faightear ceadú ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe sula bpróiseáiltear aon íocaíocht ex gratia. Maidir le haon scaoilíocaíochtaí a rinneadh le linn na bliana atá i gceist, rinneadh iad le toiliú na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus bhí siad ag teacht le ceanglais Chiorclán 09/2018: Comhdhlúthú na socruithe le haghaidh téarmaí téarfa a thairiscint sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí. Tá beartas um Chomhairleacht Ollscoile, Stiúrthóireachtaí agus Gníomhaíocht Acadúil Luacha Saothair Eile lasmuigh de Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, i bhfeidhm ag UCC.

Tá obair ar bun chun socruithe pinsin na hOllscoile le haghaidh na 'Scéime Eiseamláirí' a chódú ina n-ionstraim reachtúil. Ag teacht sna sála ar chomhairle dhlíthiúil a fháil, rinneadh an cinneadh scor de "uasteorainn UCC" a chur i bhfeidhm maidir le seirbhís pháirtaimseartha (agus ailíniú leis an gcur chuige i leith uasteorainn a chur le seirbhís pháirtaimseartha arna ghlacadh ag institiúidí eile tríú leibhéal) agus tá obair á déanamh ina leith sin i gcomhar leis an Roinn Oideachais.

### 8. Íocaíochtaí foirceanta/scaoilíocaíochtaí

Ba é €222,000 suim iomlán na n-íocaíochtaí foirceanta/na scaoilíocaíochtaí a rinne an Ollscoil sa tréimhse tuairiscithe, agus luach comhiomlán os cionn €10,000 orthu sa tréimhse tuairiscithe.

### 9. Tuairisciú Airgeadais

Dearbhaíonn an Ollscoil go bhfuil na nósanna imeachta cuí uile le haghaidh tuairisciú airgeadais bliantúil i bhfeidhm agus gur cuireadh iad i gcrích ar aon dul le ceanglais an Chóid Rialachais d'Ollscoileanna na hÉireann, 2019. Deimhníonn an Ollscoil go bhfoilsítear tuarascáil bhliantúil, lena n-áirítear ráitis airgeadais iniúchta, i leith ghníomhaíochtaí comhdhlúite UCC.

### 10. Idirbhearta lasmuigh den Chlár Comhardaithe

Ní raibh aon idirbhearta airgeadais lasmuigh den chlár comhardaithe ann sa bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2023.

### 11. Iontaobhais agus Fondúireachtaí

Is ann d'fhondúireacht amháin atá bunaithe go dleathach, eadhon Fondúireacht Ollscoil Chorcaí, agus tá sí á comhdhlúthú i ráitis airgeadais an ghrúpa ón mbliain 2020 i leith. Maidir le scoláireachtaí agus tiomnachtaí eile don Ollscoil, grúpáiltear iad le chéile chun críocha infheistíochta agus gairtear Ciste Iontaobhais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, díobh i dteannta a chéile, cé nach eintiteas dlíthiúil leithleach é sin. Tá gnóthaí Chiste Iontaobhais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, á gcomhdhlúthú i ráitis airgeadais an ghrúpa ón mbliain 2016 i leith agus táthar á gcur i láthair i ráitis airgeadais eintiteas UCC ón mbliain 2021 i leith.

## RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH - ar lean

**12. Iniúchóireacht Inmheánach**

Oibríonn an Ollscoil feidhm Neamhspleách Iniúchóireachta Inmheánaí a thuairiscíonn don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (fochoiste de chuid Údarás Ceannais UCC). Tá Cairt Iniúchóireachta Inmheánaí i bhfeidhm, rud ina sainítear cuspóir, údarás, freagracht agus seasamh na feidhme Iniúchóireachta Inmheánaí laistigh den Ollscoil. Cheadaigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Chairt Iniúchóireachta Inmheánaí an uair is déanaí an 26 Meán Fómhair 2023. Seolann an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí clár um iniúchtaí rioscabhunaithe, atá bunaithe ar Phlean Bliantúil Iniúchóireachta. Ceadaíonn Coiste Iniúchóireachta agus Riosca na hOllscoile an plean bliantúil sin gach bliain. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an plean don bhliain airgeadais 2022/23 a cheadú an 11 Samhain 2022. Agus tionscadail atá curtha ar áireamh sa Phlean Bliantúil Iniúchóireachta á seoladh, cloítear leis na caighdeáin um Chleachtas Gairmiúil san Iniúchóireacht Inmheánach arna bhfoilsiú ag Institiúid na nIniúchóirí Inmheánacha. Tá an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí agus an ghníomhaíocht a dtugann sí fúithi i gcomhréir le méid, rioscaí agus gníomhaíochtaí na hInstitiúide. Chuir an Oifig Iniúchóireachta Inmheánaí aon tuarascáil aonair is tríocha faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca le linn na bliana. Measann Coiste Iniúchóireachta agus Riosca UCC go raibh scóip na hoibre a rinneadh cuí, a mhéid a bhaineann le formhaoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha agus ar an timpeallacht rialaithe.

### 13. Soláthar

**a) Nósanna Imeachta Soláthair**

Deimhníonn an Ollscoil go raibh nósanna imeachta soláthair i bhfeidhm chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair, mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, a chomhlíonadh. Eisíodh na nósanna imeachta sin chuig gach ball foirne iomchuí agus cloíodh den chuid is mó leo. Maidir leis an leibhéal caiteachais neamhchomhlíontaigh (a d'eascair as uainiú an chomhaontaithe conartha go príomha), leagtar amach é i rannán 13(f) thíos.

**b) An Oifig um Sholáthar Rialtais**

Deimhníonn an Ollscoil gur úsáideadh seirbhísí agus creataí na hOifige um Sholáthar Rialtais agus na Seirbhíse um Sholáthar Oideachais nuair ab infheidhme agus nuair a bhí siad ar fáil. Coinníonn an Ollscoil bunachar sonraí/córas ar bun maidir le gach conradh/íocaíocht os cionn €25,000 agus tá córais faireacháin i bhfeidhm chun aird a tharraingt ar aon soláthar neamhchomhlíontach agus neamhiomaíoch.

**c) Plean Soláthair Chorparáidigh**

Deimhníonn UCC go bhfuil na beartais agus nósanna imeachta iomchuí uile maidir le soláthar i bhfeidhm aige agus go bhfuil Straitéis Soláthair (Plean Soláthair Chorparáidigh) i bhfeidhm aige freisin. Tá na nithe sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin UCC. Leanadh le Plean Soláthair Chorparáidigh UCC a fhorbairt agus cloíodh leis sa tréimhse atá i gceist.

**d) Seirbhísí Soláthair Oideachais**

Bíonn an Ollscoil i dteagmháil leis an tSeirbhís um Sholáthar Oideachais i leith pleanáil soláthair chorparáidigh. Cloíonn UCC le húsáid sheirbhísí na Seirbhíse um Sholáthar Oideachais agus úsáideann sé na creataí uile uaithi nuair is gá agus nuair a fhreastalaíonn siad go cuí ar riachtanais UCC.

**e) Sonraí faoi Sholáthar Neamhchomhlíontach**

Déanann an Ollscoil a dícheall cloí go hiomlán leis na treoirlínte náisiúnta soláthair trí údarás déabhlóidithe agus struchtúir thuairiscithe. Is ionann an soláthar neamhchomhlíontach féindearbhaithe iomlán don bhliain 2022/23 agus €1.57m. Is méadú é sin ó fhigiúr na bliana 2021/2022 (€1.33m) agus beidh sé faoi réir tuilleadh athbhreithnithe ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste mar chuid dá hiniúchadh bliantúil.

**f) Sonraí faoi Sholáthar Neamhiomaíoch:**

Is ionann an soláthar neamhiomaíoch féindearbhaithe iomlán (roimh an iniúchadh ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste) don bhliain 2022/23 agus €8.79m. Ba iad na cúiseanna leis an soláthar neamhiomaíoch sin sa bhliain 2023 ná socruithe práinneacha agus timpeallachtaí sonracha aonsoláthraí. Ba é €95.3m an caiteachas iomlán os cionn na tairsí €25,000 ar fud UCC sa bhliain 2023, lenar áiríodh an tsuim neamhiomaíoch luaite.

**14. Diúscairtí Sócmhainní**

Is le nósanna imeachta na hOllscoile, a chuirtear in iúl do gach ball foirne, a rialaítear diúscairt shócmhainní na hOllscoile chuig tríú páirtithe agus chuig fostaithe. Ní dhearnadh aon diúscairtí ar shócmhainní Ollscoile chuig tríú páirtithe, nó níor deonaíodh rochtain ar réadmhaoin nó bonneagar le haghaidh socruithe tráchtála le tríú páirtithe, atá os cionn na tairsí €150,000.

**15. Treoirlínte maidir le Tionscadail Chaipitil a Mheasúnú agus a Bhainistiú**

Deimhníonn an Ollscoil go ndéantar beartais agus nósanna imeachta le haghaidh tionscadail chaipitil agus idirbhearta réadmhaoine a bhainistiú a athbhreithniú gach trí bliana agus go n-athraítear chun dáta iad de réir mar is gá nuair is cuí. Déantar gach tionscadal caipitil agus gach idirbheart réadmhaoine a bhainistiú agus a sholáthar de réir bheartais cheadaithe agus nósanna imeachta ceadaithe na hOllscoile, de réir phrionsabail, cheanglais agus threoirlínte iomchuí an Chóid reatha Caiteachais Phoiblí agus an Chreata Bainistíochta Oibreacha Caipitil, de réir Ciorcláin iomchuí agus de réir an Chóid Rialachais d'Ollscoileanna na hÉireann. Tá beartais agus nósanna imeachta faoi réir athbhreithniú seachtrach, áit a sainaithnítear leasuithe i leith aon easnamh. Cheadaigh an tÚdarás Ceannais an caiteachas ar fad os cionn €2m ar idirbhearta caipitil agus réadmhaoine le linn na bliana airgeadais.

## RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH - ar lean

**16. Beartas Taistil**
Maidir le Beartas Taistil UCC agus leis na nósanna imeachta gaolmhara atá i bhfeidhm, forbraíodh iad agus aird á tabhairt ar cheanglais bheartas taistil an Rialtais.

**17. Na Treoirlínte maidir le Luach ar Airgead a Bhaint Amach i gCaiteachas Poiblí**
A mhéid is fearr is eol di agus a chreideann sí, deimhníonn an Ollscoil go bhfuiltear ag cloí leis na Treoirlínte maidir le Luach ar Airgead a Bhaint Amach i gCaiteachas Poiblí, mar atá leagtha amach sa Chód Caiteachais Phoiblí ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

**18. Dlíthe Cánach**
A mhéid is fearr is eol di agus a chreideann sí, tá an Ollscoil ag comhlíonadh dlíthe cánach go hiomlán agus tá sí tiomanta dá chinntiú go n-íoctar gach dliteanas cánach ar na dátaí dlite lena mbaineann.

**19. Díospóidí Dlíthiúla**
Deimhníonn an Ollscoil nárbh ann d'aon díospóidí dlíthiúla a raibh comhlachtaí Stáit eile páirteach iontu le linn na tréimhse tuairiscithe seo.

**20. Tuairisciú Rúnda ar an Nochtadh – an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014**
Deimhníonn an Ollscoil go raibh nósanna imeachta i bhfeidhm le haghaidh nochtaí cosanta a dhéanamh de réir alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Deimhníonn an Ollscoil go ndearnadh an tuarascáil bhliantúil a cheanglaítear faoi alt 22(1) den Acht a fhoilsiú roimh an 30 Meitheamh 2023, an spriocdháta arna fhorchur le halt 22(1) den Acht. Fuarthas dhá nochtadh cosanta nua le linn na tréimhse tuairiscithe. Bainistíodh na nochtaí de réir Bheartas UCC um Nochtadh. Bhí an dá nochtadh faoi réir imscrúdú seachtrach agus níor seasadh leo.

**21. Cruinnithe an Údaráis Ceannais**
Reáchtáladh seacht gcruinniú de chuid Údarás Ceannais UCC sa bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2023. Bhí córam i láthair ag gach ceann de na cruinnithe. Is deimhin le Cathaoirleach an Údaráis Ceannais go raibh an líon cruinnithe a reáchtáladh sa bhliain airgeadais sásúil chun dualgais an Údaráis Ceannais a chomhlíonadh. Sheol an tÚdarás Ceannais seisiún príobháideach amháin, gan aon chomhaltaí feidhmiúcháin ná aon bhainisteoirí a bheith i láthair ann, le linn na bliana airgeadais 2022/23. Ag teacht sna sála ar achtú Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, bhunaigh an Ollscoil Údarás Ceannais nua an 2 Samhain 2023. Tá an tÚdarás Ceannais nua comhdhéanta de 19 gcomhalta agus tionóladh an chéad chruinniú dá chuid an 2 Samhain 2023.

**22. Tuarastal an Uachtaráin**
B'ionann olltuarastal an Uachtaráin sa bhliain airgeadais 2022/23 agus €226,300, gan ÁSPC an Fhostóra agus an Ranníocaíocht Pinsin Fostóra a áireamh.

**23. Cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Bainistíochta Riosca**
Tháinig Coiste Iniúchóireachta agus Riosca UCC le chéile seacht n-uaire sa bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2023. Rinne an Coiste na cruinnithe sceidealaithe sin a fhorlíonadh freisin trí cheithre chruinniú a thionól i seisiún príobháideach. Measann an tÚdarás Ceannais an líon cruinnithe a tionóladh a bheith cuí maidir lena fhreagrachtaí ainmnithe a chomhlíonadh.

**24. Athbhreithniú ar Fheidhmíocht an Údaráis Ceannais**
Fostaíodh Governance Ireland, gnólacht Comhairleoirí agus Sainchomhairleoirí Rialachais Chorparáidigh, chun athbhreithniú seachtrach a dhéanamh ar Údarás Ceannais agus coistí na hOllscoile i mí Dheireadh Fómhair 2022, agus thug sé tuarascáil don Údarás Ceannais ina dhiaidh sin i mí Feabhra 2023. Bhain na moltaí sa tuarascáil leis an aistriú chuig an Údarás Ceannais nua agus chuig Coistí nua agus le nuashonrú doiciméad gaolmhar. Tá na moltaí sin mar chuid de chlár oibre an Údaráis Ceannais nua. Bunaíodh Grúpa Oibre chun ról, sainchúram agus téarmaí tagartha Choistí an Údaráis Ceannais a athbhreithniú. Cuirfear an t-athbhreithniú sin i gcrích in earrach na bliana 2024.

**25. Sonraí a tugadh don Údarás um Ard-Oideachas**
Deimhníonn an Ollscoil go bhfuil sí sásta le hionracas agus cruinneas aon sonraí faoin líon mac léinn agus faoi chláir a tugadh don Údarás um Ard-Oideachas sa tréimhse tuairiscithe agus le hionracas agus cruinneas na faisnéise faoin líon fostaithe a tugadh don Údarás um Ard-Oideachas faoin gCreat Rialaithe Fostaíochta agus mar a ceanglaíodh ar shlí eile.

## RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH - ar lean

**26. Deireadh a Chur le Foréigean agus Ciapadh Gnéasach in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann**
Deimhníonn an Ollscoil go bhfuil struchtúir, beartais agus próisis chuí á gcur chun feidhme aici chun tacú le torthaí an phlean dar teideal 'Sábháilte, Measúil, Tacúil agus Dearfach – Deireadh a Chur le Foréigean agus Ciapadh Gnéasach in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann' (an 'Creat um Thoiliú') a ghnóthú agus chun tacú le faireachán a dhéanamh ar na torthaí sin, de réir an Phlean Gníomhaíochta fhoilsithe ón institiúid chun Dul i nGleic le Foréigean agus Ciapadh Gnéasach. Mar chomhalta d'Fhoireann Cheannaireachta Ollscoile UCC, ceapadh Leas-Uachtarán agus Cláraitheoir na hOllscoile mar urraitheoir le haghaidh an Creat Náisiúnta a chur chun feidhme agus déanann an Leas-Uachtarán agus an Cláraitheoir cathaoirleacht ar Thascfhórsa na hOllscoile. Sa bhliain 2023, tugadh an t-eolas is deireanaí don Fhoireann Cheannaireachta Ollscoile i mí Eanáir agus i mí Mheán Fómhair, don Údarás Ceannais i mí Aibreáin agus i mí Dheireadh Fómhair agus don Chomhairle Acadúil i mí Mheán Fómhair agus i mí na Samhna. Rinneadh an doiciméad ó UCC dar teideal 'Deireadh a Chur le Foréigean agus Ciapadh Gnéasach – Beartas agus Nós Imeachta Tuairiscithe um Mí-Iompar Gnéasach' a thabhairt chun críche agus a cheadú tar éis próiseas comhairliúcháin 12 mhí le geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha, ar lena linn a tugadh aiseolas cuimsitheach agus ar dá bharr a thángthas ar bheartas atá eolach agus dírithe ar an marthanóir chun go mbeifear in ann tuairiscí ar fhoréigean agus ciapadh gnéasach ag baill foirne, ag mic léinn nó ag cuairteoirí ar UCC a imscrúdú. D'athbhreithnigh an Chomhairle Acadúil an Beartas agus Nós Imeachta um Mí-Iompar Gnéasach i mí na Samhna 2023 agus thug an tÚdarás Ceannais ceadú imlíne dó i mí na Nollag 2023. Tá ceadú deiridh le tabhairt don bheartas ag an Údarás Ceannais i mí an Mhárta 2024. Ceapadh Bainisteoir um Fhreagairt do Chiapadh agus Foréigean Gnéasach i mí na Nollag 2023 agus déanfaidh sé formhaoirseacht ar chur chun feidhme an bheartais sa bhliain 2024 agus ar chur i bhfeidhm seisiún oideachais/oiliúna ar fud na hollscoile.

**27. Beartas Cosanta Leanaí**
D'athbhreithnigh an Ollscoil a Ráiteas ar Leanaí a Chumhdach chun go mbeadh sé ag teacht leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Cheadaigh an tÚdarás Ceannais é agus tá sé ar fáil ar shuíomh Gréasáin UCC. Cuireadh oiliúint ar bhaill foirne UCC freisin chun go mbeadh siad ar an eolas faoina n-oibleagáidí ábhartha chuige sin.

**28. An tAcht um Míchumas, 2005**
Deimhníonn an Ollscoil go bhfuil sí ag comhlíonadh na n-oibleagáidí atá uirthi faoin *Acht um Míchumas, 2005*. Tá bearta i bhfeidhm ag an Ollscoil chun a chinntiú go mbíonn deis ag mic léinn iarraidh ar *Mheasúnú Neamhspleách ar Riachtanas* a chur isteach, lena n-áirítear rochtain ar fhoirgnimh, ar sheirbhísí agus ar fhaisnéis. Mar fhostóir comhdheiseanna, bíonn an Ollscoil gníomhach i ndaoine faoi mhíchumas a earcú.

**29. Táillí agus Speansais**
Maidir leis na speansais a íoctar leis na comhaltaí den Údarás Ceannais sa tréimhse tuairiscithe, comhlíonann siad na treoirlínte Rialtais ón Roinn Airgeadais agus cuirtear i láthair iad i dTuarascáil Bhliantúil na hOllscoile. Tá tábla de na speansais ar éiligh comhaltaí den Údarás Ceannais iad curtha ar áireamh mar *Aguisín A*.

**30. Cothromaíocht Inscne an Údaráis Ceannais**
Chuimsigh an comhaltas d'Údarás Ceannais na hOllscoile don bhliain atá i gceist ionadaíocht 40% ar a laghad do gach inscne. Bhí 37 gcomhalta ag an Údarás Ceannais amhail an 30 Meán Fómhair 2023. Fir a bhí i 22 dhuine díobh agus mná a bhí i 15 dhuine díobh.

**31. Fochuideachtaí, Comhfhiontair agus Leasanna i gCuideachtaí Seachtracha**

a) **Comhlíonadh théarmaí agus coinníollacha thoiliú an bhunaithe**
Deimhníonn an Ollscoil go leanann gach fochuideachta de chuid na hOllscoile le hoibriú chun na críche ar chuici a bunaíodh iad agus chun na críche sin amháin agus gur lean siad le téarmaí agus coinníollacha an toilithe faoinar bunaíodh iad a chomhlíonadh ina n-iomláine.

b) **Cód Rialachais d'Fhochuideachtaí**
Rinneadh an Cód Rialachais d'Fhochuideachtaí Ollscoileanna na hÉireann a sheoladh go hoifigiúil i mí an Mhárta 2022. Rinne an Ollscoil anailís bearnaí ar na cleachtais reatha laistigh d'fhochuideachtaí UCC bunaithe ar cheanglais an chóid nua. Tá formhór mór na gceanglas á gcomhlíonadh cheana féin trí chleachtais atá ann cheana, agus ullmhaíodh plean gníomhaíochta do gach fochuideachta chun aghaidh a thabhairt ar aon cheanglais nua sa Chód agus leagadh na pleananna sin faoi bhráid Bhoird Stiúrthóirí na gcuideachtaí faoi seach.

c) **Ráiteas Bliantúil ar Chomhlíonadh d'Fhochuideachtaí**
Tá obair á déanamh chun Ráiteas Bliantúil ar Chomhlíonadh do na fochuideachtaí a chur chun feidhme. Ag teacht sna sála ar athbhreithniú seachtrach, seoladh litir ionchais chuig fochuideachtaí i mbliana. I dteannta an Chóid Rialachais d'Fhochuideachtaí, fágfaidh an litir ionchais sin go mbeifear in ann litir dearbhaithe a thabhairt isteach don bhliain airgeadais 2023/24. Freastalaíonn na fochuideachtaí uile ar an gCoiste Airgeadais agus cuirtear faoi athbhreithniú ag an bhfeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí iad ar bhonn rollach. Tabharfar Ráiteas Bliantúil ar Chomhlíonadh do na fochuideachtaí isteach don bhliain airgeadais 2023/24.

**RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH - ar lean**

**d) Sonraí faoi aon scairshealbha agus leasanna atá ag an Ollscoil i gcuideachtaí seachtracha**

| AINM NA CUIDEACHTA | Bliain an Deontais Cothromais | COTHROMAS REATHA % |
|---|---|---|
| BioSensia Limited | 2000 | 0.97% |
| Eblana Photonics Limited | 2002 | 0.03% |
| Glantreo Limited | 2004 | 9.50% |
| Atlantia Food Clinical Trials | 2013 | 12.00% |
| Metabolomic Diagnostics | 2013 | 9.57% |
| Exceedence Limited | 2015 | 11.67% |
| Respiro Research & Development Limited | 2015 | 15.00% |
| Artugen Therapeutics Limited (Scairsheilbh UCC in Adiso Therapeutics Ltd – Máthairchuideachta) | 2016 | 0.03% |
| Food Choices at Work | 2016 | 11.45% |
| Mirai Medical Limited | 2017 | 6.60% |
| Loci Orthopaedics Limited | 2017 | 2.27% |
| Selio Medical | 2018 | 0.91% |
| Varadis Limited | 2019 | 15.00% |
| Seqbiome Ltd | 2019 | 15.00% |
| BioPixS | 2020 | 15.00% |
| Liltoda | 2020 | 15.00% |
| Bcon Medical | 2021 | 3.00% |
| Cergenx | 2021 | 12.50% |
| Stimul.AI Limited | 2021 | 12.67% |
| Ceacam Therapeutics Limited | 2022 | 15.00% |
| ProVascTec Limited | 2022 | 13.04% |
| NeuroBell | 2023 | 15.00% |
| The Well Schools Network | 2023 | 15.00% |

**e) SEALÚCHAIS ATÁ LIOSTAITHE GO POIBLÍ:**

Fuair 4D Pharma Tucana Health, ar mac-chuideachta de chuid UCC í, mar éadáil sa bhliain 2016 trí bhíthin comhaontú ceannaigh scaireanna. Mar chúiteamh ar scairsheilbh chothromais UCC in Tucana Health, eisíodh scaireanna comaoine in 4D Pharma Ltd chuig an Ollscoil ar bhonn céimnithe, ar choinníoll gur comhlíonadh garspriocanna. I mí an Mheithimh 2022, d'éiligh Oxford Finance LLC a iasachtaí amuigh ó 4D Pharma PLC, arbh ionann iad agus $13.9 milliún san iomlán. Agus é neamhábalta cistiú breise a aimsiú, d'iarr bord 4D Pharma go gcuirfí trádáil a scaireanna ar stocmhalartán AIM i Londain ar fionraí. Thug Oxford Finance ordú ansin go gcuirfí 4D Pharma PLC faoi riarachán. Maidir le fochuideachtaí 4D Pharma atá faoina lánúinéireacht, lena n-áirítear 4D Pharma Cork Limited, cuireadh iad faoi riarachán freisin an 21 Feabhra 2023. Ní thiocfaidh gnáthscaireanna 4D Pharma ar ais óna bhfionraí agus, ina ionad sin, tá siad cealaithe ó ligean isteach chun a dtrádála ar AIM amhail an 16 Feabhra 2023. Is ionann scairsheilbh iomlán UCC in 4D Pharma PLC agus 52,315 ghnáthscair, atá cothrom le 0.08% de na gnáthscaireanna de chuid 4D Pharma atá ar eisiúint.

**f) Nochtadh an chostais don Státchiste**

Deimhníonn an Ollscoil nach raibh aon chostas don státchiste ann as aon socruithe maoiniúcháin atá ceangailte le haon chomhfhiontar nó as socruithe cosúla eile (lena n-áirítear iasachtaí, díbhinní nó cineálacha eile cistiúcháin a soláthraíodh ag pointe bunaithe an chomhfhiontair/an tsocraithe agus ina dhiaidh).

**32. Maoin Intleachtúil agus Coinbhleacht Leasa**

Deimhníonn an Ollscoil go bhfuil *Beartas Maoine Intleachtúla* i bhfeidhm aici atá foilsithe ar a suíomh Gréasáin, ar beartas é:

- Atá ag teacht leis na ceanglais náisiúnta maidir le Maoin Intleachtúil a Bhainistiú, mar atá leagtha amach sa Phrótacal náisiúnta um Maoin Intleachtúil (IP-Protocol-Resource-Guide.pdf knowledgetransferireland.com);
- Ina leagtar amach go soiléir na próisis mhaoine intleachtúla uile agus na hoibleagáidí uile atá ar thaighdeoirí;
- Ina dtugtar sainmhíniú ar cad is maoin intleachtúil ann agus ina dtugtar breac-chuntas ar na próisis chinnteoireachta maidir le tráchtálú maoine intleachtúla;
- Ina bhfuil próiseas soiléir um réiteach díospóidí;
- Ina ndéantar cur síos ar shásraí um chomhroinnt ioncaim.

## RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH - ar lean

**32. Maoin Intleachtúil agus Coinbhleacht Leasa (ar lean)**
Shásaigh an Coiste Airgeadais é féin faoi chuibheas aon sochar don fhoireann a eascraíonn as tráchtálú Maoine Intleachtúla, as comhfhiontair, as mac-chuideachtaí nó as a leithéid. Maidir leis na socruithe i ndáil le rannpháirtíocht i mac-chuideachtaí nó i gcomhfhiontair, tugtar fógra ina dtaobh trí Choiste Airgeadais an Údaráis Ceannais nó tríd an gclár Coinbhleachtaí Leasa. Sa Bheartas Maoine Intleachtúla dá dtagraítear thuas, pléitear go sonrach na sochair don fhoireann a bhaineann UCC as (a) tráchtálú maoine intleachtúla trí cheadúnú; nó as (b) toradh an chothromais mac-chuideachta a thugtar do UCC, agus conas a dháiltear na sochair airgeadais sin ar an bhfoireann. Deimhníonn an Ollscoil go gcuirtear an Comhlacht Ceannais ar an eolas faoin tráchtálú maoine intleachtúla ar fad agus faoi gach coinbhleacht leasa ar bhonn bliantúil. Tá an beartas maoine intleachtúla ceadaithe ag an Údarás Ceannais.

**33. Prionsabail Dea-Chleachtais sa Taighde in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann ón Údarás um Ard-Oideachas**
Dearbhaíonn an Ollscoil go bhfuil sí tiomanta do phríomh-shaintréithe an dea-chleachtais taighde atá leagtha amach sna Prionsabail Dea-Chleachtais sa Taighde in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann, arna bhfoilsiú ag an Údarás um Ard-Oideachas, agus gur chloígh sí leo.

**34. Córas Rialaithe Inmheánaigh**
Deimhníonn an Ollscoil go ndearnadh córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú sa tréimhse tuairiscithe. Cuireadh aon réimsí laige ar leagadh béim orthu le linn athbhreithnithe agus iniúchtaí in iúl don lucht bainistíochta agus eisíodh moltaí chun leasúchán a thionscnamh. Coinnítear stádas na moltaí amuigh faoi athbhreithniú agus pléitear é ag gach cruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

**35. Timpeallacht Rialaithe**
Deimhníonn an Ollscoil go bhfuil a timpeallacht rialaithe oiriúnach do scála agus castacht na hEagraíochta. Ar thimpeallacht rialaithe na hollscoile tá beartais, nósanna imeachta, rialáil, freagracht bainistíochta struchtúrtha, tuairisciú agus formhaoirseacht.

**36. Athbhreithniú ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach (Iniúchóirí Seachtracha)**
Tá Ráiteas ar Rialachas agus Rialú Inmheánach ar áireamh sna ráitis airgeadais iniúchta don tréimhse tuairiscithe. Deimhníonn an Ollscoil go ndéanann na hiniúchóirí seachtracha athbhreithniú ar an Ráiteas ar Rialachas agus Rialú Inmheánach mar chuid den iniúchadh ar na ráitis airgeadais chun a fháil amach cé chomh comhsheasmhach agus atá an fhaisnéis sa ráiteas sin leis an bhfaisnéis ar a bhfuil siad eolach bunaithe ar a n-obair iniúchóireachta.

**37. Athbhreithniú ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach (an tÚdarás Ceannais agus an Coiste Iniúchóireachta agus Bainistíochta Riosca)**
Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an tAthbhreithniú Bliantúil ar Éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh i ndáil leis an mbliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2023 a chur i gcrích agus a cheadú an 11 Nollaig 2023 agus cuirfear faoi bhráid an Údaráis Ceannais é an 12 Márta 2024 chun a chinntiú go léirítear go cruinn ann an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

**38. Príomhnósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm chun rialú inmheánach éifeachtach a sholáthar**
**a) Timpeallacht Rialaithe Chuí:**
Cuimsíonn an córas rialaithe inmheánaigh gach rialú ábhartha, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, rialuithe oibriúcháin agus rialuithe comhlíonta agus córais bhainistíochta riosca a thacaíonn le haidhmeanna agus cuspóirí na hOllscoile a bhaint amach agus a chosnaíonn an pobal mar aon le cistí agus sócmhainní eile as a bhfuil an Ollscoil freagrach.

Chun an fhreagracht sin a chomhlíonadh go héifeachtach, is ann do dhá bhuanchoiste phríomha de chuid an Údaráis Ceannais a thugann an dearbhú don Údarás Ceannais maidir le rialachas, le riosca agus le rialú. Is iad sin:

- Faoi tharmligean reachtúil ón Údarás Ceannais, déanann an Coiste Airgeadais maoirseacht ar bhainistíocht airgeadais na hOllscoile. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú leanúnach ar oibriú agus éifeachtacht chórais bhainistíochta riosca na hOllscoile agus cuireann sé comhairle ar an Údarás Ceannais ina leith.
- Tá plé á dhéanamh ag an earnáil Ollscoileanna agus ag an Údarás um Ard-Oideachas maidir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a ghlacadh. Leanann an Ollscoil dá timpeallacht rialaithe a athbhreithniú agus a fheabhsú de réir mar is gá chun a chinntiú go maolófar rioscaí iomchuí go leibhéal inghlactha. Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha le bainistiú a dhéanamh, agus ní scor a dhéanamh, ar an riosca nach mbainfear aidhmeanna agus cuspóirí amach agus nach gcuirfear gnóthaí ollscoile i gcrích ar bhealach slachtmhar agus dlisteanach.
  Áirítear iad seo a leanas leis na príomhghnéithe den chóras rialaithe inmheánaigh:
  - Freagrachtaí bainistíochta atá sainithe go soiléir, lena n-áirítear leithscaradh dualgas, údaráis tharmligthe fhoirmiúla agus seiceáil shamplach sonrasc agus íocaíochtaí;
  - Beartais, nósanna imeachta agus rialacháin;
  - Rialuithe logála isteach, próifíle, bainistíochta agus pasfhocail le haghaidh córais airgeadais a rochtain agus a úsáid;
  - Próisis pleanála straitéisí;

## RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH - ar lean

Áirítear iad seo a leanas leis na príomhghnéithe den chóras rialaithe inmheánaigh – ar lean:

- Tuairiscí míosúla a eisiúint chuig sealbhóirí buiséid ar fud na bliana;
- Ordlathas ceadaithe leictreonaigh a bheith i bhfeidhm le haghaidh caiteachais;
- Rochtain chuí agus rialuithe ginearálta cuí laistigh de chórais TF;
- córas bainistíochta riosca lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta a rinneadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin;
- cloí leis an mbeartas náisiúnta arna chur in iúl ag an Údarás um Ard-Oideachas agus ag ranna eile rialtais.

**(b) Rioscaí Gnó**

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú leanúnach ar oibriú agus éifeachtacht chórais bhainistíochta riosca na hOllscoile agus cuireann sé comhairle ar an Údarás Ceannais ina leith. Buanmhír ar an gclár oibre ag cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca is ea bainistíocht riosca, ar cruinnithe iad a bhfreastalaíonn an Rúnaí Corparáideach (mar Phríomhoifigeach Bainistíochta Riosca), an Stiúrthóir Riosca Fiontraíochta agus Cathaoirleach Choiste Bainistíochta Riosca UCC orthu go rialta. Breithnítear *Clár Rioscaí na hOllscoile* ag cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, a thugann tuairisc ansin don Údarás Ceannais ar nithe tábhachtacha ina leith.
Tuairiscíonn an Coiste Bainistíochta Riosca Fiontraíochta go rialta don Fhoireann Bhainistíochta Ollscoile. Tá freagracht ar an gCoiste Bainistíochta Riosca Fiontraíochta as bainistíocht riosca a leabú fud fad na hOllscoile. Tá Bainisteoir Riosca tiomnaithe i bhfeidhm chun tacú le bainistíocht riosca agus pleanáil leanúnachais gnó ar fud na hOllscoile. Tá Clár Rioscaí Ollscoile i bhfeidhm. Cuirtear é faoi athbhreithniú le linn na bliana ag sé chruinniú de chuid an Choiste Bainistíochta Riosca agus ag dhá Cheardlann Bainistíochta Riosca.Tá cur chuige na hOllscoile i leith riosca a bhainistiú leagtha amach i m*Beartas Bainistíochta Riosca* na hOllscoile, ar cheadaigh an tÚdarás Ceannais leagan nuashonraithe de i mí Dheireadh Fómhair 2020. I gcaitheamh na tréimhse tuairiscithe, nuashonraíodh Clár Rioscaí na hOllscoile ar bhonn leanúnach chun aird a thabhairt ar aon athruithe ar an tuairisc, na rialuithe, an tionchar, an dóchúlacht agus na gníomhartha breise a bhaineann le rioscaí a sainaithníodh sa chlár rioscaí.

**(c) Córais Faisnéise:**

Baineann UCC úsáid as *Córas Bainistíochta Airgeadais Agresso* (Agresso) chun faisnéis bhuiséadach a thaifeadadh agus chun tuairisc a thabhairt ar ioncam agus caiteachas ar bhonn míosúil. Tá an cumas ag Agresso tuairisciú a dhéanamh ar leibhéal an ionaid costais agus ar leibhéal an tionscadail. Dá bharr sin, is féidir leis an eagraíocht athbhreithniú ardleibhéil a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht airgeadais agus is féidir le sealbhóirí buiséid aonair mionfhaireachán a dhéanamh. Áirítear le hiniúchadh seachtrach bliantúil na hOllscoile measúnú a dhéanamh ar a leordhóthanaí atá an timpeallacht ríomhrialaithe ghinearálta atá timpeall ar na príomhardáin teicneolaíochta faisnéise a thacaíonn le córais airgeadais UCC. Breithníonn an lucht bainistíochta agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca fionnachtana an athbhreithnithe sin.

**(d) Na hImpleachtaí Airgeadais a ghabhann le Mór-rioscaí Gnó:**

Ceanglaítear le Beartas *Bainistíochta Riosca na hOllscoile* go ndéanfaí breithniú ar na hiarmhairtí (na hiarmhairtí airgeadais san áireamh) a ghabhann le rioscaí trí chláir rioscaí a chomhlánú agus trí fhaireachán a dhéanamh orthu. Ar na hathbhreithnithe iniúchóireachta inmheánaí a rinneadh bhí breithniú ar a leordhóthanaí atá beartais agus nósanna imeachta agus ar an dóigh chuí ar cheart teorainneacha údarúcháin a fheidhmiú. Tá nósanna imeachta ag an gCóras Rialaithe Inmheánaigh chun calaois a chosc agus a bhrath, lena n-áirítear teorainneacha údarúcháin (*an Beartas um Údarás Síniúcháin agus Ceadú*) agus leithscaradh dualgas. Tá *Beartas Frithchalaoise* i bhfeidhm freisin agus bunaíodh *Painéal um Fhreagairt do Chalaois* chun déileáil le haon líomhaintí calaoise.

**(e) Faireachán a Dhéanamh ar Éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh:**

Tá faireachán ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar na próisis seo a leanas:

- Athbhreithniú leanúnach ag an bhFoireann Cheannaireachta Ollscoile agus soláthar *Ráiteas Dearbhaithe Bliantúil* ag oifigigh shinsearacha;
- Tuarascáil Bhliantúil an Uachtaráin don Údarás Ceannais;
- Gnáth-thuarascálacha an Uachtaráin, a chuirtear i láthair ag gach cruinniú de chuid an Údaráis Ceannais;
- Tuarascálacha ó chruinnithe de chuid an Choiste Airgeadais a bhaineann le hioncam, caiteachas, taighde, cistíocht, féichiúnaithe, dliteanais/iasachtaí agus caipiteal agus a chuirtear i láthair cruinnithe de chuid an Údaráis Ceannais;
- Tuarascálacha ó chruinnithe de chuid na Comhairle Acadúla, a chuirtear i láthair cruinnithe de chuid an Údaráis Ceannais;
- An Coiste Bainistíochta Riosca Fiontraíochta a bheith i bhfeidhm agus faireachán ar na cláir rioscaí;
- Miontuairiscí an Choiste Bainistíochta Riosca Fiontraíochta a bheith á gcur ar aghaidh chuig an bhFoireann Bhainistíochta Ollscoile agus chuig an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca tar éis gach cruinnithe;
- An tuarascáil rialta don Údarás Ceannais agus tuarascáil bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca don Údarás Ceannais, mar aon le faisnéis faoin obair a rinne an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí le linn na bliana agus tuairimí a tháinig as athbhreithniú an Choiste ar shocruithe bainistíochta riosca agus rialachais chorparáidigh;

## RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH - ar lean

**(e) Faireachán a Dhéanamh ar Éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh – ar lean:**

- Litreacha agus tuarascálacha bainistíochta ó iniúchóirí seachtracha na hOllscoile agus ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, a ndéanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú orthu;
- Tuarascálacha Dearbhú Cáilíochta;
- Tuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí agus nuashonruithe iniúchóireachta inmheánaí;
- Cur in iúl na dtorthaí ar athbhreithnithe tréimhsiúla eile.

**(f) Slándáil TF**

Is deimhin leis an Ollscoil gur chuir sí bearta agus rialuithe leordhóthanacha chun feidhme maidir le Slándáil TFC chun go gcinntítear rúndacht sonraí agus bonneagair, sláine sonraí agus bonneagair agus an fháil ar shonraí agus ar bhonneagar. Tá Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, ag cur dul chun cinn suntasach ar a Rialuithe Slándála TFC chun feidhme le roinnt blianta anuas. Sa bhliain 2020, chuir EY Iniúchadh cuimsitheach ar Chibearshlándáil i gcrích arna iarraidh sin ag Coiste Iniúchóireachta agus Riosca na hOllscoile. Cuireadh na moltaí ón tuarascáil sin ar áireamh i gclár feabhsaithe slándála. De bhreis ar an obair sin, rinne Trend Micro athbhreithniú mionsonraithe neamhspleách seachtrach, ag teacht sna sála ar an gcibirionsaí a rinneadh ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte sa bhliain 2021. Tiomsaíodh na pleananna gníomhaíochta sin ina gclár slándála faisnéise agus cuireadh chun feidhme iad mar chuid de phlean na hOllscoile um beartú tosaíochta straitéiseach dar teideal *UCC 2022 – Delivering a Connected University*. Bhí gach gníomh sa phlean sin curtha i gcrích ag deireadh na bliana 2022. Tá clár slándála athbhreithnithe i bhfeidhm anois chun caighdeáin Bonnlíne Slándála ón Rialtas a ghlacadh freisin, mar a leagadh amach iad ag deireadh na bliana 2021 ag https://www.gov.ie/en/publication/d1fd5-cyber-security-baseline-standards/. Rinne UCC anailís ar bhearnaí i gcomparáid leis an mbonnlíne sin agus beidh sé ag glacadh an chaighdeáin sin mar *Chaighdeán Slándála TF* dó ar fud na hOllscoile. Sa bhliain 2023, rinne EY na rialuithe cibearshlándála a cuireadh chun feidhme i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, a mheasúnú in aghaidh na moltaí bunaidh uaidh chun an dul chun cinn a rinneadh ón mbliain 2021 i leith a mheasúnú agus chun béim a leagan ar rioscaí iarmharacha (más ann dóibh). Le linn na tréimhse athbhreithnithe sin, ba mar thoradh ar chibirionsaithe éagsúla in Éirinn a leag foireann iniúchóireachta EY tuilleadh dírithe ar fhreagairt teagmhas agus ar rialuithe in aghaidh ionsaithe bogearraí éirice. Cuireadh tuarascáil mhionsonraithe faoi bhráid a feidhme Iniúchóireachta Inmheánaí an 15 Bealtaine 2023. Tá na rioscaí iarmharacha uile agus na moltaí uile ón athbhreithniú á rianú anois tríd an liosta oibre Slándála TF (2023-2025). Leanfar d'obair feabhsúcháin cibearshlándála na hOllscoile mar atá leagtha amach sa *Straitéis Slándála TF (2023-2028)*, agus í ag teacht leis an mBonnlíne Slándála ón Rialtas, ag tacú leis an treochlár teicneolaíochta agus ag coinneáil UCC sábháilte ón gcibearchoireacht. Ar na tosaíochtaí dár gcuid sna blianta beaga atá le teacht tá an treochlár measúnachta bagairtí teicneolaíochta sin, pleananna nuachóirithe feidhmchlár, uirlisí gadaíochta sonraí, agus athléimneacht na heagraíochta a thógáil in aghaidh bhagairt na gcibirionsaithe. Tá sé beartaithe ag UCC roinnt ceardlann a chur ar siúl le haonaid ghnó sa bhliain 2024 chun cabhrú leo a bpleananna leanúnachais gnó a fhorbairt i gcás teagmhas cibearshlándála.

**(g) Bainistíocht riosca**

(i) Deimhníonn an Ollscoil go raibh i bhfeidhm aici, agus gur chuir sí chun feidhme, creat bainistíochta riosca lena ngabhann próisis a bhfuil mar aidhm leo rioscaí gnó atá nua agus atá ann cheana a shainaithint, a mheas agus a bhainistiú.

(ii) Deimhníonn an Ollscoil go ndearnadh an Clár Rioscaí Corparáideacha a athbhreithniú agus a athrú chun dáta dhá uair ar a laghad sa bhliain.

(iii) Deimhníonn an Ollscoil go raibh beartais chuí agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun na rioscaí a sainaithníodh a mhaolú.

**(h) Saincheisteanna ginearálta rialachais agus cuntasachta**

- De réir an chomhaontaithe Formhaoirseachta idir an Ollscoil agus an tÚdarás um Ard-Oideachas, deimhníonn an Ollscoil gur choinnigh an tUachtarán an tÚdarás um Ard-Oideachas ar an eolas, ar bhonn tráthúil, faoi aon saincheisteanna rialachais, aon ábhair imní rialachais nó aon mhór-rioscaí rialachais a tháinig chun cinn don Institiúid sa tréimhse tuairiscithe.
- Deimhníonn an Ollscoil nach ann d'aon saincheisteanna rialachais agus cuntasachta a measann an Ollscoil gur cheart aird an Údaráis um Ard-Oideachas a tharraingt orthu, seachas mar atá leagtha amach sna freagraí ar an Ráiteas Bliantúil ar Rialachas agus Rialú Inmheánach.

**Laigí i Rialú Inmheánach – Nochtadh sonraí maidir le cásanna inar tharla sáruithe ar rialú**:

Tháinig easnamh €8.571m chun cinn sa bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2023 ar dá bharr ba ghá don lucht bainistíochta dul i mbun gnímh láithreach chun caiteachas oibriúcháin a choimeád faoi smacht agus chun inbhuanaitheacht airgeadais na hOllscoile a chinntiú as seo amach. Déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an tÚdarás Ceannais faireachán ar an dul chun cinn ar an gcuspóir sin a bhaint amach. Sainaithníodh fionnachtana a bhaineann le laigí i rialú inmheánach le linn athbhreithnithe iniúchóireachta inmheánaí. Bhí na fionnachtana sin mar bhonn le moltaí. Déanann an Oifig Iniúchóireachta Inmheánaí agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca rianú agus faireachán ar chur chun feidhme na moltaí sin ar bhonn tréimhsiúil. Áirítear le Plean Bliantúil na feidhme Iniúchóireachta Inmheánaí don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2024 scrúdú leantach a dhéanamh ar na próisis, na beartais, na nósanna imeachta agus na leibhéil chomhlíonta a bhaineann le caiteachas Ollscoile agus, ar bhonn níos leithne, ar a feidhmíocht airgeadais. Déantar athbhreithniú leanúnach ar leordhóthanacht thimpeallacht rialaithe agus rialuithe inmheánacha na hOllscoile.

**Cur Síos ar an ngníomh a rinneadh chun laigí a cheartú**

i. Cuireadh tús le tionscadal Ollscoile (Project Alpha) chun feabhas a chur ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais na hOllscoile trí chostais a laghdú, trí ioncam tráchtála agus eile a bharrfheabhsú agus trí éifeachtúlacht oibriúcháin a uasmhéadú;

ii. Athbhreithniú ag an Údarás Ceannais ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag Project Alpha agus ar a rathúla atá sé;

iii. Formhaoirseacht ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ar chur chun feidhme tráthúil na moltaí ón bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí;

iv. Formhaoirseacht ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ar raon feidhme chlár oibre na feidhme Iniúchóireachta Inmheánaí, agus dearbhú breise a choimisiúnú nuair a mheastar é a bheith cuí.

## RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH - ar lean

**Ceadú ón Údarás Ceannais**

Deimhnímse, John O'Halloran, Uachtarán Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, leis seo go bhfuil Údarás Ceannais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, freagrach as a chóras rialaithe inmheánaigh.

Sínithe: Dáta: 12 Márta 2024

Déanaimse, Rose McHugh, Cathaoirleach Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus Cathaoirleach ar an gcruinniú ar lena linn a ceadaíodh an Ráiteas ar Rialachas agus Rialú Inmheánach, deimhniú leis seo gur cheadaigh an tÚdarás Ceannais an Ráiteas seo ar Rialachas agus Rialú Inmheánach agus gur cheadaigh sé Ráiteas an Uachtaráin thuas go sonrach le linn a chruinnithe an 12 Márta 2024.

Sínithe: Dáta: 12 Márta 2024

## Aguisín A
## Tábla de na Speansais a d'Éiligh na Comhaltaí den Údarás Ceannais

| **Speansais a Íocadh le Gobharnóirí Seachtracha** | |
|---|---|
| *Ainm an Ghobharnóra* | *Speansais iomlána a íocadh An 01.10.2022 go dtí an 30.09.2023* |
| Day, Catherine | € 498.00 |
| Fitzgerald, Michael | € 124.88 |
| O'Sullivan, Jennifer | € 348.20 |
| | |
| **IOMLÁN** | **€ 971.08** |

## RÁITEAS COMHDHLÚITE AGUS OLLSCOILE AR IONCAM CUIMSITHEACH DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH an 30 Meán Fómhair 2023

| | Nótaí | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 2023 €'000 | 2022 €'000 | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
| **Ioncam** | | | | | |
| Deontais stáit | 3 | 89,013 | 80,238 | 89,013 | 80,238 |
| Táillí acadúla | 4 | 162,413 | 160,282 | 159,549 | 157,612 |
| Deontais agus conarthaí taighde | 5 | 119,112 | 102,141 | 119,362 | 102,719 |
| Amúchadh deontas caipitil stáit | 25 | 9,461 | 10,202 | 9,243 | 9,984 |
| Ioncam oibriúcháin eile | 6 | 51,313 | 50,861 | 24,825 | 23,755 |
| Ioncam úis | 7 | 560 | 34 | 564 | 44 |
| Ioncam infheistíochta | 8 | 535 | 535 | 535 | 535 |
| Cistiú iarchurtha le haghaidh pinsean | 33 | 43,023 | 44,122 | 43,023 | 44,122 |
| **Ioncam iomlán roimh dhearlaicí agus roimh shíntiúis** | | 475,430 | 448,415 | 446,114 | 419,009 |
| Síntiúis agus dearlaicí | 9 | 4,195 | 4,177 | 2,472 | 1,784 |
| **Ioncam Iomlán** | | 479,625 | 452,592 | 448,586 | 420,793 |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Costais foirne | 10 | 302,390 | 280,112 | 290,216 | 269,342 |
| Costas seirbhíse pinsin | 33 | (13,013) | 13,738 | (13,013) | 13,738 |
| Speansas úis pinsin | 33 | 56,114 | 28,836 | 56,114 | 28,836 |
| Speansais oibriúcháin eile | 11 | 115,206 | 103,201 | 104,545 | 92,034 |
| Ús iníoctha agus muirir chomhchosúla | 12 | 4,743 | 4,247 | 3,181 | 3,307 |
| Dímheas | 15 | 21,482 | 21,553 | 18,176 | 18,356 |
| Amúchadh | 16 | 906 | - | 906 | - |
| **Caiteachas iomlán** | | 487,828 | 451,687 | 460,125 | 425,613 |
| **(Easnamh)/barrachas roimh ghnóthachain/caillteanais eile** | | (8,203) | 905 | (11,539) | (4,820) |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | - | (1) | - | - |
| Brabús ar dhiúscairt infheistíochtaí | | 250 | - | 250 | - |
| Caillteanas ar infheistíochtaí | | (618) | (170) | (618) | (170) |
| **(Easnamh)/barrachas roimh cháin** | 14 | (8,571) | 734 | (11,907) | (4,990) |
| Cáin | 13 | - | - | - | - |
| **(Easnamh)/barrachas don bhliain tar éis dímheas sócmhainní agus tar éis cánach** | 14 | (8,571) | 734 | (11,907) | (4,990) |
| (Caillteanas) achtúireach i ndáil le scéimeanna pinsean | 33 | (47,846) | (593,364) | (47,846) | (593,364) |
| Gluaiseacht sa phinsean atá infhaighte | 33 | 47,846 | 593,364 | 47,846 | 593,364 |
| **(Speansas)/ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | (8,571) | 734 | (11,907) | (4,990) |
| **Ionadaithe ag:** | | | | | |
| Ioncam cuimsitheach srianta don bhliain | 27 | 1,632 | 1,370 | 41 | 450 |
| (Speansas) cuimsitheach neamhshrianta don bhliain | | (10,203) | (636) | (11,948) | (5,440) |

Ba as oibríochtaí leanúnacha, agus astu sin amháin, a d'eascair an t-easnamh don bhliain.

## RÁITEAS COMHDHLÚITE AGUS OLLSCOILE AR ATHRUITHE I gCÚLCHISTÍ DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH an 30 Meán Fómhair 2023

### Comhdhlúite

| | Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais Neamhshrianta | Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais Srianta | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Iarmhéid ag an 01 Deireadh Fómhair 2021** | 219,724 | 23,219 | 242,943 |
| Aistrithe idir cistí | 1,142 | (1,142) | - |
| (Easnamh)/barrachas ón Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | (636) | 1,370 | 734 |
| **Iarmhéid ag an 30 Meán Fómhair 2022** | 220,230 | 23,447 | 243,677 |
| **Iarmhéid ag an 01 Deireadh Fómhair 2022** | 220,230 | 23,447 | 243,677 |
| (Easnamh)/barrachas ón Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | (10,203) | 1,632 | (8,571) |
| **Iarmhéid ag an 30 Meán Fómhair 2023** | 210,027 | 25,079 | 235,106 |

### Ollscoil

| | Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais Neamhshrianta | Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais Srianta | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Iarmhéid ag an 01 Deireadh Fómhair 2021** | 171,913 | 17,653 | 189,566 |
| (Easnamh)/barrachas ón Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | (5,440) | 450 | (4,990) |
| **Iarmhéid ag an 30 Meán Fómhair 2022** | 166,473 | 18,103 | 184,576 |
| **Iarmhéid ag an 01 Deireadh Fómhair 2022** | 166,473 | 18,103 | 184,576 |
| (Easnamh)/barrachas ón Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | (11,948) | 41 | (11,907) |
| **Iarmhéid ag an 30 Meán Fómhair 2023** | 154,525 | 18,144 | 172,669 |

## RÁITEAS COMHDHLÚITE AGUS OLLSCOILE AR STAID AIRGEADAIS DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH an 30 Meán Fómhair 2023

| | | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **2023** | **2022** | **2023** | **2022** |
| | | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| | **Nótaí** | | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | | | |
| Sócmhainní seasta | 15 | 684,396 | 688,897 | 576,244 | 583,055 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 16 | 8,156 | - | 8,156 | - |
| Sócmhainní oidhreachta | 17 | 3,094 | 2,936 | 3,094 | 2,936 |
| Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí | 17 | - | - | 2,648 | 2,649 |
| Infheistíochtaí | 17 | 28,567 | 28,793 | 28,567 | 28,793 |
| | | 724,213 | 720,626 | 618,709 | 617,433 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | |
| Fardal | 18 | 500 | 632 | 305 | 435 |
| Suimeanna Infhaighte | 19 | 53,909 | 41,651 | 67,059 | 49,738 |
| Infheistíochtaí | 20 | 15,726 | 70,813 | 15,726 | 70,813 |
| Airgead sa bhanc | 21 | 134,706 | 63,821 | 113,080 | 46,615 |
| | | 204,841 | 176,917 | 196,170 | 167,601 |
| **Suimeanna Iníoctha:** Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | 22 | (343,368) | (271,096) | (298,890) | (255,854) |
| **Glandliteanais reatha** | | (138,527) | (94,179) | (102,720) | (88,253) |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | 585,686 | 626,447 | 515,989 | 529,180 |
| **Suimeanna Iníoctha:** Suimeanna a bheidh dlite tar éis bliain amháin | 23 | (347,418) | (379,686) | (340,158) | (341,520) |
| Dliteanas sochar scoir | 33 | (1,383,565) | (1,388,310) | (1,383,565) | (1,388,310) |
| Sochar scoir infhaighte | 33 | 1,380,403 | 1,385,226 | 1,380,403 | 1,385,226 |
| **Glansócmhainní iomlána** | | 235,106 | 243,677 | 172,669 | 184,576 |
| **Cúlchiste srianta** | | | | | |
| Ioncam agus caiteachas - cúlchiste srianta | 27 | 25,079 | 23,447 | 18,144 | 18,103 |
| **Cúlchiste neamhshrianta** | | | | | |
| Ioncam agus caiteachas – cúlchiste neamhshrianta | | 210,027 | 220,230 | 154,525 | 166,473 |
| **Iomlán** | | 235,106 | 243,677 | 172,669 | 184,576 |

Cheadaigh an tÚdarás Ceannais na ráitis airgeadais an 12 Márta 2024 agus shínigh na daoine seo iad thar a cheann:

Sínithe: An tOllamh John O' Halloran
Uachtarán

Dáta: 12 Márta 2024

Rose McHugh
Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Dáta: 12 Márta 2024

**RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREABHADH AIRGID**
**DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH an 30 Meán Fómhair 2023**

| | Nótaí | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **€'000** | **€'000** |
| (Easnamh)/barrachas don bhliain | | (8,571) | 734 |
| **Coigeartú le haghaidh míreanna neamhairgid** | | | |
| Dímheas | 15 | 21,482 | 21,553 |
| Amúchadh | 16 | 906 | - |
| Deontais chaipitil iarchurtha stáit a scaoileadh chuig ioncam | 25 | (9,461) | (10,202) |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | - | 1 |
| Brabús ar dhiúscairt infheistíochtaí | | (250) | - |
| Caillteanas ar infheistíochtaí | | 618 | 170 |
| Gluaiseacht sa ghlandliteanas scoir | 33 | 78 | (1,547) |
| **Coigeartú le haghaidh gluaiseachtaí i gcaipiteal oibre** | | | |
| Laghdú/(méadú) i bhfardal | 18 | 132 | (235) |
| (Méadú)/laghdú i suimeanna infhaighte | 19 | (12,258) | 13,310 |
| Méadú i suimeanna iníoctha | | 24,113 | 15,851 |
| **Coigeartú le haghaidh gníomhaíochtaí infheistíochta nó maoiniúcháin** | | | |
| Ioncam infheistíochta | 8 | (535) | (535) |
| Síntiúis a fuarthas | 9 | (4,195) | (4,177) |
| Gluaiseacht in infheistíochtaí | | 226 | (220) |
| Ús iníoctha | 12 | 4,743 | 4,247 |
| Ús eile a fuarthas | 7 | (560) | (34) |
| **Insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | 16,468 | 38,916 |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Deontais chaipitil iarchurtha stáit a fuarthas | 25 | 27,451 | 8,184 |
| Ioncam infheistíochta | 8 | 535 | 535 |
| Ceannach sócmhainní inláimhsithe agus oidhreachta | | 4,195 | 4,177 |
| Síntiúis a fuarthas | | (26,201) | (22,666) |
| Ús infhaighte | 7 | 560 | 34 |
| Brabús ar dhiúscairt infheistíochtaí | | 250 | - |
| (Caillteanas) ar infheistíochtaí | | (618) | (170) |
| **Insreabhadh/(eis-sreabhadh) glan airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | 6,172 | (9,906) |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin** | | | |
| *Fiachas a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin:* | | | |
| Ús iníoctha | 12 | (4,743) | (4,247) |
| Méadú in iasachtaí gearrthéarmacha | 22 | 48,489 | 198 |
| *Fiachas a bheidh dlite tar éis bliain amháin:* | | | |
| (Laghdú)/méadú in iasachtaí fadtéarmacha | 23 | (50,408) | 206 |
| Íocaíocht na n-oibleagáidí léasa airgeadais | 26 | (180) | (177) |
| (Eis-sreabhadh) glan airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin | | (6,842) | (4,020) |
| **Méadú in airgead agus i gcoibhéisí airgid sa bhliain** | | 15,798 | 24,990 |
| Airgead agus coibhéisí airgid i dtús na bliana | | 134,634 | 109,644 |
| Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana (nóta 31) | | 150,432 | 134,634 |

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**1 Ráiteas ar bheartais chuntasaíochta**
Is iad seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta a ghlacann an Ollscoil:
Tá achoimre déanta thíos ar na beartais chuntasaíochta a mheastar a bheith ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais seo. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir ar fud na bliana agus don bhliain roimhe.

**a. Faisnéis ghinearálta agus bonn na cuntasaíochta**
Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, arna mhodhnú chun míreanna áirithe a chur ar áireamh de réir luach cóir. Ullmhaíodh iad de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann lena úsáid in Éirinn, agus de réir an Ráitis ar Chleachtas Molta ("SORP") – Cuntasaíocht d'Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais arna ghlacadh go deonach ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

**b. Bonn an chomhdhlúthaithe**
Comhdhlúthaítear i ráitis airgeadais an Ghrúpa ráitis airgeadais na hOllscoile, ráitis airgeadais a foghnóthas de réir Nóta 17 agus ráitis airgeadais Fhondúireacht Ollscoil Chorcaí suas go dtí an 30 Meán Fómhair 2023. Comhdhlúthaíodh Fondúireacht Ollscoil Chorcaí ar an mbonn go bhfeidhmíonn an Ollscoil tionchar ceannasach ar an bhFondúireacht agus go rialaíonn sí a gníomhaíochtaí airgeadais agus oibriúcháin. Níor comhdhlúthaíodh gníomhaíochtaí Aontas Mac Léinn Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, anseo toisc nach bhfuil na gníomhaíochtaí sin faoi rialú ag an Ollscoil. Níor comhdhlúthaíodh gnóthais eile neamhábhartha a bhfuil leas ag an Ollscoil iontu.

**c. Gnóthas leantach**
Tá glandliteanais reatha is ionann agus €138.5m ag an Ollscoil ag deireadh na bliana. Áirítear le dliteanais reatha an ghrúpa ag an 30 Meán Fómhair 2023 suimeanna a bhaineann le hioncam iarchurtha is ionann agus €220.5m. Mar a nochtar i nóta 24, b'amhlaidh, ag dáta an ráitis ar staid airgeadais, a bhí an Ollscoil ag sárú cúnant bainc a bhí ceangailte lena hiasachtaí, ar dá bharr a bhí gnéithe áirithe de phunann iasachtaí an ghrúpa á gcur i láthair mar dhliteanais reatha i 'Suimeanna Iníoctha – Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin'. Tar éis dháta an ráitis ar staid airgeadais, áfach, fuair an Ollscoil tarscaoileadh ón mbanc i leith an chúnaint sin an 4 Márta 2024 agus níl sí ag sárú an chúnaint a thuilleadh amhail dáta cheadú na ráiteas airgeadais seo. Tá an Ollscoil i mbun teagmhála lena baincéirí maidir lena saoráidí iasachta agus leis na socruithe cúnaint gaolmhara. Thaifead an Ollscoil easnamh €8.571m sa bhliain airgeadais reatha.

Tá an Ollscoil i mbun teagmhála leis an Údarás um Ard-Oideachas chun a chinntiú go mbeidh an Ollscoil in ann staid airgeadais inbhuanaithe a chothabháil as seo amach. Chuir foireann cheannaireachta na hOllscoile plean cuimsitheach i bhfeidhm d'fhonn sainaithint a dhéanamh ar na bearta láithreacha is gá chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh airgeadais reatha agus chun cur chuige inbhuanaithe i leith airgeadas na hOllscoile a chinntiú, lena n-áirítear staid bharrachais a bhaint amach. I gcomhar leis an Údarás um Ard-Oideachas, chomhaontaigh an Ollscoil le caiteachas ar thionscadail chaipitil a chur ar sos go sealadach chun cur ar chumas UCC agus an Údaráis um Ard-Oideachas próiseas a chomhaontú le haghaidh tionscadail chaipitil a athbhreithniú. Leanann an Ollscoil de theagmháil ghníomhach a dhéanamh leis an Údarás um Ard-Oideachas i ndáil le pleanáil airgeadais na hOllscoile.

D'ullmhaigh an Ollscoil réamhaisnéisí maidir le sreabhadh airgid. Léirítear iontu go bhfuil dóthain cistiúcháin aici chun a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite go ceann aon bhliana ar a laghad ó dháta shíniú na ráiteas airgeadais seo. Leanann an Ollscoil le leachtacht láidir a chothabháil. Ag gníomhú di i gcomhar le hinstitiúidí tríú leibhéal eile, rinne an Ollscoil uiríll chuig Rialtas na hÉireann inar leagadh béim ar an ngá atá ann le cistiú breise don earnáil chun freastal ar na heasnaimh a mheastar a bheidh ann sa todhchaí. Bunaithe ar na réamhaisnéisí sin agus ar an bhfaisnéis bhreise sin, is deimhin leis an Údarás Ceannais gur cheart na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh agus go bhfuil dóthain acmhainní ag an Ollscoil chun a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite. Mar thoradh air sin, ní áirítear leis na ráitis airgeadais aon choigeartuithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil dá mba rud é nach measfaí bonn ullmhúcháin an ghnóthais leantaigh a bheith cuí.

**d. Sócmhainní seasta inláimhsithe**
*(i) Talamh agus foirgnimh*
Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe de réir costais nó luachála, glan ar dhímheas agus ar aon soláthar do bhearnú. Ar áireamh i gcostas sócmhainní seasta inláimhsithe áirithe tá costais phárolla atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainní a thabhairt chuig an láthair agus an riocht a theastaíonn chun go mbeidh siad in ann oibriú ar an mbealach atá beartaithe ag an lucht bainistíochta. Gearrtar dímheas ar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe, seachas talamh ruílse, ag rátaí a ríomhtar chun costas nó luacháil gach sócmhainne, lúide luach iarmharach measta, a dhíscríobh thar a saolré fhónta ionchasach de réir méid cothrom mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh ruílse | 50 bliain go 80 bliain |
| Feabhsuithe Foirgnimh | 20 bliain |

Léiríonn luach iarmharach an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair as sócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, i gcás go bhfuil an tsócmhainn ar aois agus sa riocht lena bhfuiltear ag súil ag deireadh a saolré fónta.

Rinneadh an luacháil is déanaí an 30 Meán Fómhair 1994. Shocraigh an Ollscoil luach na talún agus na bhfoirgneamh mar a bhí ag an 30 Meán Fómhair 1994 toisc gurbh é sin an chéad bhliain inar cuireadh an cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis chun feidhme i leith sócmhainní seasta agus ráitis airgeadais na hOllscoile á gcur i láthair. I gcomhréir le mír 35.10(d) de FRS 102, bhain an Ollscoil leas, sa bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016, as an díolúine idirthréimhseach atá ar fáil do ghlacadóir céaduaire chun an luacháil sin le haghaidh sócmhainní seasta inláimhsithe a úsáid mar chostas measta ag an dáta aistrithe.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

### 1 Ráiteas ar bheartais chuntasaíochta - ar lean

**d. Sócmhainní seasta inláimhsithe - ar lean**
Sa bhliain 2021, chuir an Ollscoil athbhreithniú i gcrích ar Shaolré Eacnamaíoch Fhónta ionchasach foirgneamh áirithe. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, méadaíodh saolré eacnamaíoch fhónta foirgneamh áirithe ó 50 bliain go 80 bliain.

*(ii) Trealamh*
Is de réir costais a chaipitlítear gach cineál trealaimh. Dímheastar trealamh caipitlithe de réir méid cothrom thar a shaolré eacnamaíoch fhónta mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Trealamh ríomhaire | 3 bliana |
| Trealamh | 5 bliana |

*(iii) Sócmhainní atá á dtógáil*
Ní dhímheastar sócmhainní atá á dtógáil go dtí go mbeidh siad in úsáid.

I gcás go bhfaightear sócmhainní (seachas talamh) le deontais chaipitil Stáit, déantar iad a chaipitliú agus a dhímheas de réir an bheartais thuasluaite. Cuirtear an deontas gaolmhar chun sochair cuntas deontas caipitil iarchurtha agus scaoiltear é chuig an ráiteas ar ioncam cuimsitheach thar shaolré eacnamaíoch fhónta ionchasach na sócmhainne gaolmhaire.

**e. Sócmhainní doláimhsithe**
Déantar bogearraí ríomhaire a iompar de réir costais lúide amúchadh carntha agus caillteanais bearnaithe carntha. Amúchtar bogearraí thar a saolré fhónta mheasta 10 mbliana ar bhonn líne dírí. Ní mheastar go bhfuil luach iarmharach ag bogearraí. I gcás go dtugann tosca, amhail dul chun cinn teicneolaíochta nó athruithe i bpraghsanna margaidh, le fios gur tháinig athrú ar shaolré fhónta na mbogearraí, leasaítear an tsaolré go hionchasach chun na himthosca nua a léiriú. Déantar sócmhainní seasta doláimhsithe a athbhreithniú le haghaidh bearnú má tá aon léiriú ann gur féidir go bhfuil an tsócmhainn sheasta dholáimhsithe bearnaithe.

**f. Léasanna airgeadais**
Rangaítear mar léasanna airgeadais na léasanna ina nglacann an Ollscoil go substaintiúil le gach ceann de na rioscaí agus na luachanna saothair a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne léasaithe. Cuirtear na sócmhainní ar áireamh i sócmhainní seasta agus léirítear an ghné caipitil den cheangaltas léasaithe mar oibleagáidí faoi léasanna airgeadais. Dímheastar sócmhainní atá á sealbhú faoi léasanna airgeadais thar shaolré úsáideach na sócmhainne gaolmhaire i gcás go bhfuil cinnteacht réasúnach ann go bhfaighidh an Ollscoil úinéireacht faoi dheireadh an téarma léasa. Caitear le cíosanna léasa amhail is atá siad comhdhéanta de ghné caipitil agus de ghné úis. Cuirtear an ghné caipitil i bhfeidhm chun na hoibleagáidí amuigh a laghdú agus muirearaítear an ghné úis ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach i gcomhréir leis an ngné caipitil laghdaitheach amuigh.

**g. Sócmhainní oidhreachta**
Déanann an Ollscoil sócmhainní oidhreachta áirithe lena mbaineann mórthábhacht stairiúil agus chultúrtha don Stát a shealbhú agus a chothabháil. Cuimsítear i mbailiúchán na hOllscoile saothair ealaíne, pictiúir, airgead, dealbha, lámhscríbhinní agus déantáin eile. Caomhnaíonn UCC na sócmhainní sin le haghaidh taighde, le haghaidh teagaisc agus le haghaidh idirghníomhaíochta idir an ollscoil agus an pobal. Is í an Phríomh-Chearnóg an foirgneamh oidhreachta is suntasaí ar champas na hollscoile. Tá an foirgneamh sin ina chuid thábhachtach de bhonneagar oibre an champais. Caipitlítear é i sócmhainní seasta na hollscoile de réir luacháil a rinneadh sa bhliain 1994 agus dímheastar é thar shaolré fhónta 80 bliain. Maidir le sócmhainní oidhreachta a fuarthas roimh an 1 Deireadh Fómhair 2013, ní chaipitlítear iad sna ráitis airgeadais toisc go meastar nach féidir aon luach fiúntach a chur ina leith agus toisc nach féidir na sócmhainní sin a réadú go réidh. Cuirtear na costais uile a thabhaítear sa chaomhnú agus sa chaomhantas le costas de réir mar a thabhaítear iad. Maidir le Sócmhainní Oidhreachta a ceannaíodh ar chostas €10,000 nó níos mó tar éis an 1 Deireadh Fómhair 2013, caipitlítear iad sa Ráiteas ar Staid Airgeadais de réir a gcostais bunaidh agus ní dhímheastar iad. Maidir le sócmhainní a fuarthas trí shíntiús, ní chaipitlítear iad sna ráitis airgeadais toisc nach bhfuil fáil ar mheastachán iontaofa ar an luach agus toisc nach féidir iad a fháil ar chostas atá i gcomhréir leis na sochair d'úsáideoirí na ráiteas airgeadais.

**h. Infheistíochtaí – neamhreatha**
Tomhaistear gach sócmhainn agus dliteanas airgeadais de réir praghas idirbhirt ar dtús (costais idirbhirt san áireamh), ach amháin i gcás na sócmhainní airgeadais sin a rangaítear de réir luach cóir tríd an ráiteas ar ioncam cuimsitheach. Iompraítear gach infheistíocht de réir luach cóir. Is i margaí luaite poiblí a thrádáiltear gach infheistíocht i gcothromas agus in urrúis úis sheasta. Tá bonn an luacha chóir d'infheistíochtaí luaite cothrom leis an margadhluach, agus úsáidtear an praghas tairisceana ina leith. Aithnítear díolacháin agus ceannacháin sócmhainní de réir costais ag an dáta trádála (is é sin le rá, an luach idirbhirt).

**i. Infheistíochtaí - reatha**
I láthair na huaire, tá infheistíochtaí reatha ina dtaiscí airgid lena ngabhann aibíocht atá 3 mhí nó níos mó ar fad. Is ionann na hinfheistíochtaí reatha agus infheistíochtaí gearrthéarmacha airgid lena mbaineann riosca íseal go dtiocfaidh athrú ar a luach.

**j. Stoic**
Luaitear stoic de réir a gcostais nó de réir a bpraghais mheasta díola, atá cothrom leis an nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Ríomhtar costas trí úsáid a bhaint as an modh 'is túisce isteach, is túisce amach'. Nuair is cuí, déantar soláthar d'earraí atá as feidhm, mallghluaiseach nó lochtach.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

### Ráiteas ar bheartais chuntasaíochta - ar lean

**k. Bearnú sócmhainní**

Déantar sócmhainní, seachas iad sin a thomhaistear de réir luach cóir, a mheas i gcomhair táscairí bearnaithe ag dáta gach Ráitis ar Staid Airgeadais. Dá mbeadh fianaise oibiachtúil ann ar bhearnú, d'aithneofaí caillteanas bearnaithe sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Ní raibh aon táscairí ar bhearnú sócmhainní ann ag an 30 Meán Fómhair 2023.

**l. Cánachas**

Ní thagann aon mhuirear cánachais chun cinn toisc gur carthanais dhíolmhaithe iad an Ollscoil agus an chuid is mó dá fochuideachtaí agus níl siad faoi dhliteanas i leith cáin chorparáide ná i leith cáin ioncaim ar aon cheann dá ngníomhaíochtaí carthanúla. Tá an Ollscoil cláraithe le haghaidh cáin bhreisluacha ach ní féidir léi cáin ionchuir a aisghabháil ar fhormhór a ceannachán toisc gurb ionann soláthar an oideachais agus gníomhaíocht dhíolmhaithe nach ngearrtar aon cháin aschuir ina leith. Is faoi mhuirearú CBL a thagann gníomhaíochtaí taighde agus tráchtála áirithe laistigh den Ollscoil. Tugann an Ollscoil aon cháin ionchuir nó aschuir a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin ar ais do na Coimisinéirí Ioncaim.

**m. Aithint ioncaim**

*Deontais Stáit*

Is bunaithe ar an tsamhail fabhraithe a aithnítear deontais ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí rialtais eile. Tomhaistear iad de réir luach cóir na sócmhainne a fuarthas nó atá infhaighte. Rangaítear deontais de réir cinn a bhaineann le hioncam agus cinn a bhaineann le sócmhainní seasta inláimhsithe. Maidir le deontais athfhillteacha agus deontais neamh-athfhillteacha a bhaineann le hioncam, aithnítear iad in ioncam thar an tréimhse ina n-aithnítear na costais ghaolmhara. Is thar shaolré fhónta ionchasach na sócmhainne a aithnítear deontais a fhaightear ón Údarás um Ard-Oideachas nó ó chomhlachtaí Stáit eile i ndáil le sócmhainní seasta (seachas talamh) a cheannach nó a thógáil.

*Táillí Acadúla*

Aithnítear táillí acadúla sa tréimhse lena mbaineann siad.

*Deontais agus conarthaí taighde*

Deontais agus conarthaí taighde – Is bunaithe ar an tsamhail feidhmíochta/fabhraithe a aithnítear ioncam ó dheontais agus conarthaí taighde ó fhoinsí rialtais. Is bunaithe ar an tsamhail feidhmíochta a aithnítear ioncam ó dheontais agus conarthaí taighde ó fhoinsí neamhrialtais. Is é sin le rá, aithnítear ioncam a mhéid a comhlíonadh coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht. Deontais taighde ó fhoinsí neamhrialtais – Aithnítear ioncam ó dheontais ó fhoinsí neamhrialtais sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach i gcás go gcomhlíontar coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht. Más rud é go bhfuil srianadh in úsáid ach nach bhfuil aon choinníoll a bhaineann le feidhmíocht ann, taifeadtar an t-ioncam sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.
Maidir le deontais a bhfuil coinníollacha neamhchomhlíonta a bhaineann le feidhmíocht ag gabháil leo, coinnítear iad mar ioncam iarchurtha go dtí go gcomhlíontar na coinníollacha, tráth a thaifeadtar an t-ioncam sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Déantar deontais a bhfuil srianta ag gabháil leo a thaifeadadh sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach nuair a bhítear i dteideal an t-ioncam a fháil. Coinnítear iad ina dhiaidh sin laistigh de chúlchiste srianta go dtí go dtabhaítear an caiteachas ar aon dul leis an srianadh.

*Ioncam ó thaiscí gearrthéarmacha*

Cuirtear an t-ioncam ar fad ó thaiscí gearrthéarmacha chun sochair an Ráitis ar Ioncam Cuimsitheach sa tréimhse inar tuilleadh é.

*Ioncam infheistíochta*

Ach amháin i gcás díbhinní agus ioncam infhaighte, léirítear an t-ioncam infheistíochta ar fad sna ráitis airgeadais ar bhonn fáltais. Aithnítear díbhinní agus ioncam infhaighte ag deireadh na bliana airgeadais inar fabhraíodh iad.

*Síntiúis nach bhfuil srianta ag gabháil leo*

Déantar síntiúis nach bhfuil srianta ag gabháil leo a thaifeadadh sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach nuair a bhítear i dteideal an t-ioncam a fháil.

*Síntiúis a bhfuil srianta ag gabháil leo*

Déantar síntiúis a bhfuil srianta ag gabháil leo a thaifeadadh sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach nuair a bhítear i dteideal an t-ioncam a fháil. Coinnítear an t-ioncam srianta sa chúlchiste atá srianta go sealadach agus coinnítear é ann go dtí go dtabhaítear caiteachas atá i gcomhréir leis na srianta.

**n. Sochair scoir**

Feidhmíonn an Ollscoil trí scéim pinsean sochair shainithe:

- Scéim (Dhúnta) Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, ar a dtugtar an "Scéim Dhúnta". Tá feidhm ag an Scéim Dhúnta maidir le gach fostaí inphinsin a ceapadh roimh an 31 Nollaig 2004 agus tá sí dúnta d'iontrálaithe nua.
- Scéim Pinsean Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, 2005 - ar a dtugtar "Scéim 2005". Tá feidhm ag Scéim 2005 maidir le gach ball foirne nua a ceapadh ón 1 Eanáir 2005 i leith.
- An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair. Is í an scéim seo an scéim pinsean sochair shainithe d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

**Ráiteas ar bheartais chuntasaíochta - ar lean**

Is baill de scéim pinsean nua, ar a dtugtar an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, atá i ngach fostaí a chuaigh isteach sa tSeirbhís Phoiblí den chéad uair an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Is í an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe a riarann an scéim sin. Tá feidhm ag an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair maidir le gach ball foirne nua a chuaigh isteach san earnáil phoiblí mar iontrálaí nua an 01 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Is scéim scoir sochair shainithe í. Is le cuntas sochar scoir Stáit a íoctar gach ranníocaíocht scoir fostaíochta a dhéantar leis an Scéim. Feidhmítear an scéim ar bhonn íoc-mar-a-théitear. Is é tuairim na hOllscoile (de réir alt 44 d'Acht 2012) go bhfritháireofaí aon dliteanas i leith na Scéime Aonair trí shócmhainn choibhéiseach i leith cistiú Stáit amach anseo a aithint. Dá réir sin, is mar shócmhainn a aithníonn an Ollscoil suim a chuimsíonn an dliteanas neamhchistithe iarchurtha le haghaidh pinsean.

I gcás scéimeanna sochair shainithe, is iad na suimeanna a mhuirearaítear ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach ná na costais a d'eascair as seirbhísí fostaithe le linn na tréimhse agus an costas a bhain le pleananna a thabhairt isteach, le hathruithe a dhéanamh ar shochair, le socraíochtaí agus le ciorrúcháin. Mar a mhínítear tuilleadh i nóta 33 de na ráitis airgeadais, d'aithin an Ollscoil sócmhainn pinsin iarchurtha i leith Scéim Pinsean (Dhúnta) Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus Scéim Pinsean Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, 2005, ar an mbonn go réamh-mheasann sí go soláthróidh an Stát an cistiú chun oibleagáidí sochair scoir a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite. Glactar leis sa chur chuige cuntasaíochta sin go ndéanfar aon ioncam a ghineann an Ollscoil a úsáid ar an gcéad dul síos le haghaidh speansais reatha agus go bhfreastalóidh cistiú Stáit ar aon easnamh in acmhainní chun dliteanais sochair scoir sa todhchaí a chistiú.

Cuirtear costais pinsean ar áireamh i gcostais foirne. Is ar an Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach a mhuirearaítear an glanchostas úis ar an nglandliteanas sochair shainithe agus cuirtear é ar áireamh i gcostais mhaoiniúcháin. Maidir le haon atomhas a bhaineann le gnóthachain agus caillteanais achtúireacha agus an toradh ar shócmhainní scéime (seachas suimeanna a chuirtear ar áireamh i nglan-ús ar an nglandliteanas sochair shainithe), aithnítear é láithreach in ioncam cuimsitheach eile.

*Sócmhainn sochair scoir infhaighte*
Mar atá leagtha amach ar bhealach níos mine i nóta 33, d'fheidhmigh an Ollscoil dhá scéim dhúnta pinsean sochair shainithe. (i) Scéim (Dhúnta) Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, ar a dtugtar an "Scéim Dhúnta". Cuireadh in iúl don Ollscoil go bhfreastalódh an Stát ar na dliteanais sochair scoir amach anseo do scéim (dhúnta) Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, faoin Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009. Is é tuairim na hOllscoile (de réir an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009) go bhfritháireofaí aon dliteanas i leith na "Scéime Dhúnta" trí shócmhainn choibhéiseach i leith cistiú Stáit amach anseo a aithint. Dá réir sin, is mar shócmhainn a aithníonn an Ollscoil suim a chuimsíonn an dliteanas neamhchistithe iarchurtha le haghaidh pinsean. (ii) "Scéim Pinsean Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, 2005", ar a dtugtar "Scéim 2005". Tá feidhm ag Scéim 2005 maidir le gach ball foirne nua a ceapadh ón 1 Eanáir 2005 i leith. Is Scéim neamhchistithe í, a íoctar ar bhonn íoc-mar-a-théitear trí airgead a sholáthraíonn an Stát don Ollscoil chun na críche sin. Faoi FRS 102, má tá aon eintiteas beagnach cinnte go n-aisíocfaidh páirtí eile cuid den chaiteachas nó an caiteachas ar fad a bheidh ag teastáil chun oibleagáid sochair shainithe a áirithiú, is mar shócmhainn a aithneoidh an t-eintiteas an ceart chun aisíocaíochta. Caithfidh an t-eintiteas leis na sócmhainní sin ar an mbealach céanna a chaitheann sé le sócmhainní plean. Léirítear sna ráitis airgeadais, mar sin, sócmhainn infhaighte €1,380m, rud atá fritháirithe in aghaidh an dliteanais scoir ionchasaigh €1,384m. Cuirtear gluaiseachtaí sa sochar scoir infhaighte sin ar áireamh sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach. Déantar sochair phinsin d'fhostaithe áirithe eile de chuid foghnóthas áirithe a íoc trí íocaíochtaí a dhéanamh le scéim pinsean ranníocaíochta sainithe. Muirearaítear ranníocaíochtaí ar an Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach sa bhliain ina mbíonn siad dlite. Tugtar cuntas ar chostais phinsin trí mhuirearú a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann le pinsin a sholáthar thar an tréimhse ina mbaineann an Ollscoil tairbhe as seirbhísí na bhfostaithe.

### o. Airgeadra eachtrach
Taifeadtar idirbhearta in airgeadraí eachtracha de réir an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta an idirbhirt. Maidir le sócmhainní agus dliteanais airgid a bhí ainmnithe in airgeadraí eachtracha ag dáta an Ráitis ar Staid Airgeadais, tuairiscítear iad de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ag an dáta sin.

### p. Infheistíochtaí
Déantar infheistíochtaí i bhfochuideachtaí a iompar de réir costais lúide bearnú i ráitis airgeadais na hOllscoile. Is ionann infheistíochtaí sócmhainní reatha agus airgead a chuirtear i dtaisce. Is ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach a mhuirearaítear aon ús a thuilltear orthu.

### q. Soláthairtí
Is ionann soláthairtí agus dliteanais a bhfuil uainiú nó suim éiginnte ag baint leo. Aithnítear soláthairtí i gcás go bhfuil oibleagáid reatha dhlíthiúil nó inchiallaithe ar an gCuideachta i ngeall ar eachtraí san am a chuaigh thart agus gur dócha go mbeidh gá ann le sochair eacnamaíocha a aistriú chun an oibleagáid a chomhlíonadh agus i gcás gur féidir suim na hoibleagáide a mheas go hiontaofa. Tomhaistear soláthairtí de réir luach reatha an mheastacháin is fearr ar an tsuim atá riachtanach chun an oibleagáid a chomhlíonadh, agus úsáid á baint as ráta réamhchánach lena léirítear measúnuithe margaidh reatha ar amluach an airgid agus ar na rioscaí atá sonrach don dliteanas. Athbhreithnítear soláthairtí ag deireadh gach bliana airgeadais agus coigeartaítear iad chun an meastachán reatha is fearr ar an tsuim atá riachtanach chun an oibleagáid a ghlanadh a léiriú. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais sa chuntas brabúis agus caillteanais, rud a chuirtear i láthair faoin gceannteideal 'ús iníoctha agus muirir chomhchosúla' sa bhliain airgeadais ina dtagann sé chun cinn. I gcás go bhfuil roinnt oibleagáidí comhchosúla ann, is bunaithe ar aicme na n-oibleagáidí ina n-iomláine a chinntear an dóchúlacht go mbeidh eis-sreabhadh ag teastáil chun an oibleagáid a chomhlíonadh.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

### 1 Ráiteas ar bheartais chuntasaíochta - ar lean

**r. Deontais**
Caitear le deontais chaipitil rialtais (seachas talamh) mar ioncam iarchurtha, a chuirtear chun sochair an chuntais ioncaim agus caiteachais ar an mbonn céanna ar a ndímheastar na sócmhainní gaolmhara.

Tugtar cuntas ar Dheontais Chaipitil neamhrialtais faoin tsamhail feidhmíochta agus aithnítear iad sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach nuair a chomhlíontar na coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht.

**s. Sócmhainní airgeadais**
Sócmhainní airgeadais bunúsacha, lena n-áirítear féichiúnaithe trádála agus eile, airgead agus coibhéisí airgid, agus taiscí gearrthéarmacha.
Maidir le féichiúnaithe trádála agus eile, le hairgead agus coibhéisí airgid agus le sócmhainní airgeadais ó shocruithe is ionann agus idirbhearta maoiniúcháin, tomhaistear iad ina dhiaidh sin de réir costas amúchta trí mhodh an úis éifeachtaigh a úsáid.

Maidir le sócmhainní airgeadais eile, lena n-áirítear infheistíochtaí in ionstraimí cothromais nach fochuideachtaí, comhlaigh ná comhfhiontair iad, tomhaistear iad de réir luach cóir ar dtús, arb é an praghas idirbhirt é de ghnáth.

Tomhaistear sócmhainní airgeadais den sórt sin ina dhiaidh sin de réir luach cóir agus aithnítear na hathruithe sa luach cóir sa chuntas brabúis nó caillteanais, seachas na hinfheistíochtaí sin in ionstraimí cothromais nach dtrádáiltear go poiblí agus nach féidir a luachanna córa a thomhas go hiontaofa. Tomhaistear na hinfheistíochtaí sin ina dhiaidh sin de réir costais lúide bearnú.

**t. Dliteanais airgeadais**
Dliteanais airgeadais bunúsacha, lena n-áirítear creidiúnaithe trádála agus eile, iasachtaí bainc agus iasachtaí ó ghrúpchuideachtaí eile, aithnítear iad de réir praghas idirbhirt ar dtús, murab ionann an socrú agus idirbheart maoiniúcháin.

Is é is creidiúnaithe trádála ann ná oibleagáidí chun íoc as earraí nó seirbhísí a fhaightear le linn an ghnáthchúrsa gnó ó sholáthraithe. Rangaítear creidiúnaithe trádála a bheith dlite laistigh de bhliain amháin má bhíonn an íocaíocht dlite laistigh de bhliain amháin. Mura mbíonn, cuirtear i láthair iad mar shuimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin. Aithnítear creidiúnaithe trádála de réir praghas idirbhirt ar dtús agus tomhaistear iad ina dhiaidh sin de réir costas amúchta trí mhodh an úis éifeachtaigh a úsáid.

Déantar dliteanais airgeadais a dhí-aithint nuair a mhúchtar an dliteanas, is é sin nuair a dhéantar an oibleagáid chonartha a urscaoileadh nó a chealú nó nuair a théann an oibleagáid chonartha in éag.

**u. Léasanna oibriúcháin**
Ní aistríonn léasanna oibriúcháin formhór mór rioscaí agus luaíochtaí na húinéireachta chuig an léasaí. Aithnítear íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin sa chuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn líne dírí thar théarma an léasa.

**v. Sochair ghearrthéarmacha fostaithe**
Sochair ghearrthéarmacha fostaithe, lena n-áirítear pá agus tuarastal, socruithe saoire íoctha agus sochair neamhairgeadaíocha chosúla eile, aithnítear iad mar speansas sa bhliain airgeadais ina ndéanann fostaithe an tseirbhís ghaolmhar.

**w. Airgead agus Coibhéisí Airgid**
Áirítear le hairgead agus coibhéisí airgid airgead ar láimh, taiscí a shealbhaítear ar éileamh le bainc agus infheistíochtaí ríleachtacha gearrthéarmacha eile a bhfuil tréimhsí aibíochta bunaidh nach mó ná trí mhí acu. Léirítear rótharraingtí bainc laistigh d'iasachtaí i ndliteanais reatha. Tomhaistear airgead agus coibhéisí airgid de réir praghas idirbhirt ar dtús agus tomhaistear iad ina dhiaidh sin de réir costas amúchta.
Maidir le taiscí bainc a bhfuil tréimhsí aibíochta bunaidh is mó ná trí mhí acu, ní airgead agus coibhéisí airgid iad agus cuirtear i láthair iad mar infheistíochtaí sócmhainní reatha.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

### 2 Breithiúnais thábhachtacha chuntasaíochta agus príomhfhoinsí na héiginnteachta meastacháin

Le linn dó beartais chuntasaíochta na hOllscoile a chur i bhfeidhm, ar beartais iad a bhfuil cur síos déanta orthu i nóta 1, ceanglaítear ar an Údarás Ceannais breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh maidir le suimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas. Tá na meastacháin agus na toimhdí lena mbaineann bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile a mheastar a bheith iomchuí. Déantar athbhreithniú ar na meastacháin agus ar na buntoimhdí ar bhonn leanúnach.

Is iad seo a leanas na breithiúnais thábhachtacha, seachas iad sin a raibh meastacháin i gceist leo (a phléitear ar leithligh thíos), a thug an tÚdarás Ceannais le linn dó beartais chuntasaíochta na hOllscoile a chur i bhfeidhm agus a raibh an tionchar is mó acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

*1) Pinsean*
Mar atá leagtha amach i Nóta 33 leis na ráitis airgeadais, feidhmíonn an Ollscoil trí scéim pinsean sochair shainithe. Ar an mbonn go slánóidh an tOireachtas aon easnamh a thiocfaidh aníos chun freastal ar na hoibleagáidí atá ar an Ollscoil sochair phinsin a íoc, fritháiríodh an dliteanas pinsin trí shócmhainn infhaighte scoir a aithint. Ag an 30 Meán Fómhair 2023, b'ionann an tsócmhainn pinsin agus €1,380m. B'ionann an dliteanas pinsin agus €1,384m. Mar gheall ar a thábhachtaí atá na nithe sin, measann an Ollscoil gur réimse suntasach breithiúnais é seo. Féach nóta 33 chun tuilleadh sonraí a fháil.

**Príomhfhoinsí an mheastacháin agus na héiginnteachta**
Is iad na meastacháin seo a leanas na meastacháin a raibh an tionchar is suntasaí acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais:

*1) Saolré eacnamaíoch fhónta*
Tá saolré eacnamaíoch fhónta na sócmhainní inláimhsithe ina toimhde thábhachtach maidir leis an scéal amach anseo ag an dáta tuairiscithe. Bhreithnigh an Ollscoil na nithe seo a leanas agus na meastacháin sin á socrú aici: an caitheamh fisiciúil ionchasach, dífheidhmeacht theicniúil agus tráchtála, agus aon teorainneacha eile ar úsáid na sócmhainní. Bhreithnigh an Ollscoil freisin cé acu ba cheart nó nár cheart ráta dímheasa ar leith a úsáid le haghaidh aon mhíreanna ábhartha laistigh d'aicmí sócmhainní chun saolré fhónta na sócmhainní sin a léiriú. Tar éis di athbhreithniú a dhéanamh, tháinig an Ollscoil ar an gconclúid nach mbaineann míreanna den sórt sin le hábhar. Sa bhliain 2021, chuir an Ollscoil athbhreithniú i gcrích ar Shaolré Eacnamaíoch Fhónta ionchasach foirgneamh áirithe. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, méadaíodh saolré eacnamaíoch fhónta sócmhainní áirithe ó 50 bliain go 80 bliain.

2) *Soláthairtí*
Aithnítear soláthairtí i gcás go bhfuil oibleagáid reatha (dhlíthiúil nó inchiallaithe) ar an Ollscoil i ngeall ar eachtra san am a chuaigh thart agus gur dócha go mbeidh ar an Ollscoil an oibleagáid sin a chomhlíonadh agus i gcás gur féidir meastachán iontaofa a thabhairt ar shuim na hoibleagáide ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, agus aird á tabhairt ar na rioscaí agus ar an éiginnteacht a bhaineann leis an oibleagáid.

3) *Bearnú*
Tar éis di luach seilbhe na sócmhainní inláimhsithe a bhreithniú, tháinig an Ollscoil ar an gconclúid nach raibh aon táscairí bearnaithe ann ar shócmhainní na hOllscoile ag an 30 Meán Fómhair 2023.

4) *Sochair phinsin – toimhdí*
Feidhmíonn an Ollscoil trí scéim sochair shainithe. Tá costas na sochar sin agus luach reatha na n-oibleagáidí pinsin bunaithe ar thoimhdí achtúireacha, lena n-áirítear; ionchas saoil, méaduithe tuarastail, méaduithe pinsin, rátaí lascaine agus boilsciú. Tá na toimhdí ag teacht leis an taithí stairiúil agus le treochtaí reatha. Tá tuilleadh sonraí faoi sin tugtha i nóta 33 leis na ráitis airgeadais.

### 3 Deontais stáit

| | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|
| | **2023** | **2022** | **2023** | **2022** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Deontais stáit a leithdháileadh chun críocha athfhillteacha | 89,013 | 80,238 | 89,013 | 80,238 |

Fuarthas an t-ioncam deontais thuas ón Údarás um Ard-Oideachas.

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean**

| 4 **Táillí acadúla** | **Comhdhlúite** | | **Ollscoil** | |
|---|---|---|---|---|
| | **2023** | **2022** | **2023** | **2022** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Ioncam ó tháillí acadúla a d'íoc an tÚdarás um Ard-Oideachas go díreach | 51,636 | 50,928 | 51,636 | 50,928 |
| Ioncam uile eile ó tháillí acadúla | 110,777 | 109,354 | 107,913 | 106,684 |
| | 162,413 | 160,282 | 159,549 | 157,612 |

Tá suim iomlán €51,636,246 (2022: €50,927,551) ar áireamh mar ioncam ó tháillí acadúla agus d'íoc an tÚdarás um Ard-Oideachas í go díreach. Sa bhliain 2023, d'íoc an tÚdarás um Ard-Oideachas suim €12,093,983 (2022: nialas) go díreach mar ranníocaíocht le tacaí costas maireachtála do mhic léinn. Tá an tsuim sin ar áireamh sa tsuim €110.8m thuas.

| 5 **Deontais agus conarthaí taighde** | **Comhdhlúite** | | **Ollscoil** | |
|---|---|---|---|---|
| | **2023** | **2022** | **2023** | **2022** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Comhlachtaí stáit agus leathstáit | 78,868 | 70,323 | 78,868 | 70,323 |
| An tAontas Eorpach | 22,456 | 18,691 | 22,456 | 18,691 |
| An Earnáil Tionsclaíochta | 10,968 | 10,115 | 10,968 | 10,115 |
| Eile | 6,820 | 3,012 | 7,070 | 3,590 |
| | 119,112 | 102,141 | 119,362 | 102,719 |

| 6 **Ioncam oibriúcháin eile** | **Comhdhlúite** | | **Ollscoil** | |
|---|---|---|---|---|
| | **2023** | **2022** | **2023** | **2022** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Ioncam cíosa - tríú páirtí | 2,385 | 2,416 | 2,385 | 2,416 |
| Ioncam cíosa - idirchuideachta | - | - | 657 | 651 |
| Ioncam do phoist chistithe | 1,843 | 1,649 | 1,843 | 1,649 |
| Ioncam ó árais chónaithe mac léinn | 10,166 | 9,396 | - | - |
| Ioncam ó shaoráidí fóillíochta | 2,385 | 2,211 | - | - |
| Ioncam ó Student Facilities & Services (UCC) DAC | 3,209 | 2,557 | - | - |
| Ioncam ón Áiléar Ealaíne | 275 | 405 | - | - |
| Ioncam ó Irish Management Institute DAC | 11,138 | 12,116 | - | - |
| Ioncam acadúil – coláistí agus ranna | 12,061 | 10,273 | 12,061 | 10,273 |
| Réimsí seirbhíse agus tacaíochta | 7,416 | 8,666 | 7,802 | 8,766 |
| Deontais rialtais | 435 | 1,172 | 77 | - |
| | 51,313 | 50,861 | 24,825 | 23,755 |

| 7 **Ioncam úis** | **Comhdhlúite** | | **Ollscoil** | |
|---|---|---|---|---|
| | **2023** | **2022** | **2023** | **2022** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Ioncam úis | 560 | 34 | 564 | 44 |

Áirítear le hioncam úis na hOllscoile suim €10k (2022: €9k) a bhaineann le hiasachtaí a tugadh do Mardyke Leisure (UCC) DAC, ar fo-eintiteas é.

| 8 **Ioncam infheistíochta** | **Comhdhlúite** | | **Ollscoil** | |
|---|---|---|---|---|
| | **2023** | **2022** | **2023** | **2022** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Ioncam infheistíochta ar an gcúlchiste srianta | 404 | 403 | 404 | 403 |
| Ioncam infheistíochta eile | 131 | 132 | 131 | 132 |
| | 535 | 535 | 535 | 535 |

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean**

| **9 Síntiúis agus dearlaicí** | **Comhdhlúite** | | **Ollscoil** | |
|---|---|---|---|---|
| | **2023** | **2022** | **2023** | **2022** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Síntiúis a bhfuil srianta ag gabháil leo | 3,627 | 3,836 | 227 | 413 |
| Síntiúis neamhshrianta | 568 | 341 | 2,245 | 1,371 |
| | 4,195 | 4,177 | 2,472 | 1,784 |

**10 Costais foirne**

Agus é curtha i láthair mar choibhéis lánaimseartha, ba é seo a leanas an meánlíon míosúil daoine (sealbhóirí poist shinsearaigh ar áireamh) a bhí fostaithe ag an Ollscoil le linn na bliana:

| | **Comhdhlúite** | | **Ollscoil** | |
|---|---|---|---|---|
| | **2023** | **2022** | **2023** | **2022** |
| | **Líon** | **Líon** | **Líon** | **Líon** |
| Teagasc agus taighde | 1,896 | 1,849 | 1,889 | 1,840 |
| Teicniúil | 123 | 127 | 123 | 127 |
| Riarachán láir agus seirbhísí | 1,046 | 1,023 | 1,042 | 1,019 |
| Eile | 456 | 450 | 185 | 185 |
| | 3,521 | 3,449 | 3,239 | 3,171 |

| | **Comhdhlúite** | | **Ollscoil** | |
|---|---|---|---|---|
| | **2023** | **2022** | **2023** | **2022** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Tuarastail agus pá | 265,957 | 245,808 | 255,773 | 236,841 |
| Costais leasa shóisialaigh | 23,635 | 21,783 | 22,509 | 20,792 |
| Costais eile phinsin | 12,798 | 12,521 | 11,934 | 11,709 |
| | 302,390 | 280,112 | 290,216 | 269,342 |

Rinne an Ollscoil suim €1.1m (2022: €1.3m) a chaipitliú i leith costais phárolla le linn na bliana airgeadais.

**Luach saothair an phríomhphearsanra bainistíochta**

Ba é €2m (2022: €2.1m) an luach saothair iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2023. Ba é €161,596 na costais pinsin fostóra do phríomhphearsanra bainistíochta don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2023. Áirítear na sochair fostaí uile le luach saothair an phríomhphearsanra bainistíochta. Ní raibh aon sochair iarscoir ná aon sochair foirceanta ann a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta. Cuimsíonn príomhphearsanra bainistíochta na hOllscoile na baill den fhoireann ardbhainistíochta, dá bhfuil Foireann Bhainistíochta na hOllscoile comhdhéanta. Áirítear leis an bhFoireann Bhainistíochta Ollscoile an tUachtarán, an Leas-Uachtarán agus an Cláraitheoir, an Rúnaí, an Sparánaí agus cinn choláiste.

**Baill foirne ar thuarastal níos airde**

Ghlac an Ollscoil luach tosaithe €60,000 chun baill foirne ar thuarastal níos airde a shainaithint. Agus €60,000 a bheith mar luach tosaithe, is mar a leanas atá luach saothair na foirne, agus é leagtha amach i mbandaí tuarastail €10,000:

| | **Comhdhlúite** | | **Ollscoil** | |
|---|---|---|---|---|
| **Bandaí Tuarastail** | **An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2023** | **An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2022** | **An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2023** | **An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2022** |
| 60,000 - 70,000 | 437 | 478 | 422 | 465 |
| 70,001 - 80,000 | 312 | 163 | 299 | 152 |
| 80,001 - 90,000 | 131 | 298 | 124 | 294 |
| 90,001 - 100,000 | 276 | 152 | 273 | 148 |
| 100,001 - 110,000 | 229 | 122 | 228 | 119 |
| 110,001 - 120,000 | 38 | 70 | 33 | 67 |
| 120,001 - 130,000 | 62 | 45 | 62 | 45 |
| 130,001 - 140,000 | 54 | 20 | 53 | 18 |

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean**

**10 Costais foirne - ar lean**

| | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|
| **Bandaí Tuarastail** | **An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2023** | **An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2022** | **An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2023** | **An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2022** |
| 140,001 - 150,000 | 4 | 4 | 3 | 3 |
| 150,001 - 160,000 | 7 | 82 | 7 | 82 |
| 160,001 - 170,000 | 83 | 2 | 83 | 2 |
| 170,001 - 180,000 | 1 | 2 | 1 | 2 |
| 180,001 - 190,000 | 2 | 1 | 2 | 1 |
| 190,001 - 200,000 | 1 | 3 | 1 | 3 |
| 200,001 - 210,000 | 3 | 3 | 3 | 3 |
| 210,001 - 220,000 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| 220,001 - 230,000 | 2 | 4 | 2 | 4 |
| 230,001 - 240,000 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| 240,001 - 250,000 | 3 | 3 | 3 | 3 |
| 250,001 - 260,000 | 5 | 2 | 5 | 2 |
| 260,001 - 270,000 | 0 | 0 | 0 | - |
| 270,001 - 280,000 | 0 | 5 | 0 | 5 |
| 280,001 - 290,000 | 2 | 4 | 2 | 4 |
| 290,001- 300,000 | 2 | - | 2 | - |
| Os cionn 300,001 | 9 | - | 9 | - |
| **Mór-Iomlán** | **1,665** | **1,465** | **1,619** | **1,424** |

**An Príomhphearsanra Bainistíochta**

Is é atá sa phríomhphearsanra bainistíochta ná na daoine sin ag a bhfuil údarás agus ar a bhfuil freagracht i leith gníomhaíochtaí na hOllscoile a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. Cuimsíonn príomhphearsanra bainistíochta na hOllscoile na baill den fhoireann ardbhainistíochta, dá bhfuil Foireann Bhainistíochta na hOllscoile comhdhéanta.

**11 Speansais oibriúcháin eile**

| | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|
| | **2023** | **2022** | **2023** | **2022** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Teas, solas, uisce agus cumhacht | 7,308 | 6,242 | 6,086 | 5,040 |
| Fógraíocht agus cur chun cinn | 1,121 | 1,290 | 1,079 | 1,237 |
| Táillí gairmiúla | 7,234 | 6,712 | 6,633 | 6,174 |
| Oiliúint agus forbairt | 788 | 633 | 692 | 570 |
| Trealamh | 5,373 | 5,803 | 5,373 | 5,809 |
| Tomhaltáin saotharlainne | 6,928 | 6,625 | 6,928 | 6,625 |
| Postas, priontáil agus soláthairtí stáiseanóireachta | 2,123 | 1,748 | 2,055 | 1,691 |
| Cumarsáid | 971 | 1,015 | 925 | 961 |
| Leabhair agus tréimhseacháin | 2,270 | 2,363 | 2,324 | 2,341 |
| Cíos agus rátaí | 2,016 | 1,604 | 1,524 | 1,262 |
| Gluaisteáin, taisteal agus cothú – rannach | 5,168 | 3,322 | 5,229 | 3,398 |
| Gluaisteáin, taisteal agus cothú – taighde | 5,116 | 2,966 | 5,116 | 2,967 |
| Soláthairtí ríomhaire | 1,315 | 1,578 | 965 | 1,221 |
| Árachas | 2,350 | 2,200 | 2,101 | 1,946 |
| Costais bogearraí | 5,644 | 4,893 | 5,632 | 4,856 |
| Deisiúcháin agus cothabháil | 19,848 | 18,062 | 16,986 | 16,119 |
| Costais a bhaineann le ciste iontaobhais UCC a bhainistiú | 221 | 301 | 220 | 198 |
| Tomhaltáin agus speansais eile | 39,412 | 35,844 | 34,677 | 29,619 |
| | 115,206 | 103,201 | 104,545 | 92,034 |

*Ar áireamh sa speansas 'Gluaisteáin, taisteal agus cothú' atá caiteachas fáilteachais is ionann agus €1,078k (2022: €519k). Tabhaíodh an caiteachas sin chun críocha gnó.

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean**

**11 Speansais oibriúcháin eile – ar lean**

Is é seo a leanas luach saothair na n-iniúchóirí i leith obair a rinneadh don ghrúpa i ndáil leis an mbliain airgeadais:

| | Comhdhlúite | | | Ollscoil |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 €'000 | 2022 €'000 | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
| Táillí Iniúchóireachta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 49 | 49 | 49 | 49 |
| Táillí Iniúchóireachta Tráchtála | 323 | 275 | 170 | 142 |
| Seirbhísí neamhiniúchóireachta eile | 41 | 40 | 24 | 21 |

**12 Ús iníoctha agus muirir chomhchosúla**

| | Comhdhlúite | | | Ollscoil |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 €'000 | 2022 €'000 | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
| Ar iasachtaí bainc, rótharraingtí agus iasachtaí eile a bheidh iníoctha ina n-iomláine laistigh de 5 bliana | 502 | 715 | 357 | 598 |
| Ar iasachtaí bainc a bheidh iníoctha tar éis 5 bliana | 3,996 | 3,283 | 2,579 | 2,460 |
| Ar oibleagáidí a tháinig aníos faoi shocruithe maoiniúcháin | 245 | 249 | 245 | 249 |
| | 4,743 | 4,247 | 3,181 | 3,307 |

Áirítear leis an ús atá iníoctha ús ar iasachtaí a tharraingítear anuas chun cóiríocht chónaithe do mhic léinn agus cláir eile infheistíocht chaipitil a chistiú.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Speansas úis pinsin (nóta 33) | 56,114 | 28,836 | 56,114 | 28,836 |

**13 Cánachas**

Ní thagann aon mhuirear cánachais chun cinn toisc gur carthanais dhíolmhaithe iad an Ollscoil agus an chuid is mó dá fochuideachtaí agus níl siad faoi dhliteanas i leith cáin chorparáide ná i leith cáin ioncaim ar aon cheann dá ngníomhaíochtaí carthanúla.

**14 Easnamh ar oibríochtaí leanúnacha don bhliain**

Thaifead grúpa UCC easnamh €8.571m don bhliain airgeadais (2022: barrachas €0.734m).

Thaifead eintiteas UCC easnamh €11.907m don bhliain airgeadais (2022: easnamh €4.990m).

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean**

| 15 | **Sócmhainní seasta**<br><br>**COMHDHLÚITE** | **Talamh agus foirgnimh** | **Trealamh ríomhaire** | **Trealamh** | **Sócmhainní atá á dtógáil** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| | **Costas nó luacháil** | | | | | |
| | Ag an 01 Deireadh Fómhair 2022 | 887,079 | 10,247 | 78,562 | 52,552 | 1,028,440 |
| | Breiseanna | 8,651 | 466 | 6,197 | 10,729 | 26,043 |
| | Athrangú | 33,987 | 136 | 834 | (44,019) | (9,062) |
| | Diúscairtí | - | (58) | (173) | - | (231) |
| | Ag an 30 Meán Fómhair 2023 | 929,717 | 10,791 | 85,420 | 19,262 | 1,045,190 |
| | **Dímheas Carntha** | | | | | |
| | Ag an 01 Deireadh Fómhair 2022 | 268,882 | 9,366 | 61,295 | - | 339,543 |
| | Dímheas don bhliain | 13,115 | 645 | 7,722 | - | 21,482 |
| | Athrangú | - | - | - | - | - |
| | Diúscairtí | - | (58) | (173) | - | (231) |
| | Ag an 30 Meán Fómhair 2023 | 281,997 | 9,953 | 68,844 | - | 360,794 |
| | **Glanluach leabhar** | | | | | |
| | Ag an 30 Meán Fómhair 2023 | 647,720 | 838 | 16,576 | 19,262 | 684,396 |
| | Ag an 01 Deireadh Fómhair 2022 | 618,197 | 881 | 17,267 | 52,552 | 688,897 |

Áirítear le talamh agus foirgnimh agus trealamh sócmhainní ar luacháil Oifigeach Pleanála an Choláiste iad sa bhliain 1994 ar bhonn costais athsholáthair dhímheasta. B'ionann na luachanna sin agus an costas measta ar dháta an idirbhirt. Áirítear le talamh agus foirgnimh agus sócmhainní atá á dtógáil suim €69.9m (2022: €68.6m) i leith talamh ruílse nach ndímheastar.

Áirítear leis freisin suim €1.1m (2022: €1.3m) i leith costais phárolla chaipitlithe. Áirítear suim €10,430,010 leis an nglanluach leabhar a ghabhann le Talamh agus foirgnimh. Baineann an tsuim sin le láithreán agus foirgneamh is ábhar do Léas Airgeadais – féach nóta 26.

Sa bhliain 2023, aistríodh €9.1m ó 'Sócmhainní atá á dtógáil' chuig 'Sócmhainní doláimhsithe'. Baineann an t-aistriú sin leis an gcóras TF le haghaidh riarachán mac léinn a tháinig i mbun feidhme sa bhliain 2023 – féach nóta 16.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

### 15 Sócmhainní seasta - ar lean

| OLLSCOIL | Talamh agus foirgnimh | Trealamh ríomhaire | Trealamh | Sócmhainní atá á dtógáil | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas** | | | | | |
| Ag an 01 Deireadh Fómhair 2022 | 749,564 | 8,664 | 70,600 | 52,365 | 881,193 |
| Breiseanna | 4,137 | 293 | 5,079 | 10,918 | 20,427 |
| Athranguithe | 33,987 | 136 | 833 | (44,018) | (9,062) |
| Diúscairtí | - | - | (148) | - | (148) |
| Ag an 30 Meán Fómhair 2023 | 787,688 | 9,093 | 76,364 | 19,265 | 892,410 |
| **Dímheas Carntha** | | | | | |
| Ag an 01 Deireadh Fómhair 2022 | 235,370 | 8,141 | 54,627 | - | 298,138 |
| Muirear don bhliain | 10,611 | 511 | 7,054 | - | 18,176 |
| Diúscairtí | - | - | (148) | - | (148) |
| Ag an 30 Meán Fómhair 2023 | 245,981 | 8,652 | 61,533 | - | 316,166 |
| **Glanluach leabhar** | | | | | |
| Ag an 30 Meán Fómhair 2023 | 541,707 | 441 | 14,831 | 19,265 | 576,244 |
| Ag an 01 Deireadh Fómhair 2022 | 514,194 | 523 | 15,973 | 52,365 | 583,055 |

### 16 Sócmhainní doláimhsithe

| | Comhdhlúite agus Ollscoil |
|---|---|
| | Bogearraí ríomhaire €'000 |
| **Ag an 1 Deireadh Fómhair 2022** | |
| Costas | - |
| Amúchadh carntha | - |
| **Suim ghlanluacha** | - |
| **An bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2023** | **€'000** |
| Suim ghlanluacha tosaigh | - |
| Aistriú ó shócmhainní seasta (nóta 15) | 9,062 |
| Amúchadh | (906) |
| **Suim ghlanluacha deiridh** | 8,156 |
| **Ag an 30 Meán Fómhair 2023** | |
| Costas | 9,062 |
| Amúchadh carntha | (906) |
| **Suim ghlanluacha** | 8,156 |

Sa bhliain 2023, aistríodh €9.1m ó 'Sócmhainní atá á dtógáil' chuig 'Sócmhainní doláimhsithe'. Baineann an t-aistriú sin leis an gcóras TF le haghaidh riarachán mac léinn a tháinig i mbun feidhme sa bhliain 2023 – féach nóta 15.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

### 17 Sócmhainní neamhreatha

| Infheistíochtaí agus Sócmhainní Oidhreachta | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Infheistíochtaí | 28,567 | 28,793 | 28,567 | 28,793 |
| Sócmhainní oidhreachta | 3,094 | 2,936 | 3,094 | 2,936 |
| Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí | - | - | 2,648 | 2,649 |

**Infheistíochtaí:**
Is ionann na hinfheistíochtaí neamhreatha agus na hinfheistíochtaí a sealbhaíonn Grúpa na hOllscoile iad. Iompraítear gach infheistíocht de réir luach cóir. Is i margaí luaite poiblí a thrádáiltear gach infheistíocht i gcothromas agus in urrúis úis sheasta. Tá bonn an luacha chóir d'infheistíochtaí luaite cothrom leis an margadhluach, agus úsáidtear an praghas tairisceana ina leith. Aithnítear díolacháin agus ceannacháin sócmhainní de réir costais ag an dáta trádála (is é sin le rá, an luach idirbhirt).

| Tá infheistíochtaí de réir luach cóir comhdhéanta díobh seo a leanas | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Cothromas | 12,102 | 10,904 | 12,102 | 10,904 |
| Réadmhaoin | 2,573 | 2,727 | 2,573 | 2,727 |
| Bonneagar | 6,481 | 8,962 | 6,481 | 8,962 |
| Airgeadas | 2,952 | 3,029 | 2,952 | 3,029 |
| Foraoiseacht | 1,092 | 1,080 | 1,092 | 1,080 |
| Eile | 2,338 | 1,076 | 2,338 | 1,076 |
| Cothromas príobháideach | 1,029 | 1,015 | 1,029 | 1,015 |
| **Iomlán** | **28,567** | **28,793** | **28,567** | **28,793** |

Áirítear leis na hinfheistíochtaí arbh fhiú €28.6m (2022: €28.8m) iad infheistíochtaí srianta €17.5m (2022: €17.7m) i ndáil le ceangaltais cistí dearlaice.

**(b) Sócmhainní oidhreachta**
Ar áireamh i Sócmhainní Oidhreachta atá sócmhainní a meastar go sealbhaítear iad chun críocha oidhreachta. Baineann na sócmhainní go príomha le lámhscríbhinní, le déantáin agus le saothair ealaíne. De bhreis air sin, is leis an Ollscoil freisin líon suntasach saothar ealaíne, lena n-áirítear pictiúir, airgead agus dealbha. Ní chuirtear na saothair ealaíne sin ar áireamh sa Ráiteas ar Staid Airgeadais mar go meastar nach féidir aon luach fiúntach a thabhairt dóibh, cé go bhfuil luachanna móra d'árachas orthu. Níor caipitlíodh Cartlanna Saothar Ealaíne, leabhair chlóite ná déantáin eile a bronnadh ar an Ollscoil toisc gurb amhlaidh, go bunúsach, atá siad neamh-inchoimhthithe, a choimeádtar iad go brách, nach féidir a gcomhshamhail a sholáthar den chuid is mó agus nach féidir iad a réadú go réidh. Ní dhéantar iad a dhiúscairt ar mhaithe le gnóthachan airgeadais agus ní chuirtear i bhfiacha iad ar shlí eile.

Féachann an Ollscoil le rochtain a fháil, a chaomhnú agus a sholáthar ar ábhair uathúla shaintréitheacha. Áirítear leo sin leabhair uathúla, lámhscríbhinní, foinsí príomha eile, agus bailiúcháin láidre ábhar foilsithe tacaíochta. Is lonnaithe i mBailiúcháin Speisialta UCC atá bailiúcháin uathúla UCC a chuimsíonn lámhscríbhinní liteartha, luathleabhair chlóite roimh an mbliain 1850, leabhair ó phrintéirí, bailiúcháin ar bhronn daoine aonair iad, nuachtáin ón 18ú haois go dtí an 20ú haois, tráchtais, paimfléid agus micreascannáin. Tá ról déach ag Bailiúcháin Speisialta. Ní hé amháin a éascaíonn sé an taighde reatha, ach tugann sé aire do na hábhair uathúla shaintréitheacha sin agus caomhnaíonn sé iad le haghaidh úsáideoirí sa todhchaí. Oibríonn Bailiúcháin Speisialta le mic léinn agus leis an bhfoireann chun tacú leis an bhfoghlaim agus an teagasc ag UCC, agus rochtain á tairiscint aige ar fhoinsí príomha uathúla trí sheisiúin treorach agus trí thaispeántais. Freastalaíonn Bailiúcháin Speisialta ar riachtanais taighde daoine léinn seachtracha freisin, agus é ag óstáil taighdeoirí ó áiteanna ar fud an domhain ar spéis leo na bailiúcháin a úsáid. Ghnóthaigh Bailiúcháin Speisialta aitheantas idirnáisiúnta i roinnt réimsí sonracha taighde, a bhfuil na réimsí seo ar na cinn is suntasaí díobh: An Léann Éireannach, an Léann Ceilteach agus Frank O'Connor.

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean**

**17 Sócmhainní neamhreatha - ar lean**

| | Lámhscríbhinní, Déantáin agus Saothair Ealaíne | Iomlán |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Costas** | | |
| **Ag an 1 Deireadh Fómhair 2022** | 2,936 | 2,936 |
| Breiseanna | 158 | 158 |
| **Ag an 30 Meán Fómhair 2023** | 3,094 | 3,094 |

| **Achoimre cúig bliana ar shócmhainní oidhreachta** | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas** | | | | | |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair | 2,500 | 2,600 | 2,790 | 2,916 | 2,936 |
| Breiseanna | 100 | 190 | 126 | 20 | 158 |
| **Costas ag an 30 Meán Fómhair** | 2,600 | 2,790 | 2,916 | 2,936 | 3,094 |

**(c) Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí**

**Tá leas ag an Ollscoil sna foghnóthais seo a leanas:**

| **Foghnóthais** | **Príomhghníomhaíocht** | **Leas mar %** | **Oifig chláraithe/áit ghnó** |
|---|---|---|---|
| **Corpraithe** | | | |
| Property Management (UCC) DAC | Forbairt réadmhaoine | 100% | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Bóthar an Iarthair, Corcaigh. |
| Campus Accommodation (UCC) DAC | Cóiríocht do mhic léinn | 100% | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Bóthar an Iarthair, Corcaigh. |
| Art Gallery (UCC) DAC | Áiléar ealaíne | 100% | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Bóthar an Iarthair, Corcaigh. |
| Student Facilities & Services (UCC) DAC | Seirbhísí do mhic léinn | 100% | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Bóthar an Iarthair, Corcaigh. |
| Mardyke Leisure (UCC) DAC | Saoráidí fóillíochta | 100% | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Bóthar an Iarthair, Corcaigh. |
| UCC Academy DAC | Oideachas | 100% | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Bóthar an Iarthair, Corcaigh |
| Foras Bainistíochta na hÉireann | Oideachas | 100% | Bóthar Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 6 |
| SynBioHub DAC | Taighde | 100% | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Bóthar an Iarthair, Corcaigh. |

De bhreis ar na fochuideachtaí atá luaite thuas, comhdhlúthaítear torthaí Fhondúireacht Ollscoil Chorcaí sna ráitis airgeadais seo ar an mbonn go bhfeidhmíonn an Ollscoil tionchar ceannasach ar an bhFondúireacht agus go rialaíonn sí a beartais airgeadais agus oibriúcháin. Comhdhlúthaíodh Fondúireacht Ollscoil Chorcaí den chéad uair riamh sa bhliain 2020.

Rinne an tÚdarás Ceannais an cinneadh deireadh a chur leis an ngníomhaíocht in Tenton DAC trí Bhaint Dheonach, rud a cuireadh i gcrích sa bhliain airgeadais 2023. Díscaoileadh an chuideachta an 17 Samhain 2022.

Rinne an tÚdarás Ceannais an cinneadh deireadh a chur leis an ngníomhaíocht in Biosciences DAC trí Bhaint Dheonach, rud a cuireadh i gcrích sa bhliain airgeadais 2023. Díscaoileadh an chuideachta an 13 Bealtaine 2023.

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean**

**18 Fardal**

| | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|
| | **2023** | **2022** | **2023** | **2022** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Tomhaltáin | 6 | 6 | 6 | 5 |
| Earraí críochnaithe lena n-athdhíol | 494 | 626 | 299 | 430 |
| | 500 | 632 | 305 | 435 |

Luaitear stoic tar éis soláthar do bhearnú atá cothrom le €1k (2022: €60k).

**19 Suimeanna Infhaighte**

| | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|
| | **2023** | **2022** | **2023** | **2022** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Féichiúnaithe trádála | 3,349 | 4,896 | 1,315 | 1,549 |
| Deontais agus conarthaí taighde atá infhaighte | 38,331 | 27,424 | 38,331 | 27,424 |
| Suimeanna atá dlite ó fhoghnóthais | - | - | 17,077 | 13,683 |
| Cáin iarchurtha | 172 | 172 | - | - |
| Féichiúnaithe eile agus réamhíocaíochtaí | 12,057 | 9,159 | 10,336 | 7,082 |
| | 53,909 | 41,651 | 67,059 | 49,738 |

Is iníoctha ar éileamh atá suimeanna atá dlite ó fhoghnóthais.

Luaitear Féichiúnaithe don eintiteas Comhdhlúite tar éis soláthar do bhearnú atá cothrom le €3.8m (2022: €3.3m).

**20 Infheistíochtaí**

| | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|
| | **2023** | **2022** | **2023** | **2022** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Taiscí gearrthéarmacha | 15,726 | 70,813 | 15,726 | 70,813 |

Coimeádtar taiscí i mbainc a oibríonn i bPoblacht na hÉireann agus atá ceadúnaithe ag Banc Ceannais na hÉireann. Bhí aibíocht de níos mó ná trí mhí ag gabháil leis na taiscí sin ag dáta an ráitis ar staid airgeadais. Socraítear na rátaí úis do na taiscí sin ar feadh thréimhse na taisce tráth a leagtar iad.

**21 Airgead sa bhanc**

| | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|
| | **2023** | **2022** | **2023** | **2022** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Airgead sa bhanc | 124,662 | 52,207 | 109,246 | 39,735 |
| Iarmhéideanna srianta bainc | 10,044 | 11,614 | 3,834 | 6,880 |
| | 134,706 | 63,821 | 113,080 | 46,615 |

Sainmhínítear iarmhéideanna srianta airgid agus bainc mar iarmhéideanna airgid agus bainc nach bhfuil ar fáil lena n-úsáid láithreach ag an Ollscoil. Ní fhéadfar iarmhéideanna airgid den sórt sin a úsáid ach amháin chun críocha sainithe áirithe.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

### 22 Suimeanna Iníoctha: Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin

| | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Creidiúnaithe trádála | 4,729 | 4,965 | 3,455 | 3,559 |
| Deontais agus conarthaí taighde a fuarthas roimh ré | 125,340 | 111,027 | 125,340 | 111,027 |
| Táillí acadúla a fuarthas roimh ré | 57,352 | 54,598 | 57,352 | 54,598 |
| Deontas stáit a fuarthas roimh ré - HEA | 16,879 | 17,962 | 16,879 | 17,962 |
| Iasachtaí bainc (nóta 24) | 57,182 | 8,693 | 26,392 | 6,671 |
| Suimeanna atá dlite d'fhoghnóthais | - | - | 1,522 | 1,206 |
| Cáin agus árachas sóisialach eile | 8,578 | 7,899 | 8,147 | 7,497 |
| Ioncam iarchurtha | 20,892 | 20,128 | 10,841 | 10,949 |
| Ioncam léasa iarchurtha | 456 | 456 | 456 | 456 |
| Deontais chaipitil iarchurtha (nóta 25) | 9,461 | 10,202 | 9,243 | 9,984 |
| Oibleagáid léasa airgeadais ghearrthéarmaigh (nóta 26) | 184 | 180 | 184 | 180 |
| Creidiúnaithe eile agus fabhruithe | 42,315 | 34,986 | 39,079 | 31,765 |
| | 343,368 | 271,096 | 298,890 | 255,854 |

Is iníoctha ar éileamh atá suimeanna atá dlite d'fhoghnóthais.

### 23 Suimeanna Iníoctha: Suimeanna a bheidh dlite tar éis bliain amháin

| | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Iasachtaí bainc (nóta 24) | 115,378 | 165,786 | 115,378 | 135,047 |
| Deontais chaipitil iarchurtha (nóta 25) | 217,493 | 198,762 | 211,622 | 192,675 |
| Ioncam léasa iarchurtha | 1,255 | 1,711 | 1,255 | 1,711 |
| Oibleagáid léasa airgeadais fhadtéarmaigh (nóta 26) | 11,903 | 12,087 | 11,903 | 12,087 |
| Creidiúnaithe eile | 1,389 | 1,340 | - | - |
| | 347,418 | 379,686 | 340,158 | 341,520 |

### 24 Iasachtaí Bainc

| | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Iasachtaí bainc** | | | | |
| Tá iasachtaí bainc in-aisíoctha mar a leanas: | | | | |
| I gceann bliain amháin nó níos lú (nóta 22) | 57,182 | 8,693 | 26,392 | 6,671 |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | 5,953 | 8,902 | 5,953 | 6,831 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 17,958 | 27,430 | 17,958 | 20,871 |
| I gceann cúig bliana nó níos mó | 91,467 | 129,454 | 91,467 | 107,345 |
| Iomlán (nóta 23) | 115,378 | 165,786 | 115,378 | 135,047 |
| Iasachtaí bainc iomlána | 172,560 | 174,479 | 141,770 | 141,718 |

Tháinig méadú ar iasachtaí gearrthéarmacha bainc go €57.2m, ó €8.7m sa bhliain 2022. Tháinig an méadú sin as cur i láthair cuntasaíochta iasachtaí áirithe Ollscoile sa bhliain 2023.Tháinig sé sin chun cinn toisc gurbh amhlaidh, ag dáta an ráitis ar staid airgeadais, a bhí an Ollscoil ag sárú cúnant bainc a bhí ceangailte lena hiasachtaí, ar dá bharr a bhí gnéithe áirithe de phunann iasachtaí an ghrúpa á gcur i láthair mar dhliteanais reatha. Tar éis dháta an ráitis ar staid airgeadais, an 4 Márta 2024, fuair an Ollscoil tarscaoileadh i leith an chúnaint sin agus níl sí ag sárú an chúnaint a thuilleadh amhail dáta cheadú na ráiteas airgeadais seo. Tagann an laghdú sin in iasachtaí fadtéarmacha bainc chun cinn freisin go substainteach ón gceanglas cur i láthair cuntasaíochta sin.

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean**

**24 Iasachtaí Bainc – ar lean**

| Iasachtóir | Suim na hIasachta €'000 | Iarmhéid 2023 (Lena n-áirítear ús a fabhraíodh) €000 | Téarma na hIasachta Blianta | Dáta Aibíochta | Iasachtaí |
|---|---|---|---|---|---|
| Banc na hÉireann | 20,000 | 14,044 | 20 | 13/01/2038 | UCC |
| An Banc Eorpach Infheistíochta | 15,000 | 12,053 | 23 | 18/11/2039 | UCC |
| An Banc Eorpach Infheistíochta | 35,000 | 30,713 | 23 | 05/06/2041 | UCC |
| An Banc Eorpach Infheistíochta | 50,000 | 46,116 | 23 | 21/06/2041 | UCC |
| Banc na hÉireann | 8,450 | 6,413 | 20 | 22/09/2037 | UCC |
| An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe | 33,000 | 32,431 | 30 | 04/12/2050 | UCC |
| Banc na hÉireann | 18,441 | 7,966 | 20 | 23/12/2033 | Campus Accommodation (UCC) DAC |
| Banc na hÉireann | 15,176 | 9,354 | 20 | 14/01/2036 | Campus Accommodation (UCC) DAC |
| Banc na hÉireann | 10,000 | 7,234 | 20 | 13/01/2038 | Campus Accommodation (UCC) DAC |
| Banc na hÉireann | 8,736 | 6,185 | 20 | 13/01/2038 | Campus Accommodation (UCC) DAC |
| Banc na hÉireann | 200 | 51 | 1 | 01/12/2024 | IMI DAC |
| **Iomlán** | **214,003** | **172,560** | | | |

B'ionann agus 2.25% an costas comhdhlúite foriomlán caipitil d'iasachtaí na hOllscoile sa bhliain 2023.
Soláthraíonn an Ollscoil gealltán diúltach dá hiasachtaí.
Chomh maith leis sin, ráthaigh sí na dliteanais i leith Campus Accommodation (UCC) DAC, fochuideachta dá cuid.

**25 Deontais chaipitil iarchurtha**

| | Foirgnimh €'000 | Trealamh €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Comhdhlúite** | | | |
| Iarmhéideanna ag an 1 Deireadh Fómhair 2022 | 192,620 | 16,344 | 208,964 |
| Deontais chaipitil a fuarthas | 19,686 | 7,765 | 27,451 |
| Suim a scaoileadh chuig ioncam agus caiteachas | (3,665) | (5,796) | (9,461) |
| Iarmhéideanna ag an 30 Meán Fómhair 2023 | 208,641 | 18,313 | 226,954 |

| Is féidir na Deontais Chaipitil Iarchurtha a anailísiú mar a leanas: | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| **Comhdhlúite** | | |
| Creidiúnaithe a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin (nóta 22) | 9,461 | 10,202 |
| Creidiúnaithe a bheidh dlite tar éis bliain amháin (nóta 23) | 217,493 | 198,762 |
| | 226,954 | 208,964 |

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean**

| **25 Deontais chaipitil iarchurtha - ar lean** | **Foirgnimh €'000** | **Trealamh €'000** | **Iomlán €'000** |
|---|---|---|---|
| **Ollscoil** | | | |
| Iarmhéideanna ag an 1 Deireadh Fómhair 2022 | 186,314 | 16,345 | 202,659 |
| Deontais chaipitil a fuarthas | 19,684 | 7,765 | 27,449 |
| Suim a scaoileadh chuig ioncam agus caiteachas | (3,448) | (5,795) | (9,243) |
| Iarmhéideanna ag an 30 Meán Fómhair 2023 | 202,550 | 18,315 | 220,865 |

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| Is féidir na Deontais Chaipitil Iarchurtha a anailísiú mar a leanas: | **€'000** | **€'000** |
| **Ollscoil** | | |
| Creidiúnaithe a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin (nóta 22) | 9,243 | 9,984 |
| Creidiúnaithe a bheidh dlite tar éis bliain amháin (nóta 23) | 211,622 | 192,675 |
| | 220,865 | 202,659 |

**26 Oibleagáid léasa airgeadais**

Chuaigh an Ollscoil isteach i gcomhaontú léasa trí bliana le haghaidh réadmhaoin oideachais i gCathair Chorcaí a úsáid. Sa bhliain 2018, d'aontaigh an Ollscoil an réadmhaoin sin a cheannach. Íocfar an praghas ceannaigh comhaontaithe ag deireadh an téarma léasa. Tá léas airgeadais mar shubstaint ag an oibleagáid léasa sin. Is leagtha amach thíos atá faisnéis faoin oibleagáid chun íocaíochtaí léasa sa todhchaí a dhéanamh.

| | **Comhdhlúite agus Ollscoil** | |
|---|---|---|
| | **2023 €'000** | **2022 €'000** |
| **Tá íocaíochtaí sa todhchaí dlite mar a leanas:** | | |
| Laistigh de bhliain amháin | 426 | 426 |
| Níos moille ná bliain amháin ach laistigh de chúig bliana | 12,833 | 1,703 |
| Níos moille ná cúig bliana | - | 11,555 |
| Iomlán | 13,259 | 13,684 |
| Costais mhaoiniúcháin sa todhchaí | (1,172) | (1,417) |
| Dliteanas léasa | 12,087 | 12,267 |
| *Anailísithe mar a leanas:* | | |
| An sciar reatha (nóta 22) | 184 | 180 |
| An sciar fadtéarmach (nóta 23) | 11,903 | 12,087 |
| Dliteanas léasa | 12,087 | 12,267 |

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

### 27 Cúlchistí Srianta

Bhain an cúlchiste srianta le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus le Fondúireacht Ollscoil Chorcaí araon agus tá sé mar a leanas:

| | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 €'000 | 2022 €'000 | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
| Iarmhéid tosaigh | 23,447 | 23,219 | 18,103 | 17,653 |
| Athrangú ón gcúlchiste neamhshrianta | - | (1,142) | - | - |
| Síntiúis/cistí nua a infheistíodh | 3,627 | 3,836 | 227 | 413 |
| Ioncam infheistíochta | 404 | 403 | 404 | 403 |
| Caiteachas | (1,999) | (2,703) | (190) | (200) |
| Méadú/(laghdú) i margadhluach na n-infheistíochtaí | (400) | (166) | (400) | (166) |
| Ioncam cuimsitheach srianta iomlán don bhliain | 1,632 | 1,370 | 41 | 450 |
| Iarmhéid deiridh | 25,079 | 23,447 | 18,144 | 18,103 |
| *Anailís ar chistí srianta/síntiúis shrianta eile de réir cineál cuspóra:* | | | | |
| Oideachas agus taighde | 3,627 | 3,836 | 227 | 413 |

### 28 Teagmhais

Ní raibh ag an Ollscoil aon dliteanais theagmhasacha ábhartha ar eolas ag an 30 Meán Fómhair 2023.

### 29 Ceangaltais chaipitil

| | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 €'000 | 2022 €'000 | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
| Nithe ar conraíodh dóibh agus nár cuireadh ar fáil | 3,324 | 8,949 | 3,257 | 6,443 |
| Nithe a údaraíodh agus nár conraíodh dóibh | 102,819 | 23,678 | 102,819 | 20,500 |
| | 106,143 | 32,627 | 106,076 | 26,943 |

### 30 Ionstraimí airgeadais

Déantar achoimre sa chatagóir thíos ar luach seilbhe na sócmhainní agus na ndliteanas airgeadais comhdhlúite agus ar luach seilbhe shócmhainní agus dhliteanais airgeadais na hOllscoile:

| | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 |
| **Sócmhainní airgeadais** | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| *A thomhaistear de réir luach cóir tríd an ráiteas ar ioncam cuimsitheach* | | | | |
| • Infheistíochtaí in ionstraimí cothromais liostaithe (nóta 17) | 28,567 | 28,793 | 28,567 | 28,793 |
| *A thomhaistear de réir suimeanna neamhlascainithe atá infhaighte* | | | | |
| • Féichiúnaithe trádála (nóta 19) | 3,349 | 4,896 | 1,315 | 1,549 |
| • Suimeanna atá dlite ó fhoghnóthais (nóta 19) | - | - | 17,077 | 13,683 |
| **Dliteanais airgeadais** | | | | |
| *A thomhaistear de réir costas amúchta* | | | | |
| • Iasachtaí bainc agus iasachtaí eile (nóta 24) | 172,560 | 174,479 | 141,770 | 141,718 |
| • Oibleagáidí faoi léasanna airgeadais (nóta 26) | 12,087 | 12,267 | 12,087 | 12,267 |
| *A thomhaistear de réir suimeanna neamhlascainithe atá iníoctha* | | | | |
| • Creidiúnaithe trádála (nóta 22) | 4,729 | 4,965 | 3,455 | 3,559 |
| • Suimeanna atá dlite d'fhoghnóthais (nóta 22) | - | - | 1,522 | 1,206 |

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

| 31 | **Anailís ar athruithe i nglanfhiachas** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|---|
| | | **€'000** | **€'000** |
| | Airgead sa bhanc/taiscí gearrthéarmacha/infheistíochtaí reatha | 150,432 | 134,634 |
| | Fiachas bainc a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | (57,182) | (8,693) |
| | Fiachas bainc a bheidh dlite tar éis bliain amháin | (115,378) | (165,786) |
| | Iomlán | (22,128) | (39,845) |

### 32 Páirtithe gaolmhara

Ba ar chomhdhlúthú a cealaíodh idirbhearta le fochuideachtaí agus gnóthais eile de chuid na hOllscoile.

Maidir le hidirbhearta le heintitis ar cuid den ghrúpa iad agus ar institiúidí infheistiúcháin de chuid an ghrúpa iad agus a cháilíonn mar pháirtithe gaolmhara, ní nochtar iad toisc go bhfuil an Ollscoil díolmhaithe faoi mhír 33.9 de FRS 102 – 'Nochtadh Páirtithe Gaolmhara'.

Ní cheanglaítear idirbhearta páirtithe gaolmhara a nochtadh i gcás go ndéantar iad le heintitis eile ar fochuideachtaí atá faoi úinéireacht iomlán na hOllscoile iad.

### 33 Sochair scoir

D'fheidhmigh an Ollscoil trí scéim pinsean sochair shainithe le linn na bliana.

***Coláiste na hOllscoile, Corcaigh – Scéim (Dhúnta) Ollscoil na hÉireann, Corcaigh – ar a dtugtar an "Scéim Dhúnta"***

Is í Scéim (Dhúnta) Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, ar a dtugtar an "Scéim Dhúnta", an phríomhscéim. Tá feidhm ag an Scéim Dhúnta maidir le gach fostaí inphinsin a ceapadh roimh an 31 Nollaig 2004 agus tá sí dúnta d'iontrálaithe nua. Is í an Ollscoil a chistigh an Scéim Dhúnta suas go dtí an 31 Márta 2010. Feidhmíodh an Scéim faoi Reacht agus coimeádadh sócmhainní na Scéime ar leithligh ó shócmhainní na hOllscoile.

Foráiltear leis an Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, go slánóidh an tOireachtas aon easnamh a thiocfaidh aníos mura leor comhiomlán ranníocaíochtaí na mball agus na bhfostóirí arna n-íoc leis an Ollscoil nó arna dtarraingt siar aici chun freastal ar na hoibleagáidí atá ar an Ollscoil na sochair sin a íoc i gcomhréir leis an scéim. De réir I.R. Uimh. 124/2010 - an tAcht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh – Ollscoil na hÉireann, Corcaigh), aistríodh sócmhainní na Scéime Pinsean Dúnta chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean an 31 Márta 2010. D'éirigh na baill den Scéim sin ina mbaill de scéim reachtúil neamhchistithe a athainmníodh mar "Scéim (Dhúnta) Choláiste na hOllscoile, Corcaigh". Ní raibh aon tionchar ann ar na sochair atá iníoctha leis na baill, ar an mbonn gurb ionann téarmaí agus coinníollacha teidlíochta na mball agus iad sin a bhí acu faoi phrionsabail na Scéime ar bhunaigh Údarás Ceannais UCC í. Ina theannta sin, leagtar amach in alt 6(2) den reachtaíocht an tionchar a bheidh ag an ordú aistrithe ar shócmhainní na Scéime i gcás go scoirfidh an comhlacht iomchuí [i.e., UCC] de bheith faoi dhliteanas i leith na Scéime. Tar éis na sócmhainní a aistriú chuig an státchiste, ní dhéanann UCC aon chinntí maidir leis an Scéim Pinsean a thuilleadh. Laistigh den dliteanas pinsin foriomlán, tá suim €90.1m a bhaineann le blianta breise seirbhíse gairmiúla. Baineann an tsuim €90.1m sin le blianta breise seirbhíse gairmiúla a tuilleadh go díreach i Scéim (Dhúnta) UCC agus le blianta breise a tuilleadh in áit eile san earnáil phoiblí. Cuirtear an tsuim chun sochair Scéim (Dhúnta) UCC tar éis aistriú seirbhíse. Tarlaíonn sé sin de ghnáth nuair a earcaíonn UCC ball foirne ó áit eile san earnáil phoiblí. Den dliteanas iomlán blianta breise €90.1m, is é €12.8m an dliteanas blianta breise seirbhíse gairmiúla a bhaineann le seirbhís a aistríodh isteach.

Sna ráitis airgeadais do bhlianta roimhe, míníodh nach raibh an Roinn Oideachais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe ar aon tuairim le UCC maidir le cistiú an dliteanais €12.8m a bhaineann le blianta breise seirbhíse gairmiúla a aistríodh isteach. Mar thoradh ar an ábhar sin, tosaíodh imeachtaí dlíthiúla idir na ranna lenar bhain agus UCC. I mí Dheireadh Fómhair 2017, tháinig an Ollscoil ar chomhaontú iomlán críochnaitheach leis an Údarás um Ard-Oideachas, a bhí ag déanamh ionadaíocht don Stát, ar conas a chisteofar sa todhchaí an dliteanas €12.8m dá dtagraítear thuas. Dá bharr sin, tarraingíodh siar an chaingean ar thionscain UCC í. Foráiltear leis an gcomhaontú don teidlíocht iomlán a bhaineann le blianta breise seirbhíse gairmiúla a aistríodh isteach a íoc leis na baill foirne agus na pinsinéirí lena mbaineann. Den dliteanas iomlán €12.8m dá dtagraítear thuas, mheas UCC go mbeadh a sciar féin den dliteanas cothrom le €3.1m agus go gcisteodh an Stát an chuid eile den dliteanas (€9.7m). Ar aon dul le comhairle achtúireach, tháinig UCC agus na ranna lenar bhain ar chomhaontú faoi phlean cistiúcháin i leith an dliteanais sin. Déanfar an plean cistiúcháin sin a athbhreithniú gach bliain mar chuid den athbhreithniú achtúireach a dhéanfar le linn ráitis airgeadais na hOllscoile a ullmhú.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

### 33 Sochair scoir - ar lean

***"Scéim Pinsean Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, 2005" - ar a dtugtar "Scéim 2005"***

Tá feidhm ag Scéim 2005 maidir le gach ball foirne nua a ceapadh idir an 1 Eanáir 2005 agus an 31 Nollaig 2012. Is Scéim neamhchistithe í, a íoctar ar bhonn íoc-mar-a-théitear trí airgead a sholáthraíonn an Stát don Ollscoil chun na críche sin.

Ar an mbonn go slánóidh an tOireachtas aon easnamh a thiocfaidh aníos chun freastal ar na hoibleagáidí atá ar an Ollscoil sochair phinsin Scéim 2005 a íoc, agus ar an mbonn go gcisteofar dliteanais phinsin amach anseo Scéim 2005 ar bhonn íoc-mar-a-théitear trí airgead a sholáthróidh an Stát don Ollscoil chun na críche sin, fritháiríodh an dliteanas pinsin trí shócmhainn atá coibhéiseach le dliteanais phinsin na hOllscoile a aithint, mar chuid den tsócmhainn fhoriomlán cistiúcháin pinsin iarchurtha.

***An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair***

Is í an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (an Scéim Aonair) an scéim pinsean sochair shainithe d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Is leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe a íocann an Ollscoil na hasbhaintí a thógtar ó fhostaithe faoin Scéim Aonair.

De réir I.R. Uimh. 581 de 2012, tá an Ollscoil forordaithe mar údarás iomchuí chun críocha na Scéime Aonair. Bhí 1,504 bhall ghníomhacha den Scéim Aonair ag an Ollscoil ag an 30 Meán Fómhair 2023. Rinneadh soláthar sna ráitis airgeadais seo do na sochair amach anseo a bheidh dlite do bhaill den Scéim amhail an 30 Meán Fómhair 2023. Is é tuairim na hOllscoile (de réir alt 44 d'Acht 2012) go bhfritháireofaí aon dliteanas i leith na Scéime Aonair trí shócmhainn choibhéiseach i leith cistiú Stáit amach anseo a aithint.

Thuairiscigh an Ollscoil glandliteanas pinsin ag an 30 Meán Fómhair 2023 agus 2022 mar a leanas:

| | **2023**<br>**€'000** | **2022**<br>**€'000** |
|---|---|---|
| Luach reatha na n-oibleagáidí sochair shainithe | (1,383,565) | (1,388,310) |
| Dliteanas pinsin | (1,383,565) | 1,388,310 |

| | **2023**<br>**€'000** | **2022**<br>**€'000** |
|---|---|---|
| Anailís ar an dliteanas pinsin | | |
| Scéim Dhúnta | (643,982) | (671,634) |
| Scéim 2005 | (676,498) | (660,287) |
| An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair | (63,085) | (56,389) |
| | (1,383,565) | (1,388,310) |

| Is mar a leanas a bhí an pinsean infhaighte agus an glaneasnamh ag an 30 Meán Fómhair 2023 agus 2022: | **2023**<br>**€'000** | **2022**<br>**€'000** |
|---|---|---|
| Pinsean atá infhaighte ó Stát na hÉireann | 1,380,403 | 1,385,226 |
| Glaneasnamh pinsin | (3,162) | (3,084) |

Déantar sochair phinsin d'fhostaithe áirithe eile de chuid foghnóthas áirithe a íoc trí íocaíochtaí a dhéanamh le scéim pinsean ranníocaíochta sainithe. Muirearaítear ranníocaíochtaí ar an ráiteas ar ioncam cuimsitheach sa bhliain ina mbíonn siad dlite.

Tá ceanglais Alt 28 de FRS 102 glactha ina n-iomláine agus léirítear na gluaiseachtaí seo a leanas sna ráitis airgeadais.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

### 33 Sochair scoir - ar lean

| *Gluaiseacht i luach reatha na hoibleagáide sochair shainithe* | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| **Luach reatha na hoibleagáide sochair shainithe i dtús na bliana** | (1,388,310) | (1,939,100) |
| Costas seirbhíse reatha | (34,886) | (65,293) |
| Costas úis | (56,114) | (28,836) |
| Sochair a íocadh | 39,339 | 33,348 |
| Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe sa phlean | (11,669) | (10,544) |
| Tionchar na n-athruithe ar thoimhdí | 70,351 | 684,496 |
| Tionchar na gcoigeartuithe ó thaithí | (2,276) | (62,381) |
| Luach na hoibleagáide sochair shainithe ag deireadh na bliana | (1,383,565) | (1,388,310) |

*Anailís ar ghluaiseacht sa phinsean infhaighte le linn na bliana*

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| **Anailís ar an tsócmhainn cistiúcháin phinsin iarchurtha** | | |
| I dtús na bliana | 1,385,226 | 1,934,469 |
| Costas seirbhíse reatha | 34,886 | 65,293 |
| Costas úis | 56,114 | 28,836 |
| Suimeanna a chuirtear ar áireamh in ioncam cuimsitheach eile | (47,846) | (593,364) |
| Ranníocaíochtaí ón bhfostóir | (47,899) | (51,555) |
| Méadú/(laghdú) i gcistiú iarchurtha le haghaidh pinsean | (78) | 1,547 |
| Ag deireadh na bliana | 1,380,403 | 1,385,226 |

Maidir leis an luacháil dliteanas a úsáideadh don nochtadh seo, tá sí bunaithe ar luacháil achtúireach a rinne achtúire neamhspleách atá cáilithe go gairmiúil ag dáta an Ráitis ar Staid Airgeadais. Is iad seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun na dliteanais scoir i ndáil leis na scéimeanna pinsean sochair shainithe a ríomh faoi Alt 28 de FRS 102:

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| **Toimhdí Airgeadais** | **Aonad** | **Aonad** |
| Modh luachála | **Réamh-mheasta** | **Réamh-mheasta** |
| Ráta méadaithe i dtuarastail | 4.05% | 3.85% |
| Ráta méadaithe sa phinsean stáit | 2.55% | 2.35% |
| Ráta méadaithe i bpinsin atá á n-íoc | 3.05% | 2.85% |
| Ráta lascaine do dhliteanais scéime | 4.60% | 4.10% |
| Toimhde boilscithe | 2.55% | 2.35% |

Déantar soláthar sa mheánráta mortlaíochta ualaithe a glacadh d'fheabhsuithe ar ionchas saoil le himeacht ama, a fhágann go mbraithfidh ionchas saoil ag an scor ar an mbliain ina slánaíonn an ball aois scoir (65 bliana). Léirítear sa tábla thíos ionchas saoil na mball a shlánaíonn an mheánaois scoir, is é sin, 65 bliana.

Is bunaithe ar tháblaí caighdeánacha mortlaíochta achtúirí atá na toimhdí a bhaineann le fad saoil atá mar bhunús leis na dliteanais phinsin ag dáta an ráitis ar staid airgeadais. Tá na toimhdí coibhéiseach lena bheith ag súil go mairfidh duine atá 65 bliana d'aois ar feadh roinnt blianta mar a leanas:

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **Blianta** | **Blianta** |
| | **F/B** | **F/B** |
| A rachaidh ar scor inniu (ball atá 65 bliana d'aois) | 22.6/24.3 | 22.5/24.2 |
| A rachaidh ar scor i gceann 25 bliana (ball atá 40 bliain d'aois) | 24.3/26.1 | 24.2/26.0 |

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean**

**33 Sochair scoir - ar lean**

Is iad seo a leanas na suimeanna a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach i leith dliteanais phinsin:

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Suim a chuirtear ar áireamh i gcostais foirne** | | |
| Costas seirbhíse reatha | 34,886 | 65,293 |
| Lúide ranníocaíochtaí ón bhfostóir | (47,899) | (51,555) |
| | (13,013) | 13,738 |
| **Muirir mhaoiniúcháin eile** | | |
| Ús ar dhliteanais na scéime pinsean | 56,114 | 28,836 |
| **Glanchistiú iarchurtha le haghaidh pinsean** | | |
| Cistiú in-aisghafa i leith chostais phinsin na bliana reatha | (43,101) | (42,575) |
| Méadú/(laghdú) i gcistiú iarchurtha le haghaidh pinsean | 78 | (1,547) |
| | (43,023) | (44,122) |
| **Suimeanna a aithnítear in ioncam cuimsitheach eile** | | |
| Tionchar na n-athruithe ar thoimhdí | (70,351) | (684,496) |
| Tionchar na gcoigeartuithe ó thaithí | 2,276 | 62,381 |
| Toradh ar shócmhainní plean | 20,229 | 28,751 |
| Gnóthachan/caillteanas achtúireach i ndáil le scéimeanna pinsean | (47,846) | (593,364) |
| **Gluaiseacht sa phinsean infhaighte** | (47,846) | (593,364) |

Feidhmíonn Foras Bainistíochta na hÉireann (Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta), ar fochuideachta de chuid na hOllscoile é, scéim pinsean ranníocaíochta sainithe. Tá fostaithe buana áirithe de chuid an Fhorais incháilithe chun a bheith ina mbaill den phlean ranníocaíochta sainithe. Sealbhaítear sócmhainní an phlean ranníocaíochta sainithe ar leithligh ó shócmhainní na hOllscoile, agus iad á gcoinneáil i gciste atá á riar ag iontaobhaithe neamhspleácha. Muirearaítear ranníocaíochtaí an Fhorais ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach sa bhliain ina mbíonn siad iníoctha. Muirearaíodh €0.57m ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach le linn na bliana airgeadais (2022: €0.55m) agus bhí ranníocaíochtaí €0.05m (2022: 0.06m) amuigh amhail an 30 Meán Fómhair 2023.

**34 Ioncam Iarchurtha**

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Deontas stáit a fuarthas agus atá infhaighte | 90,282 | 77,053 |
| Deontas stáit atá infhaighte ón mbliain chuntasaíochta roimhe | 15,610 | 18,795 |
| Deontas stáit a iarchuireadh chuig bliain chuntasaíochta ina dhiaidh seo | (16,879) | (15,610) |
| Deontas stáit de réir na ráiteas airgeadais | 89,013 | 80,238 |

**35 Sceideal Forlíontach ó Roinn Oideachais na Stát Aontaithe maidir le Freagracht Airgeadais**

Chun na hoibleagáidí atá uirthi cabhrú le mic léinn rochtain a fháil ar chabhair airgeadais fheidearálach ó na Stáit Aontaithe a chomhlíonadh, ceanglaíonn Roinn Oideachais na Stát Aontaithe ar an Ollscoil an Sceideal Forlíontach seo a leanas a chur i láthair i bhformáid fhorordaithe.

Maidir leis na suimeanna atá curtha i láthair laistigh de na sceidil:

- ullmhaíodh iad faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, faoi réir sócmhainní seasta áirithe a athluacháil;
- ullmhaíodh iad trí úsáid a bhaint as an gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn, de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) agus an Ráitis ar Chleachtas Molta: Cuntasaíocht d'Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais (eagrán 2019); agus
- cuireadh i láthair in Euro iad.

Leagtar amach sna sceidil an dóigh ar baineadh gach suim atá nochta as na ráitis airgeadais. Mar atá leagtha amach thuas, níl na beartais chuntasaíochta a úsáideadh le linn na suimeanna atá nochta a chinneadh ceaptha chun ceanglais na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo i Stáit Aontaithe Mheiriceá a chomhlíonadh agus ní chomhlíonann siad na prionsabail sin.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

### 35 Sceideal Forlíontach ó Roinn Oideachais na Stát Aontaithe maidir le Freagracht Airgeadais - *ar lean*

**Cóimheas Príomh-Chúlchiste**

| | | | 2023 | 2023 | 2022 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Nóta/Sceideal** | **Téarma a úsáidtear sna Ráitis Airgeadais** | **Téarma a úsáidtear sa Sceideal Forlíontach ó Roinn Oideachais na Stát Aontaithe maidir le Freagracht Airgeadais** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| | | **Glansócmhainní Inídithe:** | | | | |
| Ráiteas comhdhlúite ar staid airgeadais | Ioncam agus caiteachas – cúlchiste neamhshrianta | Glansócmhainní nach bhfuil srianta síntiúsóirí ag gabháil leo | 210,027 | - | 220,230 | - |
| Ráiteas comhdhlúite ar staid airgeadais | Ioncam agus caiteachas - cúlchiste srianta | Glansócmhainní a bhfuil srianta síntiúsóirí ag gabháil leo | 25,079 | - | 23,447 | - |
| N/B | N/B | Suim Urraithe agus Neamhurraithe atá infhaighte ó pháirtithe gaolmhara | - | - | - | - |
| N/B | N/B | Suim Neamhurraithe atá infhaighte ó pháirtithe gaolmhara | - | - | - | - |
| 15,16,25 | Sócmhainní Seasta Inláimhsithe (€684,396k), móide Sócmhainní Oidhreachta (€3,094k), lúide Deontais Chaipitil Iarchurtha (€226,954k) | Réadmhaoin, gléasra agus trealamh (Sócmhainní atá á dTógáil san áireamh) – glanfhigiúr | 460,536 | - | 482,869 | - |
| 35 | 35 – Nochtadh forlíontach – Líne 1.d | Réadmhaoin, gléasra agus trealamh – roimh chur chun feidhme | 359,116 | - | 398,588 | - |
| 35 | 35 – Nochtadh forlíontach – Líne 2.A | Réadmhaoin, gléasra agus trealamh – tar éis cur chun feidhme, agus an fiachas atá amuigh i leith an cheannacháin bhunaidh san áireamh | 47,070 | - | 31,598 | - |
| N/B | N/B | Réadmhaoin, gléasra agus trealamh – tar éis cur chun feidhme, gan an fiachas atá amuigh i leith an cheannacháin bhunaidh a áireamh | - | - | - | - |
| 35 | 35 – Nochtadh forlíontach – Líne 3. | Sócmhainní atá á dtógáil a fuarthas tar éis cur chun feidhme | 54,350 | - | 52,683 | - |
| N/B | N/B | Sócmhainn léasa a bhfuil ceart úsáide ag gabháil léi – glanfhigiúr | - | - | - | - |
| N/B | N/B | Sócmhainn léasa a bhfuil ceart úsáide ag gabháil léi – roimh chur chun feidhme | - | - | - | - |
| N/B | N/B | Sócmhainn léasa a bhfuil ceart úsáide ag gabháil léi – tar éis cur chun feidhme | - | - | - | - |
| 16 | Sócmhainní Doláimhsithe | Sócmhainní doláimhsithe | 8,156 | - | - | - |

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

### 35 Sceideal Forlíontach ó Roinn Oideachais na Stát Aontaithe maidir le Freagracht Airgeadais - *ar lean*

| | | | 2023 | 2023 | 2022 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Nóta/Sceideal** | **Téarma a úsáidtear sna Ráitis Airgeadais** | **Téarma a úsáidtear sa Sceideal Forlíontach ó Roinn Oideachais na Stát Aontaithe maidir le Freagracht Airgeadais** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| | | **Glansócmhainní Inídithe:** | | | | |
| 33 | Glaneasnamh pinsin | Dliteanais iarfhostaíochta agus phinsin | 3,162 | - | 3,084 | - |
| 24 | Iasachtaí bainc iomlána | Fiachas fadtéarmach – chun críocha fadtéarmacha | 172,560 | - | 174,479 | - |
| 24 | Iasachtaí bainc iomlána 2022 (€174,479) | Fiachas fadtéarmach – chun críocha fadtéarmacha – roimh chur chun feidhme | 174,479 | - | 174,075 | - |
| 24 | Iasachtaí bainc iomlána 2023 (€172,560k), lúide Iasachtaí bainc iomlána 2022 (€174,479k) | Fiachas fadtéarmach – chun críocha fadtéarmacha – tar éis cur chun feidhme | (1,919) | - | 404 | - |
| N/B | N/B | Líne Chreidmheasa le haghaidh sócmhainní atá á dtógáil | - | - | - | - |
| N/B | N/B | Dliteanas sócmhainne léasa a bhfuil ceart úsáide ag gabháil léi | - | - | - | - |
| N/B | N/B | Léasanna a bhfuil ceart úsáide ag gabháil leo – roimh chur chun feidhme | - | - | - | - |
| N/B | N/B | Léasanna a bhfuil ceart úsáide ag gabháil leo – tar éis cur chun feidhme | - | - | - | - |
| N/B | N/B | Blianachtaí a bhfuil srianta síntiúsóirí ag gabháil leo | - | - | - | - |
| N/B | N/B | Dearlaicí téarma a bhfuil srianta síntiúsóirí ag gabháil leo | - | - | - | - |
| N/B | N/B | Cistí ioncaim saoil a bhfuil srianta síntiúsóirí ag gabháil leo | - | - | - | - |
| 27 | Ráiteas comhdhlúite ar staid airgeadais – Ioncam agus caiteachas – cúlchiste neamhshrianta | Glansócmhainní a bhfuil srianta síntiúsóirí ag gabháil leo: srianta ó thaobh suthaineachta de | 25,079 | | 23,447 | - |
| | | **Speansais agus Caillteanais Iomlána:** | | | | |
| Ráiteas comhdhlúite ar ioncam agus caiteachas cuimsitheach | Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus Caiteachas Cuimsitheach - Caiteachas iomlán (€487,828k), lúide caiteachas srianta Nóta 27 (€1,999k) | Speansais iomlána nach bhfuil srianta síntiúsóirí ag gabháil leo – tógtha go díreach ón Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí | 485,829 | - | 449,059 | - |
| Ráiteas comhdhlúite ar ioncam agus caiteachas cuimsitheach | Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus Caiteachas Cuimsitheach – Ioncam infheistíochta (€535k), (Caillteanas) ar infheistíochtaí (€618k), Gnóthachan ar infheistíochtaí a dhíol (€250k), Cistiú iarchurtha le haghaidh pinsean (€43,023k), Creidmheas costas seirbhíse pinsean (€13,013k), Speansas Úis Pinsin (€56,114k). | Infheistíocht Neamhoibriúcháin agus Glaninfheistíocht (caillteanas) | (89) | - | 1,913 | - |

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

### 35 Sceideal Forlíontach ó Roinn Oideachais na Stát Aontaithe maidir le Freagracht Airgeadais - *ar lean*

| | | | 2023 | 2023 | 2022 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Nóta/Sceideal** | **Téarma a úsáidtear sna Ráitis Airgeadais** | **Téarma a úsáidtear sa Sceideal Forlíontach ó Roinn Oideachais na Stát Aontaithe maidir le Freagracht Airgeadais** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| | | **Speansais agus Caillteanais Iomlána:** | | | | |
| Ráiteas comhdhlúite ar ioncam agus caiteachas cuimsitheach | Gnóthachan/(Caillteanas) ar infheistíochtaí | Glanghnóthachain/(glanchai llteanais) infheistíochta | (618) | - | (170) | - |
| N/B | N/B | Athruithe a bhaineann le pinsean, seachas glanchostais thréimhsiúla | - | - | - | - |

**Cóimheas Cothromais**

| | | | 2023 | 2023 | 2022 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Nóta/Sceideal** | **Téarma a úsáidtear sna Ráitis Airgeadais** | **Téarma a úsáidtear sa Sceideal Forlíontach ó Roinn Oideachais na Stát Aontaithe maidir le Freagracht Airgeadais** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| | | **Glansócmhainní Modhnaithe:** | | | | |
| Ráiteas comhdhlúite ar staid airgeadais | Ioncam agus caiteachas – cúlchiste neamhshrianta | Glansócmhainní nach bhfuil srianta síntiúsóirí ag gabháil leo | 210,027 | - | 220,230 | - |
| Ráiteas comhdhlúite ar staid airgeadais | Ioncam agus caiteachas - cúlchiste srianta | Glansócmhainní a bhfuil srianta síntiúsóirí ag gabháil leo | 25,079 | - | 23,447 | - |
| Ráiteas comhdhlúite ar staid airgeadais | Sócmhainní Doláimhsithe | Sócmhainní doláimhsithe | 8,156 | - | - | - |
| N/B | N/B | Suim Urraithe agus Neamhurraithe atá infhaighte ó pháirtithe gaolmhara | - | - | - | - |
| N/B | N/B | Suimeanna Neamhurraithe atá infhaighte ó pháirtithe gaolmhara | - | - | -- | - |
| | | **Sócmhainní Modhnaithe:** | | | | |
| Ráiteas comhdhlúite ar staid airgeadais | Ráiteas comhdhlúite ar staid airgeadais – Sócmhainní neamhreatha (€724,213k), móide Sócmhainní reatha (€204,841k) | Sócmhainní iomlána | 929,054 | - | 897,543 | - |
| N/B | N/B | Sócmhainn léasa a bhfuil ceart úsáide ag gabháil léi – roimh chur chun feidhme | - | - | - | - |
| N/B | N/B | Léasanna a bhfuil ceart úsáide ag gabháil leo – roimh chur chun feidhme | - | - | - | - |

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

### 35 Sceideal Forlíontach ó Roinn Oideachais na Stát Aontaithe maidir le Freagracht Airgeadais - *ar lean*

| | | | 2023 | 2023 | 2022 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Nóta/Sceideal** | **Téarma a úsáidtear sna Ráitis Airgeadais** | **Téarma a úsáidtear sa Sceideal Forlíontach ó Roinn Oideachais na Stát Aontaithe maidir le Freagracht Airgeadais** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| | | **Sócmhainní Modhnaithe:** | | | | |
| N/B | N/B | Sócmhainní doláimhsithe | 8,156 | - | - | - |
| N/B | N/B | Suim Urraithe agus Neamhurraithe atá infhaighte ó pháirtithe gaolmhara | - | - | - | - |
| N/B | N/B | Suimeanna Neamhurraithe atá infhaighte ó pháirtithe gaolmhara | - | - | - | - |
| | | | | | | |
| | | **Cóimheas Glanioncaim:** | | | | |
| Ráiteas comhdhlúite ar ioncam agus caiteachas cuimsitheach | Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus Caiteachas Cuimsitheach – Ioncam cuimsitheach neamhshrianta don bhliain | Athrú i nGlansócmhainní nach bhfuil Srianta Síntiúsóirí ag gabháil leo | (10,203) | - | (636) | - |
| Ráiteas comhdhlúite ar ioncam agus caiteachas cuimsitheach | Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus Caiteachas Cuimsitheach – ioncam iomlán<br>Ioncam iomlán (€479,625k), lúide ioncam infheistíochta (€535k), móide gnóthachan ar shócmhainní seasta inláimhsithe a dhíol (€0k), lúide cistiú iarchurtha le haghaidh pinsean (€43,023k).<br>Ní chuirtear caillteanais ar áireamh | Ioncam agus Gnóthachan Iomlán | 436,067 | - | 407,935 | - |

| **Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Ollscoil na hÉireann, Corcaigh**<br>**Nochtaí Forlíontacha maidir le Freagracht Airgeadais – An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2023** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Réadmhaoin, gléasra agus trealamh – glanfhigiúr** | | | **2023**<br>**€'000** | **2022**<br>**€'000** |
| **1.** | | Réadmhaoin, gléasra agus trealamh roimh chur chun feidhme – glanfhigiúr | | |
| | **a.** | Iarmhéid deiridh ráitis airgeadais na bliana roimhe (30 Meán Fómhair 2019) | 675,915 | 675,915 |
| | **b.** | Lúide deontais chaipitil iarchurtha (Nóta 25) | (226,954) | (208,964) |
| | **c.** | Lúide dímheas agus diúscairtí ina dhiaidh sin | (89,845) | (68,363) |
| | **d.** | Iarmhéid réadmhaoine, gléasra agus trealaimh – glanfhigiúr | 359,116 | 398,588 |
| | | | | |
| **2.** | | Réadmhaoin, gléasra agus trealamh tar éis cur chun feidhme a maoiníodh le fiachas – glanfhigiúr Sócmhainní fadsaolacha a fuarthas le fiachas tar éis an 30 Meán Fómhair 2019: | | |
| | **a.** | Réadmhaoin, gléasra agus trealamh iomlán – glanfhigiúr – a fuarthas le fiachas is mó ná 12 mhí | 47,070 | 31,598 |
| | | | | |
| **3.** | | Sócmhainní atá á dtógáil a fuarthas tar éis an 30 Meán Fómhair 2019 | 54,350 | 52,683 |
| | | | | |
| **4.** | | Réadmhaoin, gléasra agus trealamh roimh chur chun feidhme – glanfhigiúr – a fuarthas gan fiachas: | | |
| | **a.** | sócmhainní fadsaolacha a fuarthas gan fiachas a úsáid tar éis an 30 Meán Fómhair 2019 | - | - |
| | | | | |
| **5.** | | Réadmhaoin, gléasra agus trealamh iomlán – glanfhigiúr – 30 Meán Fómhair | 460,536 | 482,869 |

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

### 36 Sócmhainn Theagmhasach

Sa bhliain 2020, dhíol an Ollscoil a scairsheilbh in Alimentary Health Ltd, ar mac-chuideachta í ar a dtugtar PrecisionBiotics Group Limited anois, le Novozymes, ar cuideachta cógaisíochta Dhanmhargach í. Bunaithe ar leibhéal cothromais UCC ag dáta an díola, b'ionann agus €4.16m sciar láithreach na hOllscoile den chomaoin tosaigh. Tá féidearthacht ann go dtiocfadh méadú air sin trí chlásal cúitimh, ag brath ar fheidhmíocht shásúil na cuideachta maidir le spriocanna áirithe a chomhlíonadh tar éis fála go dtí an 31 Nollaig 2023. Íocfar aon ioncam cúitimh i Ráithe 3 den bhliain 2024. Níl aon mheastachán ar an ioncam cúitimh ar fáil ag dáta cheadú na ráiteas airgeadais seo.

### 37 Imeachtaí tar éis dháta an Ráitis ar Staid Airgeadais

Mar a nochtar i nóta 24, b'amhlaidh, ag dáta an ráitis ar staid airgeadais, a bhí an Ollscoil ag sárú cúnant bainc a bhí ceangailte lena hiasachtaí, ar dá bharr a bhí gnéithe áirithe de phunann iasachtaí an ghrúpa á gcur i láthair mar dhliteanais reatha i 'Suimeanna Iníoctha – Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin'. Tar éis dháta an ráitis ar staid airgeadais, áfach, fuair an Ollscoil tarscaoileadh ón mbanc i leith an chúnaint sin an 4 Márta 2024 agus níl sí ag sárú an chúnaint a thuilleadh amhail dáta cheadú na ráiteas airgeadais seo. Tar éis dheireadh na bliana, fuair stiúrthóirí Fhoras Bainistíochta na hÉireann tairiscint neamhcheangailteach neamhiarrtha don ghnólacht, rud atá á bhreithniú faoi láthair. Ní féidir meastachán a dhéanamh ar a héifeacht airgeadais ag an am seo. Ní raibh aon imeachtaí suntasacha eile ann atá ag dul i bhfeidhm ar an Ollscoil ó dheireadh na bliana i leith.

### 38 Ceadú na ráiteas airgeadais

Rinne an tÚdarás Ceannais na ráitis airgeadais a cheadú an 12 Márta 2024.

## Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
## Ollscoil na hÉireann, Corcaigh

**Tuilleadh Faisnéise Airgeadais**
**(Nach gcumhdaítear i dTuarascáil na nIniúchóirí)**

**An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2023**

**Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite don Bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2023**

**Ciorclán 13/2014 – Bainistíocht agus Cuntasacht i leith Deontais ó Chistí Státchiste (nach gcumhdaítear i dTuarascáil na nIniúchóirí)**
**Deontais Taighde**

| Deontóir | Roinn/Oifig Rialtais is Maoinitheoir | Deontas (Iarchurtha)/ atá Dlite an 01/10/2022 | Airgead a fuarthas 2022/23 | Airgead a tógadh chuig Ioncam 2022/23 | Deontais Chaipitil Iarchurtha | Deontas (Iarchurtha)/ atá Dlite an 30/09/2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 | €'000 | €000 | €'000 |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 132 | (1,302) | 1,588 | - | 418 |
| Fiontraíocht Éireann | An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta | (5,519) | (9,417) | 10,423 | - | (4,513) |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | An Roinn Sláinte | (1,649) | (1,297) | 1,250 | - | (1,696) |
| An Bord Taighde Sláinte | An Roinn Sláinte | (2,842) | (6,155) | 5,773 | - | (3,224) |
| Comhairle Taighde na hÉireann | An Roinn Oideachais agus Scileanna | (2,475) | (5,398) | 6,390 | - | (1,483) |
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann | An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta | (41,280) | (43,376) | 41,942 | - | (42,714) |
| Teagasc | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | (78) | (1,129) | 1,171 | - | (36) |
| Fuinneamh Inmharthana Éireann | An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil | 137 | (1,800) | 1,210 | - | (453) |
| An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil | 458 | (1,153) | 804 | - | 109 |
| An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil | An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil | (698) | (1,102) | 977 | - | (823) |
| An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta | An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta | (9,643) | (8,800) | 5,006 | - | (13,437) |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | | (2,879) | (837) | 1,586 | - | (2,130) |
| Gníomhaireachtaí Eile Rialtas na hÉireann/Stáit | Ranna Éagsúla | (14,478) | (8,083) | 8,356 | - | (14,205) |
| Deontais Taighde Státchiste Iomlána | | (80,814) | (89,849) | 86,476 | - | (84,187) |
| Deontais Taighde Neamh-Státchiste Iomlána | | (25,690) | (40,999) | 38,885 | - | (27,804) |
| **Iomlán de réir na gCuntas Taighde** | | (106,504) | (130,848) | 125,361 | - | (111,991) |
| Coigeartuithe Eile | | | | | | |
| Coigeartuithe ar an gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis | | 22,901 | - | (6,249) | 8,330 | 24,982 |
| Deontais agus Conarthaí Taighde de réir na Ráiteas Airgeadais | | (83,603) | (130,848) | 119,112 | 8,330 | (87,009) |

**Deontais Chaipitil**
Sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2023, ní bhfuair an Ollscoil aon chistiú deontais faoin gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI V) agus ní bhfuair sí aon chistiú deontais do chláir chaipitil eile. Tabhaítear gach caiteachas den sórt sin ar aon dul le téarmaí agus coinníollacha sonracha an deontais chaipitil lena mbaineann. Is ar aon dul leis na téarmaí agus coinníollacha sonracha a leagann an tÚdarás síos a chaitear le gach cistiú a fhaightear ón Údarás um Ard-Oideachas do Dheontais Chaipitil. Tá an caitheamh sin ar aon dul le beartais agus treoirlínte an Rialtais freisin.

Déantar athbhreithniú ar fhoinsí cistiúcháin Taighde gach bliain. Is féidir go ndéanfar athanailísí beaga ar fhoinsí cistiúcháin mar thoradh ar an athbhreithniú bliantúil sin, cé nach dtiocfaidh aon athrú ar iarmhéideanna foriomlána foinsí cistiúcháin Taighde.

**Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite don Bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2023**

## Freastal an Údaráis Ceannais ón 1 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023

| *Ainm* | *An Líon Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu* | *Ainm* | *An Líon Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu* |
|---|---|---|---|
| An tOllamh Frédéric Adam | 7 | An Dr Brian O'Flaherty | 6 |
| An tUas. Dermot Breen | 7 | An tOllamh John O'Halloran | 7 |
| An tOllamh Stephen Byrne | 7 | An Comh. John O'Leary | 4 |
| An tOllamh Maeve Conrick | 5 | Alison O'Mahoney Uas.[1] | 0 |
| An Comh. Joe Conway[2] | 0 | An Dr Dermot O'Mahoney | 6 |
| An Dr Catherine Day | 7 | An tOllamh Barry O'Sullivan | 6 |
| An tUas. Michael Delargey | 6 | Jennifer O'Sullivan Uas. | 4 |
| An tUas. Owen Dinneen | 5 | An tUas. J.P. Quinn | 7 |
| An Dr Finola Doyle-O'Neill | 4 | An tUas. Dan Pierse | 5 |
| An tOllamh Nuala Finnegan | 6 | An Comh. Jody Power[3] | 0 |
| An Comh. Michael Fitzgerald | 3 | Sinead Roche Uas. | 5 |
| An tUas. John Fitzgibbons | 4 | Bride Rosney Uas. | 5 |
| An Dr Angela Flynn | 7 | Asha Woodhouse Uas. | 5 |
| An Comh. John Francis Flynn | 0 | | |
| An tUas. Colm Foley[4] | 2 | | |
| An Comh. Deirdre Forde | 1 | | |
| Sinead Hackett Uas. | 7 | | |
| Michelle Healy Uas. | 3 | | |
| An tUas. Gary Hurley | 7 | | |
| An tOllamh David Kerins | 6 | | |
| An Dr Heather Laird | 4 | | |
| Margaret Lane Uas. | 6 | | |
| An tUas. Colm Leen | 4 | | |
| An tOllamh Anita Maguire | 7 | | |
| An Dr Valerie Mannix Boyle | 7 | | |
| An Comh. Kieran McCarthy[5] | 0 | | |
| Rose McHugh Uas. | 6 | | |
| An Comh. Bernard Moynihan | 1 | | |
| An Comh. Jason Murphy | 1 | | |

[1] Ní chumhdaíonn an ceapachán ach cruinniú amháin sa tréimhse sin
[2] Ní chumhdaíonn an ceapachán ach dhá chruinniú sa tréimhse sin
[3] Ní chumhdaíonn an ceapachán ach cruinniú amháin sa tréimhse sin
[4] Ní chumhdaíonn an ceapachán ach cruinniú amháin sa tréimhse sin
[5] Ní chumhdaíonn an ceapachán ach cruinniú amháin sa tréimhse sin

**An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca – Freastal ón 01 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023.**

| *Ainm* | *An Líon Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu* |
|---|---|
| Rose McHugh (Cathaoirleach) | 11 |
| Cora O'Farrell | 8 |
| Adrian Wall (a d'éirigh as an 26 Meán Fómhair 2023) | 10 |
| Maeve Carton | 11 |
| Robert Cahill (a ceapadh an 06 Nollaig 2022) | 6 |
| Maura Quinn (a ceapadh an 04 Feabhra 2023) | 10 |
| Aidan O' Donnell (a d'éirigh as an 03 Feabhra 2023) | 7 |
| Terri Moloney (a ceapadh an 06 Nollaig 2022) | 6 |

Rinneadh gnéithe den chaiteachas Caipitil agus den chaiteachas Athfhillteach araon a thuairiscítear sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite seo a chistiú faoi cheann amháin nó níos mó de na cláir seo a leanas a riarann an tÚdarás um Ard-Oideachas iad:

Ireland's EU Structural Funds Programmes 2007 - 2013

Co-funded by the Irish Government and the European Union

EUROPEAN REGIONAL DEVELOPMENT FUND

HEA

Higher Education Authority
An tÚdarás um Ard-Oideachas

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science

An Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta
Department of Enterprise, Trade and Innovation

Science Foundation Ireland sfi For what's next

**Infheistíocht a Dhéanamh i do Thodhchaí**

**An Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal**
**(PRTLI)**

Déanann Rialtas na hÉireann agus an tAontas Eorpach an Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal a chomhchistiú faoi Chlár Cistí Struchtúracha an Aontais Eorpaigh-na hÉireann 2007 – 2013.